BIM
Ireland's Seafood Development Agency

Bord Iascaigh Mhara

# Tionscal Bhia Mara na hÉireann á Fhorbairt

# 2021

## Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais



20
21

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Ráiteas ón mBord** | **04** |
| **Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh** | **06** |
| **Inbhuanaitheacht** | **08** |
| **Iomaíochas** | **20** |
| **Scileanna** | **28** |
| **Nuálaíocht** | **38** |
| **Cás Staidéir CEMI** | **44** |
| **Rialachas Corparáideach** | **54** |
| **Ráitis Airgeadais** | **84** |
| - Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 86 |
| - Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 91 |
| - Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 95 |
| - Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | 96 |
| - Ráiteas maidir le Staid Airgeadais | 97 |
| - Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid | 98 |
| - Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 99 |

# Ráiteas ón mBord

Léiríonn an raon gníomhaíochtaí agus éachtaí atá gafa sa Tuarascáil Bhliantúil seo an obair iontach déanta ag BIM in 2021. Rud spreagúil atá ann an dul chun cinn suntasach a rinneadh i mbliana agus machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn dearfach a rinneadh ar fud na heagraíochta.

Bhí tionchar leanúnach ag srianta Covid-19 agus an phaindéim ar an dtionscal, go háitiúil agus go domhanda araon le linn 2021. Tháinig an fíorthionchar a bhaineann leis an mBreatimeacht chun cinn i mbliana fosta agus mothaíodh ar fud an tionscail ar fad é. Bhí tionchar leanúnach ag dianghlasálacha Náisiúnta agus ag srianta a bhain le gnólachtaí fáilteachais, go háirithe le linn na chéad choda den bhliain agus an chuid is mó de na margaí ag teacht chucu féin le linn na choda eile den bhliain. Níor tháinig an margadh Síneach ar ais chuig leibhéil 2019 ó thaobh luacha de fós, ach tá an fhéidearthacht ann d'fhás láidir breise sa mhargadh seo.

Tá an-tionchar Breatimeachta le bhrath fós, le hathrú mór ar shiúl ó thrádáil leis an RA. Tá athruithe struchtúracha suntasacha san earnáil bia mara ar fad mar thoradh ar chríochnú thréimhse Bhreatimeachta um tharraingt siar agus tabhairt isteach an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (TCA). Mar fhreagairt air seo, bhunaigh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD Tascfhórsa um Earnáil Bia Mara d'fhonn bearta a bhreithniú chun tionchar an comhaontú TCA ar earnáil na hiascaireachta agus pobal ar an gcósta a mhaolú.

Chabhraigh BIM le hobair an tascfhórsa ina raibh ionadaithe na bpáirtithe leasmhara tábhachtacha laistigh den earnáil, trí fheidhmeanna rúnaíochta agus taighde a chur ar fáil. Bhí 16 mholadh beartaithe sa Tuarascáil Deiridh, le ceanglas maoinithe féideartha foriomlán de díreach os cionn €423 milliún. Beidh ról lárnach ag BIM maidir leis na moltaí sa tuarascáil a chur i bhfeidhm. I ndiaidh dheireadh na bliana, seoladh an chéad scéim, atá dírithe ar tacaíocht a thabhairt d'earnáil iascaireachta intíre na hÉireann. Tá suas le 1,800 soitheach i dteideal a bheith cáilithe do dheontais a fháil, a dhéanfar iad a dháileadh ar chlár oiliúna spriocdhírithe a chur i gcrích.

**Chabhraigh BIM le hobair an tascfhórsa ina raibh ionadaithe na bpáirtithe leasmhara tábhachtacha laistigh den earnáil, trí fheidhmeanna rúnaíochta agus taighde a chur ar fáil. Bhí 16 mholadh beartaithe sa Tuarascáil Deiridh, le ceanglas maoinithe féideartha foriomlán de díreach os cionn €423 milliún.**

Bhí tionchar lóistíochta freisin ag an mBreatimeacht ar thrádbhealaí, mar tá bealaí dhroichead talún na Ríochta Aontaithe chuig mórthír na hEorpa níos neamh-oiriúnaí anois, go háirithe i dtaca le táirgí bhia mara úra. In ainneoin dhúshláin shuntasacha 2021, áfach, léirigh tionscal bia mara na hÉireann a athléimneacht leanúnach le linn na bliana, ag cur €1.26 billiún le geilleagar na hÉireann. Le linn 2021, tháinig fás ar onnmhairí 10% ar an mhéid agus 11% ó thaobh luacha de, agus thacaigh méideanna méadaithe de bhradán orgánach, ronnach agus cloicheáin bhá Bhaile Átha Cliath leis an leathnú.

Leanann an earnáil le fostaíocht suntasach a sholáthar, le breis agus 16,000 duine fostaithe go díreach agus go hindíreach i dtionscal bia mara. D'oibrigh BIM i gcomhpháirtíocht leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha ar feadh na bliana mar a leanamar de bheith ag cur le hobair chun todhchaí bia mara na hÉireann a thógáil ar bhealach inbhuanaithe, le tacaíocht ón bhfócas a bhí againn ar nuálaíocht. Soláthraíodh réimse seirbhísí a bhí ceaptha chun tacú le gnólachtaí ar fud an tslabhra soláthair agus ar fud na hearnálacha bia mara do chliaint, agus d'oibrigh BIM go dlúth le tionscal iascaireachta na hÉireann maidir le réitigh chaomhnaithe iascach a fhorbairt. In ainneoin na ndúshlán, tá BIM dírithe ar an bhfís atá againn go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le táirgí difreáilte ardluacha agus a fhreastalóidh ar an éileamh, atá ag dul i méid i gcónaí, le haghaidh bia mara atá folláin, sábháilte a tháirgtear go freagrach ar bhealach inbhuanaithe.

## Roinnt buaicphointí tábhachtacha

**16,430**

**Duine fostaithe san earnáil bia mara**

**€1.26 BILLIÚN**

**Cuireadh leis an ngeilleagar**

Leanann an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh de bheith ina ionstraim maoinithe thábhachtach chun an sprioc seo a bhaint amach, le breis agus €6.6 milliún ar fud réimse leathan tionscadail agus deontais sheachtracha de €10.4 milliún arna riaradh ag BIM in 2021. Ar feadh na bliana, scaip BIM faisnéis chuig páirtithe leasmhara trí raon seirbhísí, le fócas ar léargais a ghiniúint don earnáil bia mara chun a chur ar a gcumas a bheith níos iomaíche, go hoibríochtúil agus sa mhargadh araon. Cuireadh réimse leathan de chláir oiliúna agus scilbhisithe ar fáil ar fud gach gné de thionscal bhia mara na hÉireann, rud a thacaigh le hearnáil bia mara shábháilte ghairmiúil ar tonn agus ar tír araon.

Tá an Bord tiomanta do chreat rialachais chorparáidigh láidir i BIM, agus do chultúr ionracais a chothú chomh maith le hardleibhéil ráthaíochta a thabhairt dár ngeallsealbhóirí agus lean sé seo de bheith mar fhócas d'obair an Bhoird in 2021. Léiríonn na gníomhaíochtaí agus na héachtaí sa Tuarascáil Bhliantúil seo tiomantas agus díograis na foirne i BIM agus, mar Bhord, ba mhaith linn an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt do dhianobair leanúnach Jim O'Toole agus na foirne BIM ar fad le linn bliain dhúshlánach eile chomh maith lena dtiomantas i leith feabhas na seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

> "Léirigh tionscal bia mara na hÉireann a athléimneacht leanúnach le linn na bliana."

Gabhaimid ár mbuíochas le Cathaoirleach an Bhoird Kieran Calnan atá ag imeacht, as a chuid seirbhíse agus tiomantais mar Chathaoirleach BIM ar feadh roinnt blianta anuas, agus léirigh sé ceannaireacht thar barr ar an eagraíocht le linn na tréimhse. Ba mhaith ár mbuíochas a ghabháil freisin as an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, TD , chomh maith le hoifigigh na Roinne lena n-oibrímid ar bhonn rialta.

Bunchloch ár dtionscail is ea iascairí agus próiseálaithe na hÉireann. Bíonn siad ag obair go han-chrua d'fhonn táirgí bia mara inbhuanaithe den chéad scoth a chur ar fáil sa bhaile agus thar lear. Is cúis bhróid dúinn a thacú leo agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leo sa bhliain amach romhainn.

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

**D'ainneoin na ndúshlán iomadúil a bhí ag an tionscal in 2021, lena n-áirítear tionchar Covid-19 agus an Bhreatimeachta araon, d'aimsigh geilleagar bia mara bealaí chun nuáil - le bealaí chuig margaí nua agus fócas ar tháirgí níos luachmhara a mhéadú, chun cuid de na héifeachtaí a mhaolú.**

Tháinig fás ar luach na hearnála go dtí €1.26 billiún in 2021, agus onnmhairí suas 11% go dtí €679 milliún, an-éacht faoi mar a bhí cúrsaí. Bhíothas ag súil go mbeadh an chuid is measa den phaindéim thart in 2020, ach in ionad sin, cuireadh cuid de na srianta sláinte poiblí is déine ar domhan i bhfeidhm in Éirinn sna chéad chúig mhí de 2021, rud a raibh an-tionchar aige ar thionscal an fháilteachais agus seirbhísí bia – ceann criticiúil don earnáil bia mara.

Lean BIM lena hobair thábhachtach ag cur chun cinn, ag maoiniú, ag oiliúint agus soláthar saineolais ar feadh na bliana, ag cur go leor dár bpríomhchuspóirí i gcrích.

I mí Feabhra, chuir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue T.D., Tascfhórsa don Earnáil Bia Mara curtha ar bun le measúnú a dhéanamh ar bhearta chun tionchar na laghduithe ar sciar na gcuótaí éisc mar gheall ar Bhreatimeacht (a eascraíonn as an gComhaontú Trádála agus Comhair) ar Thionscal Iascaigh na hÉireann agus ar na pobail cois cósta a bhíonn ag brath ar an iascach a mhaolú.

Rinne an tascfhórsa sé mholadh déag, le ceanglas maoinithe féideartha foriomlán €423 milliún, ag tabhairt aitheantas d'uaillmhian earnáil bia mara agus na pobail áitiúla ina bhfuil an ghníomhaíocht lonnaithe. Mhol a chomhaltaí gur cheart go dtiocfadh maoiniú ó leithdháileadh Éireann faoin gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR), leis an iarmhéid ag teacht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF). Rachaidh BIM chun tosaigh leis na scéimeanna faoina bhfuil maoiniú ar fáil a riar.

Toisc go bhfuil méid na sonraí eacnamaíocha i ndiaidh fáis, thosaigh BIM ag forbairt stór sonraí amháin chun tuairisciú éigeantach a éascú de réir EU-MAP chomh maith le heolas a thagann ó na sonraí seo a roinnt go héifeachtach éifeachtúil leis an tionscal bia mara.

In 2021, rinneamar suirbhé nua ar líne agus bunachar sonraí a fhorbairt don earnáil ghabhála, lena n-áirítear na hearnálacha intíre agus amach ón gcósta araon. Le maoiniú ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), tá an tionscadal seo i ndiaidh saoráid um bhailiúchán fhaisnéis ar líne nuálach a sholáthar a bhfuil acmhainn aici comhcheangail le córas CRM de chuid BIM, agus a bhíonn mar bhunachar sonraí a chlúdaíonn staitisticí iascaigh tábhachtacha, agus aschuir tuairiscithe ar shonraí.

San iomlán, rinneadh 44 tionscadal inmheánach a thacú ag maoiniú CEMI anuraidh, a bhí de luach thar €6.3 milliún ina n-iomláine. Leagtar béim leis seo ar cé chomh tábhachtach agus atá na tacaíochtaí AE seo chun forbairt leanúnach agus inbhuanaitheacht na hearnála bia mara Éireannaí a chinntiú.

In 2021, d'oibrigh BIM le páirtithe leasmhara i sé Thionscadal um Fheabhsú Iascach (FIP) braislí de ghnólachtaí a bhaineann le soithí iascaireachta, comharchumainn iascairí, próiseálaithe, miondíoltóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta chun cumarsáid agus tuiscint ar riachtanais inbhuanaitheachta sa slabhra soláthair a fheabhsú.

Aithnítear FIPanna ar fud an domhain mar mhodh chun gníomhaíochtaí intomhaiste a aithint agus a chur in iúl chun feabhas a chur ar bhainistiú agus ar inbhuanaitheacht na n-iascach. Thacaigh an clár 2021 le dul chun cinn an phlean oibre a bhí ag naoi FIP in Éirinn: portán dearg, cloicheán, colmóir, cadóg, faoitín, crothóg dhubh, anglait, scoilteán agus tuinnín colgach. Ar fud na naoi FIP in 2021, cláraíodh 450 soitheach, chomh maith le níos mó ná 30 próiseálaí, gníomhairí díolacháin, comharchumainn agus miondíoltóirí.

## Roinnt buaicphointí tábhachtacha



**€590 Milliún** **d'onnmhairí bhia mara na hÉireann**

Leanamar le ceannaireacht a thabhairt maidir le tionscnaimh inbhuanaitheacha amhail deimhniú bia mara, rud atá an-tábhachtach chun rochtain ar mhargaí a choinneáil go náisiúnta agus go domhanda. In 2021 rinne BIM caighdeán bia mara inbhuanaitheachta comhtháite a dhréachtú, a dhéanfar é a thriail ar bhonn treoirscéime le tionscal in 2022, leis an sprioc chun branda Éireannach de bhia mara inbhuanaitheach a chruthú. Thacaigh Tionscnamh na nAigéan Glan le sé phlean um bainistíocht dramhaíl cuain a fhorbairt do phoirt in 2021.

I mí an Mhárta 2021, d'fhoilsigh BIM a léargas bliantúil ar earnáil bia mara na hÉireann, an tuarascáil The Business of Seafood. Tugann an foilseachán seo achoimre ar na príomhstaidrimh eacnamaíocha agus táscairí d'earnáil bia mara na hÉireann maidir le réimse ábhar lena n-áirítear táirgeadh, fostaíocht agus luach an tionscail bia mara do mhórgheilleagar na hÉireann.

San iomlán, ardaíodh luach na hearnála don gheilleagar go dtí €1.26 billiún, suas ó €1.09 billiún in 2020. Is é sin an luach is airde ó 2016 agus léiríonn sé fás san OTI de 15.3% i gcomparáid le 2020. Ba iad onnmhairí a bhí taobh thiar de seo le hardú luacha 11% go dtí €679 milliún in 2021.

Bhí BIM fós dírithe ar nuálaíocht in 2021 agus lean leis an obair i gcomhar le meithleacha tionscail agus le cohórt eile teicneolaíochta éiritheacha, teicneolaíocht an airgeadais agus gnólachtaí innealtóireachta a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa Stiúideo Nuálaíochta is déanaí. D'oibríomar freisin le páirtithe leasmhara san earnáil pheiligeach chun teicneolaíochtaí oiriúnacha a aithint agus a thástáil le haghaidh toirteanna móra iasc a reo agus a leá, a mbeidh acmhainneacht acu roinnt réiteach a chur ar fáil do phróiseálaithe. Lean ár Mol Nuálaíochta Bia Mara lena obair thábhachtach le cliaint ar thionscadail atá dírithe ar fhorlíontáin luacha agus laghduithe ar chostais trí éifeachtúlachtaí nuálacha.

Chuir Aonad Scileanna BIM tús le tionscadal oideachais dhigitigh shuntasaigh i rith na bliana, a dhéanfaidh tuilleadh forbartha ar a straitéis oideachais dhigitigh fhadtéarmaigh, cumas na foirne chun ábhar ar líne a fhorbairt agus a sholáthar a thógáil, agus réimse cláir a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ag baint úsáid as Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) CANVAS de chuid BIM.

Roghnaíodh sé mhodúl foghlama le haghaidh foghlaim chumaisc ar dtús agus tá obair idir lámha ó 2021 le hábhar digiteach a phleanáil agus a chruthú.

Tá formheas agus maoiniú faighte againn freisin le haghaidh saoráid oiliúna nua-aimseartha gairmiúil maidir le teacht slán ar an bhfarraige i gColáiste Iascaigh Náisiúnta na hÉireann de chuid BIM i gCaisleán Nua, Co. Dhún na nGall. Táthar ag súil le críoch agus lainseáil an tionscadail ag deireadh 2022.

Choimisiúnaigh an eagraíocht staidéar in 2021 chun tuilleadh tuisceana a fháil ar iascairí agus a dearcthaí maidir le teacht slán ar an bhfarraige agus chun eolas a dhéanamh do sheachadadh oiliúint agus chun feachtas cumarsáide a chuirfidh béim ar theacht slán ar an bhfarraige a threorú.

Tríd is tríd, bliain ghnóthach agus táirgiúil a bhí inti agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann BIM uile as ucht a ndícheall a dhéanamh arís eile – tháirg bhur n-obair chrua torthaí an-suntasacha.

Ba mhaith liom freisin m'fhíorbhuíochas a ghabháil leis an mBord agus iar-Chathaoirleach as ucht a gcuid tacaíochta, díograis agus comhairle ar feadh na bliana.

**Jim O'Toole**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**



# Inbhuanaitheacht





Tá BIM ag treorú agus ag forbairt thodhchaí bhia mara na hÉireann go hinbhuanaithe agus táimid tiomanta do dhifreáil éifeachtach agus cáilíochtaí timpeallachta a léiriú.

## Caomhnú Iascach

In 2021, D'oibrigh BIM go dlúth le tionscal iascaireachta na hÉireann ar réitigh caomhnaithe iascaigh a fhorbairt faoi raon tionscadal CEMI.

Cabhraíonn laghdú ar ghabhálacha de thaisme nó ar fhoghabháil trí bheith ag iascaireacht níos roghnaithí le bithéagsúlacht mhuirí a chosaint agus le hinbhuanaitheacht iascaigh a fheabhsú. Ina theannta le bithéagsúlacht a fheabhsú, íslíonn laghdú ar thionchar trealaimh iascaireachta ar an ngrinneall astaíochtaí carbóin trí laghdú ar úsáid breosla agus trí chur isteach níos lú ar dhríodair agus ar stóir charbóin.

Forbraíodh trál ceithre phainéal núíosach mar chuid den obair ar threalamh iascaireachta, le codanna fairsinge mogaill mhóir a chuidíonn le foghabháil agus úsáid breosla a laghdú san iascach chloicheáin bhá Bhaile Átha Cliath nó Nephrops.

Tháinig feabhas as cuimse ar roghnaíocht cadóg, spriocspeiceas tábhachtach san iascach líon saighne Éireannach i ngeall ar mhála bailithe éisc ceithre phainéal nó póca nuacheaptha. Déileáladh go héifeachtach le gabhálacha de thaisme trí thrál déphóca a thriail ar meánna Árainn na Gaillimhe agus d'éirigh leis cainníochtaí, caighdeáin agus am sórtála maidir le héisc agus Nephrops inmhargaidh a optamú.

D'éirigh le measúnú eolaíoch a dhéanamh ar mharthanas roc súildubh tar éis gabháil in iascach tráil grinnill ar an gcé Dhún Laoghaire. Cuirfear na torthaí le comhairle bainistíochta an AE maidir le sciataí agus roic atá íogair ó thaobh na bitheolaíochta de.

Agus ag cur chun cinn an mhodheolaíocht a úsáidtear le measúnú eolaíocht ar threalamh nua a dhéanamh, foilsíodh doiciméad faoi cheannas BIM dar teideal Match of the Day: optimised experimental design in alternate-haul gear trials san Iris Eolaíochta Mhuirí de chuid an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES).

Tá ról atá ag éirí níos tábhachtaí ag teicneolaíochtaí nua maidir le réitigh chaomhnaithe a fhorbairt agus sa chomhthéacs seo, d'éirigh le BIM uirlis íomhanna sonóir taobhscanta cumhachtach nua a fhorbairt le haghaidh measúnú gasta ar threalamh a laghdaíonn tionchair ar an ngrinneall.

D'éirigh le soilse glasa LED gabháil iasc nach bhfuiltear ag díriú orthu a chosc in iascach trál grinnill sa Mhuir Cheilteach.

Cuireadh dhá bheart caomhnaithe nua le reachtaíocht iascaigh an AE: póca nua a dhéanann roghnaíocht iasc i Muir Éireann a fheabhsú, agus cead chun leathóga ar rugadh orthu sa tsaighean a chur ar ais san fharraige i ndiaidh gur léiríodh rátaí arda slánaithe.

Leis sin tá líon iomlán na mbeart caomhnaithe iascaigh BIM atá curtha i bhfeidhm go dleathach chuig 11 ó 2019.





## Iascaigh Chladaigh

Tá breis agus 1700 soitheach níos lú ná 12 mhéadar ar fhad, ag obair laistigh de 12 mhuirmhíle ón gcósta. Oibríonn 100 soitheach eile nó mar sin agus iad níos mó, suas go dtí 18m ar fhad, sa cheantar seo. Díríonn na soithí seo go príomha ar sliogéisc amhail gliomaigh éisc agus portáin donn ag baint úsáid as potaí. Beirtear ar iasc geal agus ronnach fosta ar bhonn níos lú ag úsáid eangaí, duán agus doruithe. I ngeall ar cé chomh garbh agus atá bord farraige an iarthair agus an deiscirt agus na meánna níos forleithne ann atá oiriúnach do speiceas sliogéisc, bíonn an chuid is mó de shoithí ag oibriú amach ó go leor céanna agus cuanta beaga ar feadh an chósta seo.

I gcodarsnacht leis sin, tá líon réasúnta beag cuanta ar an gcósta thoir agus gan ach meánna beaga oiriúnach do ghliomaigh agus portáin, agus líon níos lú de shoithí anseo. Mar thoradh air sin, bíonn go leor ag iascaireacht speiceas mar scian mhara agus breallaigh ina n-ionad sin. Leis na sé Fhóram Réigiúnacha Iascaigh Chladaigh (RIFF), cuirtear ardáin ar fáil don phlé agus don dul chun cinn maidir le saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an earnáil.

In 2021, i ngeall ar an Bhreatimeacht agus tionchar leanúnach phaindéim Covid-19 ar earnáil bhia mara na hÉireann bunaíodh an Tascfhórsa Bia Mara, a raibh ról tábhachtach ag an bhFóram Náisiúnta Iascaigh Chladaigh (NIFF) ann ag tacú leis an earnáil. Ag tacú leis an obair seo, tháinig na RIFFanna le chéile níos minice ná riamh le cinntiú go gcuirtear i láthair ionchur ón earnáil iascaigh chladaigh - d'obair an Tascfhórsa - i mbealach éifeachtach.

## Stoic Inbhuanaithe Ghliomach

Is é aidhm na Scéime V-Eangúcháin feabhas a chur ar inbhuanaitheacht iascaigh ghliomaigh na hÉireann trí ghliomaigh bhaineanna a chosaint ionas gur féidir leo síolrú roinnt uaireanta sula mbainfear iad. Tugann iascairí tráchtála gliomaigh bhaineanna, ag a bhfuil uibheacha, a dtagann siad orthu agus iad ag iascaireacht, faoin tír le haghaidh v-eangúcháin déanta ag lucht de chuid BIM. Mar chuid den phróiseas seo, gearrtar eang, i gcruth 'v', ar eireaball na ngliomach baineann agus cuirtear ar ais san fharraige ansin iad le síolrú. Tugann an lorg seo cosaint dlíthiúil don ghliomach; ní féidir é a thabhairt i dtír, a iompar nó a dhíol agus ní mór é a chur san fharraige má bheirtear air arís.

Maireann an v-eangú ar feadh trí fholadh de ghnáth agus ligeann sé don ghliomach sceitheadh gach dara bliain, suas le sé bliana i ndiaidh v-eangúcháin. Ba bhliain iontach rathúil í 2021 le leibhéal gníomhaíochta nach bhfacthas riamh, tar éis deacrachtaí 2020 a bhain le Covid-19 agus margaí curtha in aimhréidh. Tugadh tacaíocht ar luach €332,500 milliún é do 75 tionscadal a bhain leis an v-eangúchán i ngliomaigh. Marcáladh agus scaoileadh 33,904 gliomach san iomlán, dar meáchan 24,282kg, chun an stoc pórúcháin a fheabhsú. Acmhainn sceite 254 milliún larbha gliomach is ea scaoileadh na bliana 2021, rud a chaillfí ar an stoc thart ar chósta na hÉireann murach sin.



## Clár um Fheabhsú Iascaigh

Aithnítear Tionscadail Fheabhsaithe Iascaigh (FIPS) ar fud an domhain mar bhealach chun gníomhaíochtaí intomhaiste a shainaithint agus a chur in iúl le bainistíocht agus inbhuanaitheacht iascaigh a fheabhsú.

Thacaigh an clár 2021 le dul chun cinn an phlean oibre a bhí ag naoi FIP in Éirinn: portán dearg, cloicheán, colmóir, cadóg, faoitín, crothóg dhubh, anglait, scoilteán agus tuinnín colgach. Ar fud na naoi FIP in 2021, cláraíodh 450 soitheach, chomh maith le níos mó ná 30 próiseálaí, gníomhairí díolacháin, comharchumainn agus miondíoltóirí.

Rinne baill FIP, ag obair le Foras na Mara (MI) an clár féinsamplála maidir le tuinnín colgach agus cloicheán a neartú. Chabhraigh sé seo leis an easnamh (mar gheall ar Covid-19) maidir le turais bhreathnóra a dhéanann Foras na Mara a shlánú. Le linn na bliana chomhoibrigh baill an FIP a bhaineann le portáin ar bhaoite difriúil san iascach cuachmaí (a úsáideann portán dearg mar bhaoite) d'fhonn brú a laghdú ar stoic portán.

## Clár um Fheabhsú Inbhuanaitheachta

Ag cur leis na caidrimh a forbraíodh i ngrúpaí ar feadh slabhraí soláthair ball FIP in 2021, tá clár um fheabhsú inbhuanaitheachta BIM ceaptha chun feasacht próiseálaithe a fheabhsú maidir le riachtanas an mhargaidh foinsiú freagrach a léiriú mar ghníomh dearfach inbhuanaitheachta dá ngnólacht.

In 2021, d'oibrigh BIM le páirtithe leasmhara i sé bhraisle gnó FIP a bhaineann le soithí iascaireachta, comharchumainn iascairí, próiseálaithe, miondíoltóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta chun cumarsáid agus tuiscint ar riachtanais inbhuanaitheachta sa slabhra soláthair a fheabhsú. Rinneadh treoirscéim teicneolaíochta um inrianaitheacht digiteach (blocshlabhra) a tugadh isteach den chéad uair in 2019, a chuireann slabhra coimeádta ar fáil maidir le bia mara a fuarthas ag an FIP, a leathnú chuig sé thionscadal taispeántais le conairí slabhra soláthair tráchtála chuig seilf miondíola na hÉireann. I ngeall ar an slabhra coimeádta seo tháinig feabhas ar mhuinín i mbunáitíocht bia mara na hÉireann agus rinne sé rochtain a choinneáil trí riachtanais foinsithe na miondíoltóirí tábhachtacha sa mhargadh a shásamh.

## Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh

Tionscnamh forbartha pobail cois cósta is ea an Clár Grúpaí Gníomhaíochta Limistéir Áitiúil Iascaigh (FLAGanna) le ciste de €12 milliún ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) le dáileadh, le tacaíocht ó BIM, ag seacht bpobal chósta ainmnithe in Éirinn. Ba í 2021 an bhliain dheireanach den chlár faoi CEMI agus mar gheall air sin bhí na buiséid a bhí fágtha faoi theorainn. Bhí go leor tionscadal neamhchistithe ag cúig as na seacht FLAG óna n-iarratais 2020 agus bhí siad in ann a mbuiséid a úsáid go hiomlán trí roghnú a dhéanamh orthu sin. Ní raibh go leor tionscadal neamhchistithe 2020 ar láimh ag dhá cheann de na FLAGanna, chun an buiséad 2021 a bhí ar fáil a úsáid agus bhí glaoigh teoranta d'iarratais acu ag deireadh na bliana 2020, le próiseas roghnaithe go luath in 2021 .

Rinneadh cúnamh ó dheontais de luach níos mó ná €1.8 milliún thar 119 dtionscadal a eisíoc faoin gclár FLAGanna in 2021. Áirítear orthu sin roinnt tionscadal ó 2020, a raibh moill ag baint leo mar gheall ar an bpaindéim agus críochnaíodh iad in 2021. Thacaigh sé seo le hinfheistíocht iomlán de bhreis ar €3.6 milliún i bpobail ar an gcósta ar fud na hÉireann.

## Clean Oceans Initiative

Tá plaisteach i gcomhshaol na mara fós mar ábhar imní san earnáil bia mara agus don phobal araon. Mar pháirt den Tionscnamh na nAigéan Glan, baineadh breis agus 180 tona de bhruscar muirí ag iascairí deonacha agus oibreoirí dobharshaothraithe in 2021.

Is í an sprioc dheiridh ná truailliú na n-aigéan le plaisteach a chosc. Chuaigh BIM i dteagmháil le hoibreoirí calafoirt maidir le saoráidí do bhruscar muirí a chur ar fáil agus pleananna bainistithe dramhaíola calafoirt a fhorbairt roimh an treoir nua i dtaca le saoráidí glactha calafoirt. Reáchtáladh seimineár gréasáin náisiúnta chun faisnéis a scaipeadh agus soláthraithe trealaimh tráchtála a chur ar an eolas faoi fhorbairtí na treorach ar phlaistigh aon úsáide faoin gcoincheap maidir le samhail geilleagair chiorclaigh le haghaidh iascaireachta agus plaistigh dhobharshaothraithe a fhorbairt. Thacaigh Tionscnamh na nAigéan Glan, arna gcistiú ag CEMI, le sé phlean um bainistíocht dramhaíl cuain a fhorbairt do phoirt in 2021. Cuireadh ceithre thuarascáil theicniúla ar fáil le linn na bliana: maidir le roghanna bainistithe dramhaíola i dtaca le trealamh iascaireachta curtha as feidhm, an slabhra soláthair trealaimh iascaireachta a mhapáil, sreabha bainistithe dramhaíola i gcalafoirt a mheas agus a indéanta atá sé sonraí a bhailiú ar threalamh atá curtha as feidhm.

## Suirbhé ar Shíol-diúilcíní

In 2021, rinne soitheach suirbhé cladaigh BIM, M.V. T. Burke II, suirbhéireacht ar feadh 46 lá, ag clúdach breis agus 4,500 heicteár.

Aimsíodh ceithre lonnú síol-diúilicíní idir Cheann Chill Mhantáin agus Ros Láir, le lorg iomlán thart ar 210 heicteár. Ag baint úsáid as modheolaíocht na suirbhéanna bithmhaise a glacadh léi in 2020, a chuireann sonraí níos cruinne ar fáil, measadh go raibh ar a laghad 9,150 tona mhéadracha síol-diúilicíní ar fáil le haghaidh a dtrasphlandaithe ag earnáil na ndiúilicíní a bhfástar ar ghrinneall na farraige.

Mar a tharla in 2020, rinneadh suirbhé iar-iascaigh ar an dá phríomhlonnaíocht. Aimsíodh gur fágadh thart ar 840 tona síl ar ghrinneall na farraige idir an dá leaba. Bailíodh 279 samplaí alpaire agus 210 tarraingt dreideála san iomlán le linn an tséasúir suirbhéireachta. Ina theannta sin agus mar a thagraítear san obair um Chaomhnú Iascaigh (leathanach 10 na tuarascála seo) úsáideadh soitheach suirbhéireachta fosta le linn trialacha trealaimh roghnaithe i mí an Mheithimh. Bailíodh íomhánna fuaimchiaptha de threalamh trálaerachta ag úsáid sonóir taobhscanta. Tugann na híomhanna sin taispeántas fíor-ama ar an trealamh iascaireachta ar ghrinneall na farraige do na hiascairí, rud a ligean do choigeartú ar shocruithe eangach ar an láthair.

## Dúshlán Mara

Tá earnáil saothraithe bradán in Éirinn ag éirí roinnt dúshlán éagsúil a shárú, den chuid is mó mar gheall ar choinníollacha comhshaoil ag athrú. Bíonn na dúshláin éagsúla seo ann ag gach chéim den phróiseas táirgthe agus is éard is cúis leo go ginearálta ná galair a bhíonn ann go nádúrtha, seadáin, nó planctón.

In 2021, chuir BIM tionscadal dúnta srianta ar bhrainlín i gcrích le fáil amach na tionchair a bhainfeadh leis na dúshláin a laghdú trí chosaint a dhéanamh ar na héisc nua-aistrithe seo go díreach isteach i loca dúnta ar an bhfarraige. Rinneadh cóireáil ar an uisce cuaisín ag úsáid scagachán meicniúil agus solas ultraivialait. D'fhás na héisc go rathúil le linn na trialach agus baineadh iad ón gcóras tar éis cúig mhí.

Bhain na trialacha snorcail úruisce - a léirigh go snámhann úruisce ar bharr sailíne – úsáid as 50% níos lú uisce ná sna blianta roimhe sin. D'fhan na leibhéil shalandachta faoi chúig chuid in aghaidh an mhíle agus ciallaíonn táscairí leasa, lena n-áirítear leibhéil míolta mara, gur mór an féidearthacht atá ann do thráchtálú in 2022. Rinneadh na láithreacha thionscal a aithint do na trialacha seo cheana.

D'éirigh go han-mhaith le feidhmiú céimneach baoithe sonraí. Bhain sé leis na comhlachtaí saothraithe bradán ar fad ag obair chun baoithe a úsáid agus sonraí a ghabháil a chuimsíonn tóireadóirí a chalabrú chomh maith le sonraí maidir le caighdeán an uisce bonnlíne a ghabháil amhail ocsaigin, salandacht, teocht, clóraifill agus moirtiúlacht. Agus an iliomad córas ar feadh chósta na hÉireann, féadann an tionscal agus BIM tús a chur le coinníollacha comhshaoil a rianú agus iad ag bogadh ar feadh an chósta.

Chuaigh an chuirtín de bholgáin aeir, a cheaptar chun balla uisce tonnadh aníos a chruthú d'fhonn fíteaplanctón agus zóplanctón a chosc ó dhul isteach, chuaigh sé faoi leaganacha éagsúla maidir lena cheapadh chun éifeachtúlacht faoi choinníollacha a bhaineann le saothraíocht na mara Éireann a bharrfheabhsú. Measadh gur riachtanach córas múrála a fháil a bheadh neamhspleách ó na locaí saothraithe bradán chun cumasú le gnáthoibríochtaí saothraíochta láithreáin a leanúint ar aghaidh mar is gá. Cuid chriticiúil laistigh de na trialacha seo ná éifeachtúlacht a bharrfheabhsú trí na braiteoirí fíor-ama a úsáid chun na cuirtíní de bholgáin aeir a feidhmiú. Rinneadh leibhéil ghníomhaíochta a chinneadh agus éifeachtúlachtaí breise le cur i bhfeidhm in 2022.

## Dobharshaothrú Fionnuisce

Thacaigh BIM leis an earnáil dobharshaothraithe fionnuisce trí réimse cláir agus tionscnamh nuálaíocha in 2021. Leanann an tionscadal SALMSON a oibrítear ag an tsaoráid fionnuisce de chuid Foras na Mara ag Baile Uí Fhiacháin, Co Mhaigh Eo de bheith ag déanamh imscrúdú ar fhéidearthacht theicniúil agus airgeadais maidir le brainlín bradáin a fhás i gCórais Dobharshaothraithe Athshruthaitheacha (RAS) agus iad a aistriú chuig an fharraige ag méid níos mó. Feidhmíonn RAS trí uisce a scagadh ó na tancanna ionas go bhféadfar é a athúsáid, agus leis sin, ag laghdú an méid uisce nó spáis de dhíth le héisc a tháirgeadh.

Bhain brainlíní S1 – a bhfuil samhradh amháin d'fhás acu - a táirgeadh ag an tsaoráid Bhaile Uí Fhiacháin suas go 350g ó thaobh méide de roimh aistriú agus táthar ag déanamh anailís ar fheidhmíocht ar an bhfarraige dá dhroim chun bainistíocht táirgeachta an tionscail a chur ar an eolas. Roinneadh míonsonraí a bhaineann le dul chun cinn an tionscadail go dtí seo trí mheithleacha an tionscail agus comhcheardlann BIM/MI d'earnáil an bhradáin.

Leanamar de bheith ag obair le hinstitiúidí tríú leibhéal chun taighde a dhéanamh ar phríomhlimistéir spéise don earnáil. Rinne comhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT) imscrúdú ar bhithleigheasachán feabhsaithe ag láithreáin fhionnuisce agus reachtaíocht chomhshaoil níos déine á cur i bhfeidhm.

Dhírigh obair i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain (AIT) ar úsáid algaí chun bhithleigheasachán a dhéanamh ar dhramhaíl ó fheirmeacha fionnuisce. Rinneadh feabhsúchán agus nuachóiriúchán suntasach a mhaoiniú agus a mhaoirsiú ar láithreáin fionnuisce agus an earnáil ag ullmhú don todhchaí. Tá iniúchadh breise déanta ag an tionscadal OASIS maidir le dobharshaothrú ar lagphortaigh agus tailte móna agus táirgeadh tráchtála ros uisce mar fhoinse próitéine malartaí.

## Athbhreithniú ar Theicneolaíocht Fearachais Oisrí

Rinneadh athbhreithniú deisce a choimisiúnú ar theicneolaíocht fearachais oisrí atá in úsáid go domhanda le linn na bliana.

Ba é cuspóir na tuarascála seo ná nuálaíochtaí a aithint ar féidir leo roinnt saincheisteanna inbhuanaitheachta tábhachtacha don earnáil. Áirítear orthu sin an riosca atá ann le bruscar muirí a ghiniúint, ábhair eile a chur in áit plaisteach aon úsáide agus toradh in aghaidh an heicteáir a uasmhéadú. Rinneadh sonraíochtaí struchtúrtha, costais chaipitiúla, tionchar ar riachtanais saothair chomh maith le hacmhainn caighdeáin a fheabhsú a mheas.

Cuirfear torthaí an athbhreithnithe seo ar fáil do ghníomhaireachtaí tionscail agus comhpháirtíochta agus beidh siad mar chabhair leis an earnáil a stiúradh i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus an airgeadais de sa todhchaí.

## Feabhsú Stoic Oisrí Dúchasacha

Bhí BIM ag forbairt úsáid teicnící dobharshaothraithe chun stoic fhiáine d'oisre Eorpach coiteann a fhorlíonadh ar feadh roinnt blianta. Tá tábhacht ag baint leis an speiceas seo toisc go mbíonn sceireacha oisre dúchasacha mar bhonn taca do sheirbhísí tábhachtacha lena n-áirítear cosaint an chósta, ceapadh carbóin, scagadh uisce agus limistéir iasclainne do tháirgeacht iascaigh níos leithne.

Rinneadh monatóireacht mhíosúil a chomhordú ar cheithre láithreán i gCuan Mó ar feadh 2021, le hionchur luachmhar ó chomhaltaí den Chomharchumann Oisrí Chuan Mó agus a dteaghlaigh. Bailíodh sonraí maidir le fás agus marthanas an larbha oisre saothraithe a táirgeadh in 2019 agus an larbha oisre fhiáin araon suite ar bhlaosc oisre síonchaite ó fheirmeacha oisre áitiúla agus scaipthe ar láithreáin roghnaithe in 2020. Cuireadh na sonraí seo ar aghaidh chuig Foras na Mara le haghaidh anailíse.

Léiríodh rialú teochta chun tacú le marthanas i locháin larbhaí agus rinneadh suas go dtí 12 milliún larbha suite a thaifeadadh i Meán Fómhair 2021. Féadann marthanas tar éis dóibh a bheith suite áfach, a bheith chomh híseal le 15% nuair a aistrítear iad chuig leapacha fiáine agus iasclanna idirthaoideacha, díreofar obair sa todhchaí mar sin ar an chéim seo de thimthriall fáis a fheabhsú.



## CLAMS

Tionscnamh seanbhunaithe náisiúnta is ea Córas Comhordaithe Bainistíochta an Dobharshaothraithe Áitiúil (CLAMS) a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe an dobharshaothraithe i mbánna timpeall an chósta.

Déanann coiste feidhmiúcháin náisiúnta, a bhfuil ionadaithe ó BIM, dobharshaothrú IFA, Foras na Mara agus Údarás na Gaeltachta mar chuid de, comhordú ar CLAMS ar bhonn náisiúnta. Is é BIM cathaoirleach an choiste sin. Ar bhonn áitiúil, is córas é lenar féidir oibreoirí dobharshaothraithe teacht le chéile agus tionscadail chomhordaithe réamhghníomhacha a chur le chéile.

Ag cur le tionscnaimh chun an tionscadal a athfhuinnmhiú in 2020, chríochnaigh BIM cúig cheantar eile in 2021 lena n-áirítear Trá Bhréige, i gCo Dhún na nGall, Loch na dTrí gCaol i gCo Chiarraí, Bá Bheanntraí/Dhún Mánais i gCo Chorcaí agus Dún Garbhán i gCo. Phort Láirge.

D'aithin na pleananna áitiúla seo cúig ghníomh tosaíochta i ngach ceantar ar féidir le táirgeoirí agus gníomhairí Stáit obair a dhéanamh le chéile chun torthaí dearfacha a bhaint amach don earnáil. Mar thionscnamh arna maoiniú ag CEMI, déanann siad feasacht a chomhtháthú agus a fhorbairt maidir le beartais náisiúnta agus beartais an Aontais Eorpaigh atá ann agus atá ag teacht chun cinn i réimsí an chomhshaoil, slándáil agus sábháilteacht, rochtain ar spás agus bithshlándáil.



## SUMS

Soláthraíonn scéimeanna um Marcáil Aontaithe Inbhuanaithe (SUMS) loingseoireacht agus sábháilteacht níos fearr do gach úsáideoir de chuid na mara i gceantair ina bhfuil an dobharshaothrú ag feidhmiú in éineacht le húsáideoirí eile.

Marcálann scéimeanna marcála SUMS na teorainneacha a ghabhann le ceantair táirgthe dobharshaothraithe le níos lú marcanna, ag a bhfuil ardchaighdeán agus tréimhse fhada saoil chun éifeachtúlacht a bhaint amach do na táirgeoirí agus córas á chruthú ar féidir mairnéalaigh é a thuiscint go héasca agus a laghdaíonn tionchar fisiúil na marcanna.

In 2021, rinneadh cigireachtaí rialta ar gach Scéim um Marcáil Aontaithe Speisialta (SUMS) chun loingseoireacht shábháilte a chinntiú agus rinneadh cothabháil agus marcanna nua nuair a bhí gá leis. Críochnaíodh scéimeanna nua in Róncharraig, Co. Chorcaí, Cinn Mhara agus Baile na Coille, Co. na Gaillimhe agus i bPoll na nOisrí, Co. an Chláir agus cuireadh tús le hobair in Aird Bhéarra, Co na Gaillimhe. Leathnaíodh SUMS chun láithreáin nuacheadúnaithe i gCill Ala agus Cuan Mó a chur san áireamh i gCo Mhaigh Eo.

## Forbairt Feamainne

Rinneadh athbhreithniú straitéiseach ar an earnáil feamainne saothraithe a choimisiúnú le linn na bliana. Molann sé go leor beart ar chóir a dhéanamh sna deich mbliana atá amach romhainn chun chabhrú leis an earnáil dul san iomaíocht níos mó go hidirnáisiúnta.

Ar na gníomhaíochtaí tosaíochta tá:

- ag spreagadh sealbhóirí ceadúnais neamhtháirgiúla tús a chur le feamainn a shaothrú
- an earnáil a neartú trí shaothróirí nua a mhealladh
- ag fáil faisnéis margaidh ábhartha ar fheamainn le húsáid i mbia
- clár oibre taighde náisiúnta ar fheamainn a dheimhniú agus a mhaoiniú
- comhoibriú a spreagadh idir saothróirí chun faisnéis, fios-gnó agus trealamh a roinnt
- Saoráid gorlainne a bhunú a bheidh in ann feidhmiú i mbealach atá ag teacht le dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Mar chuid den tionscadal Seirbhísí Forbartha Feamainne bhí forbairt leanúnach ar theicnící saothráin feamainne doinne agus deirge a bhfuil leas tráchtála ag gabháil leo. Bhí Meantóireacht an Tionscail ina páirt lárnach den chlár oibre 2021 agus cuireadh i gcrích í i gcónaí faoi réir na dTreoirlínte Sláinte Poiblí a bhí i bhfeidhm ag an am. Tugadh faoi tionscadal chun teicnící saothraithe na feamainne deirge Asparagopsis armata, sa ghorlann agus ar an bhfarraige araon.



### Ardán Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Dhobharshaothrú na hÉireann (IATiP)

Ullmhaíodh agus cuireadh chuig BIM plean gnó inar leagadh amach cásanna maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí don Ardán Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Dhobharshaothrú na hÉireann 2021 (IATiP) le linn na bliana.

Déanann IATiP malartú faisnéise a éascú, aistriú eolais a thacú, agus gníomhaíocht chomhchoiteann a spreagadh san earnáil dobharshaothraithe na hÉireann. Tá ionadaithe ó na príomhearnálacha dobharshaothraithe in Éirinn mar chomhaltaí ann, chomh maith le gníomhaireachtaí Stáit iomchuí, soláthraithe teicneolaíochta agus gníomhaireachtaí taighde.

Ardán scáthánach is ea é IATiP ar Ardán Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Dhobharshaothrú na hEorpa (EATiP) agus tá nascanna bunaithe le hardáin scáthánacha comhchosúla i dtíorthaí Eorpacha eile. Rinneadh cás-staidéir a ullmhú ar obair SAIC (Albain), BaMS (Iarthar na Gearmáine), Aquimer (an Fhrainc), agus Dobharshaothrú Flóndrais (an Bheilg)) le linn na bliana. Tá 39 agallamh taifeadta ag an ardán IATiP (www.iatip.ie) le nuálaithe ag obair sa réimse dobharshaothraithe as áiteanna ar fud na hEorpa agus na hÉireann ar mhian leo a smaointí a léiriú don earnáil in Éirinn.

Aithníodh breis agus 300 gnó ó cheithre Ardrúnaíocht Braisle Dobharshaothraithe na hIorua (NCE Seafood Innovation, Biotech North, NCE Aquatech, Stiim Aqua). Aithníodh 67 astu mar 'ábhartha' nó 'gealladh faoi' agus cuireadh iad i láthair do shaineolaithe teicniúla chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh oiriúnach agus a bheadh siad d'Éirinn. Aithníodh sé déag acu mar a bheith an-seans acu agus gur gá obair leantach a dhéanamh ina leith.

### Scéimeanna BIM um Ráthaíocht Bia Mara agus Orgánach

Tá deimhniúchán bia mara ríthábhachtach chun rochtain ar an margadh a choinneáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. In 2021 rinne BIM caighdeán bia mara inbhuanaitheachta comhtháite a dhréachtú, a dhéanfar é a thriail ar bhonn treoirscéime le tionscal in 2022, leis an sprioc chun branda Éireannach de bhia mara inbhuanaitheach a chruthú. .

Tá deimhniúchán an Chomhairle Maoirseachta Mara (MSC) ag BIM d'earnáil fásta na ndiúilicíní téide agus na ndiúilicíní in Éirinn. Léiríonn an deimhniúchán seo cur chuige nuálaíoch maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin MSC agus faigheann an tionscal iomlán luach a saothair mar gheall air. Tá 37 Comhalta Deimhnithe MSC do Dhiúilicíní Téide agus 12 Comhalta Deimhnithe do Dhiúilicíní i láthair na huaire.



Tá an-rath ag baint le deimhniúchán orgánach maidir le táirgí dobharshaothraithe agus tá na táirgí seo á ndíol ar phraghas ard. Bhí breis iomaíochta sa mhargadh seo sa bhliain atá faoi athbhreithniú, agus tháinig daoine/cuideachtaí nua ann ón RA, an Iorua agus Íoslainn. Is deighleog mhargaidh an-tábhachtach do dhobharshaothrú na hÉireann fós iad táirgí orgánacha, agus BIM ag cabhrú le comhlachtaí creidiúnú chuig Caighdeáin Orgánacha an AE a bhaint amach agus a choinneáil.

## Sábháilteacht bia

Oibríonn an Fhoireann Bhainistíochta um Shábháilteacht Bia BIM le gnólachtaí bia mara chun comhlíonadh reachtaíocht AE agus na hÉireann a chinntiú agus chun tacú le cur i bhfeidhm an dea-chleachtais ar fud na hearnála. Cabhraíonn sé seo le cinntiú go mbíonn an bia mara a tháirgtear, a thomhlaítear, agus a dháiltear ar na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht bia, agus go gcothaíonn sé an-chlú sa mhargadh.

In 2021, i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú de shíor, d'éagsúlaigh an Fhoireann Bainistíochta um Shábháilteacht Bia trí chur chuige cumaisc in oiliúint maidir le sábháilteacht bia, cúnamh agus tacaíocht deimhniúcháin a fhorbairt agus a chur i láthair chuig breis agus 50 oibreoir gnólachtaí bia ar fud earnáil an bhia mara. Leis seo bhíomar in ann leibhéal fónta de sheirbhísí a chinntiú dár gcliaint. Cuireadh na seirbhísí seo ar fáil trí húsáid Lámhleabhar um Shábháilteacht Bhia do Thionscal Bia Mara de chuid BIM, via ceardlanna ar líne agus trí chruinnithe oiriúnaithe duine ar dhuine In imthosca áirithe.

## Tionscadal Noroviris

Forbraíodh tionscal oisrí na hÉIreann go suntasach le blianta beaga anuas, le táirgeadh ag méadú suas go dtí thart ar 10,000 tona in aghaidh na bliana. Tá an Áise anois ar cheann de na príomh-mhargaí le haghaidh cuid de na príomhchomhlachtaí in Éirinn. Tá na comhlachtaí Éireannacha seo i ndiaidh infheistíocht a dhéanamh i saoráidí íonúcháin agus pacála den chéad scoth agus tá siad anois ag onnmhairiú go díreach chuig príomh-mhargaí mar Hong Cong agus an tSín. Tugann na margaí seo fáltas díreach do chomhlachtaí Éireannacha, rud a éascaíonn cur chun cinn oisrí a táirgeadh in Éirinn, ag cur le clú agus luach foriomlán an tionscail.

Is é rud ríthábhachtach i dtaca le dearbhú cáilíochta ná a bheith ábalta a léiriú nach bhfuil Noravíreas in oisrí a d'fhéadfadh a bheith ina chúis tinnis. Tá tástáil na n-oisrí ríthábhachtach chun comhlíonadh nósanna imeachta rialaithe cáilíochta a léiriú agus chun dearbhú caighdeáin a thabhairt do chustaiméirí, ag cosaint sláinte an phobail agus margaí tráchtála ar an riosca.

Chabhraigh Tionscadal Noravíris BIM, arna maoiniú tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), le forbairt dea-chleachtais maidir le monatóireacht noravíris in oisrí Éireannacha atá le honnmhairiú. Déanann sé seo nósanna imeachta rialaithe cáilíochtaí níos fearr a chinntiú chomh maith le dearbhú caighdeáin a thabhairt don tomhaltóir, a fuarthas margaí ar a sheal agus a rinne tionscal oisrí inmharthana Éireannach a chosaint.

## An Clár um Ghnó Bia Mara Glas

Tá inbhuanaitheacht mar phríomhchuspóir ag an chuid is mó de ghnólachtaí bia mara chun luach fadtéarmach a chruthú trí mhachnamh a dhéanamh ar an dóigh a fheidhmíonn comhlacht i dtimpeallacht éiceolaíoch agus eacnamaíoch. Forbraíodh An Clár um Ghnó Bia Mara Glas CEMI de chuid BIM d'fhonn úsáid forleathan nuálaíochtaí, próiseas agus modhanna inbhuanaitheacha a leabú agus a chur chun cinn chun fás agus feabhsuithe maidir leis an gcomhshaol a spreagadh ar fud na hearnála.

Cuireann an clár seo tacaíocht ar fáil do phróiseálaithe bia mara Éireannacha le meantóireacht oiriúnaithe duine ar dhuine maidir le tionchair chomhshaoil agus airgeadais a bhaineann le fuinneamh, dramhaíl, iompar agus oibríochtaí uisce de chuid comhlacht bia mara. Mar a thagann méadú i gcónaí ar tharaifí fuinnimh agus uisce, cuireann an clár seo acmhainn tábhachtach ar fáil do thionscal.

In 2021, i gcomhar le comhairleoirí fuinnimh agus uisce, tugadh treoir agus tacaíocht do 10 gcomhlacht maidir le meantóireacht aonarach, anailís bille, cuairteanna ar láithreáin agus tuarascála pearsantaithe. Forbraíodh ceardlann ar mhaoirseacht uisce agus cuireadh i láthair ar líne í chun tacú le hocht gcomhlacht eile le húsáid uisce a n-oibríochtaí féin a aithint agus a bhainistiú. Mar pháirt den chlár cuireadh tacaíocht uile-earnála ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin BIM tríd an tSraith Straitéisí Inbhuanaitheachta, eolaithe acmhainne ar líne agus seimineáir ghréasáin.

### Speiceas Coimhthíoch Ionrach

Is mór an dúshlán é Speiceas Coimhthíoch Ionrach (SCI) dár dtimpeallachtaí mara, bithéagsúlacht dhúchasach agus gnáthóga, lena n-áirítear iad siúd ar a mbraitheann oibríochtaí dobharshaothraithe.

Tá a dteacht nasctha le domhandú méadaithe na trádála agus an taistil agus cuireann athrú aeráide leis an mbagairt. Is veicteoir aitheanta é an dobharshaothrú do speiceas coimhthíoch agus tá sé nasctha lena dteacht agus leathadh go domhanda. Bíonn tionchar ag SCI ar stoc dobharshaothraithe freisin, chomh maith le gnáthfheidhmiú na hearnála. D'fhéadfadh riosca bheith ann maidir le dearcadh an phobail agus cáil na hearnála mar gheall ar an gceangal atá idir sin agus gluaiseachtaí dobharshaothraithe.

Leanann an tionscadal SCI de chuid BIM arna maoiniú ag CEMI de bheith ag cur sonraí bonnlíne tábhachtacha ar fáil don earnáil dobharshaothraithe. Cabhraíonn seo a chur le dea-chleachtas maidir le stoc a bhogadh agus déanann sé cinnte de go rannchuidíonn an earnáil le riosca. Ag leibhéal níos leithne, cabhraíonn an tionscadal le cinntiú go bhfuil na bearta bithshlándála i gcomhréir le bainistíocht riosca, agus, ag an am céanna, inláimhsithe do na gnólachtaí dobharshaothraithe. Tá oideachas ina chomhchuid thábhachtach agus ardaíodh feasacht trí hoiliúint spriocdhírithe, cuir i láthair chomhdhálacha agus le tacaíocht díreach chun pleananna bithshlándála ar scála feirme a fhorbairt.

### Scéim Dhobharshaothraithe Inbhuanaithe

Is é cuspóir Scéim Dhobharshaothraithe Inbhuanaithe CEMI ná fás inbhuanaitheach maidir le haschur, luach agus fostaíocht san earnáil dobharshaothraithe a chur chun cinn.

Tacaíonn an scéim le forbairt acmhainne trí hinfheistíocht chaipitil i dtrealamh agus na costais bhreise a tabhaíodh a bhaineann le deimhniúchán orgánach a bhaint amach. Tá an scéim ar fáil d'fhiontair atá ann cheana agus d'fhiontair nua san earnáil araon.

Le linn 2021, rinneadh 51 fiontar, ó 11 chontae, a mhaoiniú ag an scéim. Ba gheall le €2.8 milliún an deontas iomlán a íocadh do na tionscadail seo . As na tionscadail seo, bhí 33 dírithe ar tháirgeadh oisrí, bhí 10 tionscadal bainteach le feirmeoireacht diúilicíní agus sé cheann acu le láithreáin bhradán. Soláthraíodh maoiniú freisin le haghaidh gnó feamainne agus saoráid táirgthe bric.

Áirítear ar na tionscadal maoinithe faoin scéim seo forbairt feirm feamainne, tógáil saoráidí pacála oisrí, ceannach trealamh feirme do láithreáin bhradáin, agus uasghrádú ar saoráidí táirgthe diúilicíní, chomh maith le hinfheistíochtaí i ndeimhniúchán orgánach diúilicíní.

### An Scéim um Thairseach Eolais

Is é is cuspóir do Scéim na Tairsí Eolais CEMI ná eolas, nuálaíocht agus teicneolaíocht a chur chun cinn san earnáil, le béim ar thaighde, ar fhorbairt speiceas nua, ar ghalair a bhainistiú, ar chomhairleach maidir le pleanáil ghnó, ar oiliúint, ar líonrú agus ar aistriú eolais.

Cuireadh dhá thionscadal i gcrích le linn na bliana, le deontas iomlán go díreach faoi €19,000. Bhí 11 thionscadal eile ag leanúint ar aghaidh agus ceadaíodh sínithe ar a ndátaí críochnaithe isteach go dtí 2022 mar gheall ar moillithe i ngeall ar srianta Covid-19.

### Scéim Iascach Inbhuanaithe

In 2021, tarraingíodh anuas beagnach €1.47M de mhaoiniú ó CEMI le haghaidh raon tionscadal sa réimse seo. Áirítear orthu sin: Modhanna iascaireachta a oireann don chomhshaol, sataidéar ar lorg carbóin na hEarnála Bia Mara, Lárionad Sonraí Bia Mara agus forbairt ar Shamhail Bhitheacnamaíoch Iascaigh. Leagtar amach thíos mionsonraí tionscadal eile.



**AR FUD NA NAOI dTIONSCADAL FEABHSAITHE IASCAIGH (FIPnna), CLARAÍODH**

**450 SOITHEACH**

**IN 2021**

# Iomaíochas




Táimid tiomnaithe modhanna a chruthú anseo ag BIM le feidhmíocht gheilleagrach bhia mara na hÉireann a thagarmharcáil go hiontaofa ionas gur féidir na hathruithe a dhéanamh is mó a mbeidh dea-thionchar acu ar chruthú luacha.


Raymarine
QUEST

## Tascfhórsa Bia Mara

I ngeall ar an RA ag imeacht ón AE chonacthas an t-athrú agus an suaitheadh is mó sa chaidreamh idir an RA agus an AE le 50 bliain, thar gach gné den trádáil agus den tsochaí, go háirithe don earnáil bia mara.

I mí Feabhra, chuir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue T.D., Tascfhórsa don Earnáil Bia Mara curtha ar bun le measúnú a dhéanamh ar bhearta chun tionchar na laghduithe ar sciar na gcuótaí éisc mar gheall ar an mBreatimeacht a eascraíonn as an gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA) ar Thionscal Iascaigh na hÉireann agus ar na pobail cois cósta a bhíonn ag brath ar an iascach a mhaolú.

Bhí Aidan Cotter ina chathaoirleach ar an Tascfhórsa don Earnáil Bia Mara, agus grúpa stiúrthóra mar chúnamh aige ar a raibh Margaret Daly - Leas-Phríomhfheidhmeannach den phróiseálaí bia mara Errigal Bay agus Mícheal Ó Cinnéide, iar-stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tháinig an Tascfhórsa le chéile ar ceithre ócáid déag, ag seachadadh a thuarascáil chríochnaitheach i mí Dheireadh Fómhair. Chuir BIM an ardrúnaíocht ar fáil don Tascfhórsa.

Rinne an Tascfhórsa sé mholadh déag, le ceanglas maoinithe féideartha foriomlán €423 milliún, ag tabhairt aitheantas d'uaillmhian earnáil bia mara agus na pobail áitiúla ina bhfuil an ghníomhaíocht lonnaithe. Mhol an Tascfhórsa gur cheart go dtiocfadh maoiniú, chomh fhad agus is féidir, ó leithdháileadh Éireann faoin gCúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR), leis an iarmhéid ag teacht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF).

Rinne an Tascfhórsa Bia Mara sraith moltaí maidir le bearta chun na laghduithe ar sciar na gcuótaí éisc ag Éirinn faoin TCA a mhaolú - na bearta comhroinnte ualaigh mar a thugtar orthu. Meastar gur bearta níos fadtéarmaí iad cuid mhaith acu i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gComhbheartas Iascaigh.

Áirítear sna príomh-mholtaí an ceanglas maidir le scéimeanna díchoimisiúnaithe éisc ghil agus cladaigh le cóimheá acmhainneacht an chabhlaigh a bhaint amach i dtaca le cuótaí atá ar fáil tar éis an Bhreatimeachta, ar chostas measta €72 milliún. Moladh freisin go mbeadh €90 milliún ann do phróiseálaithe bia mara, agus sraith beart gearrthéarmach, lena n-áirítear feistiú bliantúil €12 milliún de shoithigh ilfhiúsacha thar dhá bhliain.



Moltar chomh maith go mbeadh infheistíocht i mbonneagar mara poiblí ar mhionscála, dobharshaothrú, forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail agus margaíocht intíre. Aithníodh freisin an gá atá ann le haghaidh scéimeanna tacaíochta gearrthéarmacha don earnáil pheiligeach, soithí muiríní lonnaithe san oirdheisceart, agus do phróiseálaithe agus do chomharchumainn iascairí. Cuireadh tús le cur i bhfeidhm moltaí an Tascfhórsa maidir le Scéimeanna Cistíochta agus a bheidh mar thosaíocht do BIM le linn 2022 agus 2023.

## Ag Bailiú Sonraí Bia Mara

Ar na seirbhísí tábhachtacha a sholáthraíonn BIM tá tuairisciú ar shonraí eacnamaíocha a bailíodh agus a ndearnadh anailís air ó na hearnálacha gabhála, dobharshaothraithe agus próiseálaithe go náisiúnta agus don Choimisiún Eorpach. Bailítear na sonraí sin gach bliain trí Shuirbhé Náisiúnta Bia Mara BIM (NSS). Tá raon feidhme agus an cineál eolais a bhailítear leagtha amach i rialacháin éagsúla de chuid an AE, ar a dtugtar an Clár Ilbhliantúil um Bailiú Sonraí le chéile – clár ilbhliantúil de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí. Déantar é a mhaoiniú tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI).

Toisc go bhfuil méid na sonraí eacnamaíocha a bailíodh i ndiaidh fáis, thosaigh BIM ag déanamh forbartha ar stór sonraí amháin chun tuairisciú éigeantach a éascú de réir EU-MAP chomh maith le heolas a bailíodh ó thionscal bia mara a roinnt go héifeachtach éifeachtúil. In 2021, rinneamar súirbhé nua ar líne agus bunachar sonraí a

fhorbairt don earnáil ghabhála, lena n-áirítear bailiú sonraí ó na hearnálacha intíre agus amach ón gcósta araon. Le maoiniú ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), tá an tionscadal seo i ndiaidh acmhainn um bhailiúchán sonraí ar líne a sholáthar a bhfuil acmhainn aici comhcheangail le córas CRM de chuid BIM, agus a bhíonn mar bhunachar sonraí a chlúdaíonn staitisticí iascaigh tábhachtacha, agus aschuir tuairiscithe ar shonraí.

Tá sé seo mar chéad chéim thábhachtach sa chéad straitéis sonraí níos leithne de chuid BIM a thabharfaidh tacair sonraí gnó éagsúla le chéile ar bhonn níos dlúithe d'fhonn táirgeadh tuarascálacha níos iomlánaíche a éascú. Cabhróidh sé freisin le hiarratais tógála a úsáideann sonraí ó réimse foinsí éagsúla.

## Ag Fáil Léargais ó Shonraí

Tá sé fós mar chuspóir tábhachtach cumas BIM a fheabhsú chun saineolas tráchtála agus léargais luachmhara a fháil as na sonraí bailithe don earnáil bia mara. Cuidíonn soláthar tráthúil eolais agus léargas mar seo leis an earnáil bia mara bheith níos iomaíche, ó thaobh oibríochta agus an mhargaidh de. Is féidir é seo a bhaint amach le heolas fíor-ama deighilte, a bhfuil anailís déanta air a chur ar fáil.

Le linn 2021, le maoiniú ó CEMI, lean BIM de bheith ag scaipeadh faisnéis tábhachtach do pháirtithe leasmhara tábhachtacha trí réimse seirbhísí agus bealaí. D'fhonn infheictheacht na dtacar sonraí seo a mhéadú, agus ag cur leis an obair a críochnaíodh in 2020 i dtaca leis na gCairteacha Bainistíochta Iascach ar líne, rinneadh cuir i láthair dhigiteacha a fheabhsú trí huirlisí amhail deaiseanna idirghníomhacha.

Tugadh léargais éirime gnó agus margaidh don tionscal trí réimse tuarascálacha agus ceardlann . Cuireadh seirbhís tuarascála mhíosúil ar fáil a thug eolas maidir le reachtaíocht dhomhanda agus Eorpach um chúrsaí mara agus comhshaoil, chomh maith le tionscnaimh beartais mhara don earnáil bia mara freisin agus go hinmheánach do BIM le linn na bliana.

Chomh maith leis sin, ghlac BIM páirt ag cruinnithe de chuid Mheitheal Saineolaithe an Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Chuir an coiste anailís ar shonraí eacnamaíocha maidir leis an earnáil bia mara ag leibhéal na hEorpa i gcrích, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar chóimheá acmhainneacht an chabhlaigh agus deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Ina theannta sin, rinne BIM ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinnithe an Ghrúpa Comhordaithe Réigiúnaigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh um shaincheisteanna Eacnamaíochta (PGECON), agus ag meithleacha oibre na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) um Tháscairí Sóisialta agus Eacnamaíocha don iascach agus don dobharshaothrú.

## Móráireamh Mionsonraithe Dobharshaothraithe

Bhí cur i gcrích móráireamh maidir leis an earnáil dobharshaothraithe mar pháirt de thionscadal scaipthe ar leith a críochnaíodh in 2021, ag éirí as an staidéar calafoirt rathúil a cuireadh i gcrích in 2019.

Soláthraíonn an suirbhé bliantúil dobharshaothraithe atá ar siúl le fada, agus a bhfuil mar pháirt de réimse suirbhéanna bia mara náisiúnta BIM, léargas maidir le treochtaí feidhmíochta i dtionscal na hÉireann. Go dtí le déanaí, áfach, bhí na hiarrachtaí chun tionchar eacnamaíoch na feidhmíochtaí sin a thomhas ag brath ar iolraitheoirí eacnamaíocha agus cóimheasa eile, a gineadh ag staidéir eile ar ghníomhaíochtaí dobharshaothraithe in áiteanna eile.

Chun léargas nua a fháil ar an bhfíormhéid a chuireann dobharshaothrú na hÉireann ó thaobh an gheilleagair de ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal áitiúil araon, rinne BIM Oxford Economics agus Perceptive Insight a choimisiúnú chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an earnáil dobharshaothraithe ar 11 de na ceantair bhá is ionadaíche in Éirinn. Rinneadh an staidéar seo faoin Scéim um Thairseach Eolais de chuid BIM, arna maoiniú ag CEMI. Rinneadh staidéar ar cheantair ó Bhá an Daingin i gCo Chiarraí - an ceann is mó de na geilleagair bhá - go dtí na Maoile Rua i gCo Dhún na nGall, an bhá is lú agus is faide ó thuaidh de na bánna a ndearnadh measúnú orthu. . Tuairiscíodh torthaí an staidéir i dtuarascáil uileghabhálach amháin agus i dtuarascáil ar leith do gach ceann de na 11 bhá a bhí i gceist.

## MHOL AN TASCFHÓRSA FREISIN GO MBEADH €90 ANN DO PHRÓISEÁLAITHE BIA MARA, AGUS SRAITH BEART GEARRTHÉARMACH, LENA N-ÁIRÍTEAR FEISTIÚ BLIANTÚIL €12 MILLIÚN DE SHOITHIGH ILFHIÚSACHA THAR DHÁ BHLIAIN.



### Tionchair shocheacnamaíocha Iascaigh a shamhaltú

Le linn 2021, fuair BIM uirlis scaipthe i bhfoirm samhla bitheacnamaíche. Faoi réir Chomhbheartas Iascaigh an Aontais Eorpaigh, feidhmíonn cabhlaigh iascaireachta faoi chóras ardrialaithe. Comhaontaítear cuótaí do stoic éisc gach bliain ar an leibhéal polaitiúil, ag glacadh comhairle eolaíoch agus socheacnamaíoch san áireamh.

Ionsamhlaíodh cabhlach iascaireachta na hÉireann agus na ceantair ina bhfuil sí gníomhach, mar pháirt den tionscadal seo arna maoiniú ag CEMI, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an tionchar socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann le hathruithe cuóta gach bliain. Rinne sé ionsamhlú freisin ar oiriúnuithe ag an gcabhlach, amhail athruithe trealaimh, chun tionchair dhiúltacha beartais a laghdú. Rinneadh an tsamhail a dhearadh do BIM ag Fhoras na Mara (MI) agus an Lárionad d'Eolaíocht an Chomhshaoil, na n-Iascach agus Dobharshaothraithe (CEFAS).

Soláthraíonn an tsamhail seo meastacháin stóinsithe ar an tionchar eacnamaíoch, teicniúil agus sóisialta a bhaineann le hathruithe ar bheartas Iascaireachta beartaithe amhail oibleagáidí gabhálacha, bearta teicniúla, agus deiseanna iascaireachta do stoic/iascaigh atá ábhartha don gcabhlach iascaraireachta na hÉireann.

Tá an tsamhail tógtha chun go mbeadh sé éasca athrú chuig eiseamláireacha suime malartacha san am amach romhainn. Tá codanna bitheolaíocha, cabhlach agus eacnamaíocha ann. Tá sonraí eolaíoch sa chuid bitheolaíoch agus ionsamhlaíonn sí na dinimicí laistigh d'iascaigh a shaothraíonn cabhlach na hÉireann.

Ionsamhlaíonn an chuid cabhlaigh na héifeachtaí a bhaineann le beartais iascaireachta chabhlach na hÉireann. Déanann an chuid eacnamaíoch, atá nasctha leis na codanna bitheolaíocha agus cabhlaigh, measúnú ar an tionchar eacnamaíoch díreach agus na tionchair fhorghabhálacha. Cuirfear an tsamhail ar fáil ar líne do pháirtithe leasmhara chun go mbeadh siad in ann torthaí a haschuir a fheiceáil agus eiseamláireacha suime a roghnú agus anailís a dhéanamh orthu. Ba cheart go mbeadh an tsamhail ina huirlis chumhachtach chun cur le cinntí bainistíochta iascaigh sa todhchaí.



## Lorg Carbóin Bia Mara a Thomhas

Is é príomhchuspóir an staidéir seo ná bonnlíne chruinn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a bhaineann le hearnáil bia mara na hÉireann a chur ar fáil.

Tá an staidéar mar pháirt den Plean Gníomhaithe Náisiúnta ar son na hAeráide 2021, a bhfuil mar aidhm aige gach earnáil de gheilleagar na hÉireann a dhícharbonú agus neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Cuireadh tús leis an staidéar ar lorg carbóin bia mara in 2021 trí ghrúpa stiúrtha tionscadail a bhunú mar aon le soláthar na n-acmhainní is gá chun na spriocanna tionscadail a bhaint amach.

Tá an staidéar ag brath ar chomhar suntasach ó thionscal, agus, chuige sin, fuarthas sonraí tábhachtach maidir le charbón ó thionscal. Rinneadh anailís ar na sonraí seo, trí Life Cycle Assessments (LCA) chun teophointí carbóin sa slabhra soláthair - i.e. céimeanna sa slabhra soláthair a astaíonn an méid ba mhó de ghás ceaptha teasa. Beidh an tionscadal ag dul ar aghaidh in 2022, nuair a foilseofar an tuarascáil chríochnaitheach.

Cuirfidh torthaí an staidéir seo, a cuireadh i gcrích faoi Scéim Iascach Inbhuanaithe CEMI de chuid BIM, le straitéisí maidir le bearta maolaithe carbóin agus oiriúnaithe don earnáil bia mara.

## Athnuachan Glúine na hEarnála Gabhála

Dúshlán suntasach is ea í fós saincheist foirne a fhruiliú agus a choinneáil a mbíonn tionchar aici ar an earnáil gabhála, agus a cuireadh a tábhacht in iúl do BIM ar bhonn rialta mar choscaire mór fáis san earnáil. Ag tabhairt aitheantas don dúshlán seo, rinne BIM staidéar a choimisiúnú chun measúnú a dhéanamh ar na struchtúir shaothair reatha atá ann anois i gcabhlach iascaireachta na hÉireann.

Tá deighleáin chabhlaigh éagsúla i gcabhlach na hÉireann a dhíríonn ar iascaigh éagsúla. Rinneadh measúnú ar chórais saothair a úsáidtear ar fud na ndeighleán sin. Tá na héagsúlachtaí maidir le coinníollacha fostaíochta a dhoiciméadú ag an staidéar, chomh maith le tuillteanais socruithe saothair éagsúla a bhaineann le foireann don fhostaí a mheas, ó thaobh cáin, leas sóisialach, agus sochair de.

Rinne an staidéar iarracht an tarraingteacht a bhaineann le hobair i dtionscal iascaireachta na hÉireann a mheas, trí chomparáid a dhéanamh idir coinníollacha oibre agus fostaíochta, chomh maith leis na sochair foriomlán agus earnálacha eile an gheilleagair a bhíonn in iomaíocht leis an earnáil iascaireachta don lucht saothair. Rinneadh measúnú freisin ar na fíorchostais don fhostaí maidir le catagóirí fostaíochta éagsúla chomh maith leis na príomhshrianta earcaíochta agus aithníodh bealaí ar féidir na srianta seo a mhaolú. Agus ar dheireadh, aithnítear sa staidéar bealaí chun feabhas a chur ar dhreasachtaí oiliúna agus struchtúir ghairmréime sa thionscal, a chabhróidh le foireann a mhealladh agus a choimeád.

## Feabhas a Chur ar ár nEolas ar Iascaigh Chladaigh (Tionscadal Cabfishman)

Tionscadal idirnáisiúnta is ea é Cabfishman arna maoiniú faoin gclár INTERREG de chuid an AE a cuireadh tús leis in 2019 agus a bhfuil institiúidí iascaigh ó thrí thír déag mar pháirt de, BIM san áireamh.

Is é príomhsprioc an tionscadail ná an fás socheacnamaíoch na n-iascaigh chladaigh a chur chun cinn, agus bithéagsúlacht mhuirí a chosaint ag an am céanna. Tá BIM bainteach le trí phacáiste oibre ar leith atá ag iarraidh faisnéis úr agus léargas maidir le hiascaigh chladaigh ag leibhéal an Atlantaigh a chruthú, agus béim a chur ar an traidisiún agus an oidhreacht cultúrtha na n-iascach chladaigh do phobail réigiúnacha a luacháil.

Chuige sin, d'óstáil BIM seimineár gréasáin an-rathúil le linn 2021 dar teideal, Scéalta ón bhfarraige - an luach cultúrtha a bhaineann le pobail chósta na hÉireann. Thug an seimineár painéal de chainteoirí saineolacha le chéile, a roinn scéalta na farraige agus gealltanas go n-athróidís an dóigh a bhímid ag smaoineamh faoi luachanna caipitiúla soch-chultúrtha a bhaineann le hiascaigh chladaigh in Éirinn.

Chuir an tionscadal na pátrúin spásúla a bhaineann le gníomhaíocht na n-iascach cladaigh freisin agus an t-idirghníomhú idir í agus ghnáthóga muirí an Atlantaigh. Rinneadh mapaí físiúla, lena n-áirítear teasléaráidí déine le haghaidh limistéir ardghníomhaíochta, a dhíríonn agus a fhoghabhálann limistéir atá bainteach le speicis, agus an t-idirghníomhú atá acu le gnáthóga. Ghlac an tionscadal na sonraí sin le cuidiú lena gcuid smaointeoireacht maidir leis an dóigh chun cothromaíocht a bhaint amach idir an dáileadh spásúil measúnaithe eacnamaíoch maidir le gníomhaíocht iascaigh ar mhionscála agus cosaint bithéagsúlachta, agus nascálacha soiléire ann le pleanáil spásúil mara. Leanfaidh obair ar an Tionscadal Cabfishman in 2022, agus an tionscadal le críochnú in 2023.



## Grúpa Naisiúnta Forbartha Iascairí (NFDG)

Bunaíodh an NFDG in 2017 agus ceadaíonn sé dea-chleachtas agus scaipeadh eolais maidir le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar oibriú soithí iascaireachta ó lá go lá mar ghnólachtaí.

Cuimsíonn sé iascairí ó gach earnáil de chabhlach na hÉireann agus cuireann sé ardán ar fáil le haghaidh comhphlé i measc iascairí gníomhacha. Éascaíonn BIM NFDG trí thacaíocht theicniúil agus airgeadais a sholáthar trí Scéim Iascaigh Inbhuanaithe CEMI.

In anneoin srianta a bhain le COVID-19 a chuir cosc ar chruinnithe duine le duine an ghrúpa, lean NFDG ag tabhairt aiseolas díreach do na hEagraíochtaí Táirgthe agus don Fhóram Náisiúnta Iascaigh Chladaigh (NIFF) agus don Fhóram Réigiúnach Iascaigh Chladaigh (RIFF) maidir le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar oibríocht laethúil na hearnála gabhála.

Chuir baill NFDG le straitéis oiliúna BIM agus thug siad ionchur fiúntach maidir le féidearthachtaí chun Cúrsa Fairtheora a fhorbairt. Chuir an Grúpa forbairt ar Chlár na nIascairí chun cinn, a bheadh ina chabhrú agus sonraí á mbailiú chun léargas níos fearr don earnáil ghabhála a chur le chéile, agus Lámhleabhar na nIascairí a chuirfeadh eolas ar fáil ar Bhunchumas Mairnéalachta, Rialacha an Bhóthair, Soilse Loingseoireachta agus Baoithe. Ina theannta sin, thug an grúpa ionchur do stáidéir atá a ndéanamh ag BIM ar an bhfórsa oibre agus lorg carbóin.

# Scileanna






Le linn 2021, chuir BIM réimse leathan de chláir oiliúna agus scilbhisithe ar fáil ar fud gach gné de thionscal bhia mara na hÉireann, rud a thacaigh le hearnáil bia mara shábháilte ghairmiúil ar tonn agus ar tír araon. Lean BIM ar aghaidh freisin ag cur oiliúint ar fáil chun cur leis an mealladh atá san earnáil mar rogha gairme. Cuireadh breis agus 900 áit ar fáil don oiliúint, in anneoin na ndúshlán a bhí ann mar gheall ar thionchar leanúnach COVID-19.

## Ionad Oiliúna chun Teacht Slán ón bhFarraige

Tá faomhadh agus maoiniú faighte ag BIM do shaoráid nua-aimseartha ghairmiúil chun oiliúint ar theacht slán ón bhfarraige a chur ar fáil i gColáiste Náisiúnta Iascaigh BIM na hÉireann (NFCI) sa Chaisleán Nua, Co Dhún na nGall. Glacadh le tairiscint do Sholáthar Bainistíochta Tionscadail agus Seirbhísí Ailtireachta don ghné a bhaineann leis an linn tionscadail. Táthar ag súil le críoch agus lainseáil an tionscadail ag deireadh 2022.

Baineann an coláiste úsáid as linnte lasmuigh den choláiste faoi láthair d'oiliúint ar theacht slán ón bhfarraige ach tá lochtanna suntasacha ag baint leis seo. Tá na linnte seo i bhfad ón gcoláiste agus níl ach fáil teoranta orthu.Cuirean sé seo isteach ar sholáthar an chúrsa agus cuireann sé dúshláin eagrúcháin os comhair na ndaltaí agus a dteagascóirí.

Agus úsáid á baint acu as an tsaoráid nua ar an láthair, beidh teagascóirí BIM in ann na cúrsaí a struchtúrú i mbealach a chuirfidh barr feabhais ar fhoghlaim an dalta agus beidh siad in ann suíomh féideartha a chruthú ina dtéann duine thar bord i mbealach níos beaichte ná mar a féidir leo anois. Cuirfear linn isteach i ngiomnáisiam NFCI an Chaisleáin Nua laistigh de thalamh atá sa tsaoráid faoi láthair.

Leis an dtionscadal seo san iomlán, cruthófar Ionad Barr Feabhais Muirí atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus a chuireann ionad oiliúna nua-aimseartha chun teacht slán ón bhfarraige ar fáil do dhlataí agus teagascóirí ar an láthair in NFCI an Chaisleáin Nua, rud a thacóidh le tionscal sábháilte gairmiúil iascaireachta mara.



## Sábháilteacht Bhreisithe

In 2021, rinne BIM cuíchóiriú ar an Scéim Oiliúna agus Trealaimh um Shábháilteacht Bhreisithe d'iascairí a bhain leas as Gairis Snámhachta Phearsanta (PFDanna) 'Athsholáthar amháin'. Spreagadh iascairí le hiarratas ar líne a chur isteach, trí thairseach dheontais BIM agus fuair siad cúnamh deontais ar a gcuid treallamh sábháilteachta ar fad trí Scéim Shábháilteacht an Chabhlaigh, a thacaíonn le hiascairí réímse leathan de threallamh sábháilteachta a cheannach.

## Taighde Sábháilteacht ar Muir ar Dhearcthaí maidir le PFDanna a Chaitheamh, Oiliúint Sábháilteachta agus Úsáid na Meán

In 2021, choimisiúnaigh BIM staidéar chun tuilleadh tuisceana a fháil ar iascairí agus a ndearcthaí maidir le teacht slán ar an bhfarraige agus chun eolas a dhéanamh do sholáthar oiliúna agus chun feachtas cumarsáide a chuirfidh béim ar theacht slán ar an bhfarraige a threorú.

Cruthaíodh suirbhé cainníochtúil ar líne chun dearcthaí na n-iascairí a fháil agus fuair siad freagraí ó shampla de 176 iascaire, agus freagraí ann ar cheisteanna a bhain le húsáid PFDanna agus dearcthaí ina leith, oiliúint sábháilteachta agus úsáid na meán.

Déanfaidh na príomhthorthaí a leanas eolas do BIM ar an bhfreagairt chuí don tionscal:

- Aithníonn formhór mór na n-iascairí an gá le PFDanna – i ndairíre, aontaíonn beagnach gach iascaire go gcaitheann siad ceann mar go dtiocfadh leis iad a shábháil ar an mbás lá éigin. Ní mór an leibhéal ard aontaithe leis seo a threisiú agus is féidir é a úsáid chun faobhar a chur faoi dhaoine agus cultúr ina gcaitear PFD i gcónaí a chothú.

- Ní chaitheann beagán níos mó ná leath cuid d'iascairí PFD i gcónaí. Mar sin de, tá gá soiléir ann cur i gcuimhne d'iascairí go gcaithfidh siad PFD a chaitheamh agus iad amuigh ag iascaireacht ar bord soithigh.

- Is deis í an oiliúint chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le PFD a chaitheamh i dtólamh.

- Leis na daoine is lú an dochúlacht go gcaithfidís PFD, is mó an seans go luafaidís cúiseanna a bhaineann le compord agus iad á gcaitheamh. D'fhéadfadh oiliúint cabhrú leis seo trí threoir a thabhairt d'iascairí ar an dóigh leis an PFD a shocrú agus a oiriúnú.

- Tá feasacht mhaith ann maidir le cúrsaí BIM agus bhí rannpháirtíocht mhaith iontu – tá ardmheas orthu agus aithnítear an tábhacht a bhaineann leo. Tá gá ann, áfach, le béim a leagan ar an luach a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach agus le daoine a mhealladh nach raibh oiliúint ar bith acu le blianta beaga anuas, go háirithe mar go laghdaíonn caitheamh PFDanna mar a théann an t-am ar aghaidh. Ceanglaítear le Cód Cleachtais úr na Roinne iompair do shoithí atá níos lú ná 15 mhéadar, athbhailíochtú a dhéanamh ar Bhunoiliúint Sábháilteachta gach cúig bliana.

- Tá leibhéil arda ann déisteacht leis an raidió agus d'úsáid na meán agus na nuachta ar líne, chomh maith le hardáin na meán sóisialta. Is dócha gur iad siúd na bealaí is éifeachtaí d'fheachtas na meán atá ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an oiread iascairí agus is féidir.

- Roinneadh an taighde seo leis an Ionad Scileanna ar fad agus le hAonaid Ghnó BIM eile chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do sholáthar oiliúna do gach soitheach, go háirithe iad siúd atá níos lá ná 15 mhéadar d'Fhad san Iomlán (LOA), thart ar an gcósta agus léirítear seo sa chúnamh deontais atá ar fáil.

- Cuireadh an taighde ar fáil do pháirtithe leasmhara sa tionscal agus roinneadh trí ghrúpa trasghníomhaireachta é, amhail an Meitheal Sábháilteachta Mara (MSWG) agus an Ghníomhaireacht Garda Cósta Mara (MCGA) sa RA.

## Tionscadail Infheistíochta Chaipitil

Thug BIM faoi roinnt infheistithe caipitil suntasacha le linn 2021 chun tacú le soláthar cláir scilbhisithe. Áirítear leis seo ceannach seomra oiliúna raidió agus ionsamhlóirí loingseoireachta sa dá Choláiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann de chuid BIM. Forbraíodh na hinfheistithe seo go sonrach don tionscal oideachais agus oiliúna muirí. Cuirfear eispéireas nua-aimseartha ionsamhlaithe ar fáil leis na hionsamhlóirí úra do rannpháirtithe cúrsa chomh maith le réimse feidhmiúlachtaí a bhaineann go sainiúil le hearnáil na hiascaireachta.

## Cláir do Thumadóirí Tráchtála

Tá cáilíocht tumadóireachta tráchtála de dhíth ar oibriúcháin tumadóireachta trachtála in Éirinn agus is é BIM an t-aon soláthróir den dá chlár tumadóireachta tráchtála de chuid Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) - Oibriúcháin Tumadóirí SCÚBA Tráchtála agus Oibriúcháin Tumadóirí le Gaireas Análaithe ón Dromchla Intíre. Tá na cúrsaí ar fáil ag an gColáiste Náisiúnta Iascaigh agus Tumadóireachta, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí.

Is ionann an cúrsa Leibhéal 6 Tumadóirí SCÚBA Tráchtála QQI agus an bunchlár don oiliúint ar fad do thumadóirí tráchtála in Éirinn. Díríonn an clár an teoiric tumadóireachta riachtanach agus na cleachtais tumadóireachta riachtanacha atá mar dhlúthchuid d'aon oibriúchán tumadóireachta tráchtála. Múintear do na mic léinn maidir leis na prionsabail a bhaineann le buntrealamh scúba agus an tslí ina gcuirtear i bhfeidhm é i dtimpeallacht tráchtála, chomh maith le córais shimplí chumarsáide agus prótacail sábháilteachta. Faigheann tumadóirí máistreacht ar obair a dhéanamh faoin uisce i réimse timpeallachtaí ag baint úsáide as uirlisí tábhachtacha chun na tascanna faoin uisce a chur i gcrích.

Is féidir le tumadóirí ag a bhfuil cáilíocht QQI Leibhéal 6 sa Tumadóireacht le Gaireas Análaithe ón Dromchla obair a dhéanamh in oibriúcháin tumadóireachta tráchtála sa tionscal dobharshaothraithe. Is ionann Tumadóireacht le Gaireas Análaithe ón Dromchla (SSD) agus an modh roghnaithe tumadóireachta sa tionscal dobharshaothraithe toisc go bhfuil go leor buntáistí sláinte agus sábháilteachta ag baint leis a thugann níos mó cosanta don tumadóir, agus soláthar aeir gan teorainn, chomh maith le soláthar cúltaca atá iomlán neamhspleách. In 2021, bhain naonúr daltaí cáilíocht amach in Oibriúcháin Tumadóirí SCÚBA Tráchtála agus bhain ochtar daltaí cáilíocht amach in Oibriúcháin Tumadóirí le Gaireas Análaithe ón Dromchla.

Is é tionscal dobharshaothraithe na hÉireann an príomhfhostóir de thumadóirí tráchtála sa tír. Tá ceangal dlí ar thumadóirí sa tionscal cáilíocht tumadóireachta tráchtála a bheith acu. In 2021, sheol BIM báirse tumadóireachta nua i gColáiste Náisiúnta Iascaigh na hÉireann i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. I measc na n-áiseanna úrscothacha ar bord ar an deic fhairsing, tá seomra dí-chomhbhrúcháin, stáisiúin tumadóireachta le gaireas análaithe ón dromchla, cóiríocht leasa agus córas hibride cumhachta ceallra.

Ba nuálaíocht mhór chomhshaoil í córas cumhachta hibrideach a úsáid, forbartha ag BIM agus a chomhpháirtithe tionscadail, a cheanglaíonn ceallra 52kwh le gineadóir. Mar thoradh air seo bhí coigilt bhreosla 85% agus 8 dtonna de chúiteamh na n-astaíochtaí carbóin ann. Beidh an báirse ríthábhachtach agus an caighdeán is airde d'oiliúint tumadóireachta tráchtála á sholáthar don tionscal. Tá dhá thionscadal Eorpacha ag baint úsáid as freisin - mar bhinse tástála d'fhorbairt córais a rachaidh chun socair don tionscal dobharshaothraithe.




## Cáilíochtaí a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta acu

Tá na coláistí agus na haonaid oiliúna chósta faofa ag Oifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO) sa Roinn Iompair chun cúrsaí maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Soithí Iascaireachta (STCW) a chur ar fáil agus chun deimhniúchán a bhronnadh thar a cheann.

## Scéim Shealadach Feistithe Breatimeachta

D'oibrigh BIM go dlúth leis an tionscal chun cinntiú go raibh Cártaí Sábháilteachta BIM ag gach iarratasóir ar an Scéim Shealadach Feistithe Breatimeachta agus gur ofráladh oiliúint dóibh nuair ba chuí. Le linn an tríú raithe de 2021, chuir an tAonad Oiliúna Cósta réimse de chláir oiliúna sábháilteachta ar fáil ar an gCósta Thoir, ó Cheann Chlochair i gCo. Lú go Cé na Cille Móire i gCo. Loch Garman chun freastal ar éileamh ar an scéim.

## Tionchair COVID-19

De réir srianta an Rialtais, lean Coláistí Náisiúnta Iascaigh na hÉireann de chuid BIM i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí agus sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall ag cur cúrsaí oiliúna duine le duine ar fáil le linn 2021, cé go raibh líon na rannpháirtithe laghdaithe. Cuireadh réimse beart in áit chun sábháilteacht na foirne agus na mac léinn a chinntiú, agus soláthar oiliúint dhuine le duine a chumasú.

## Foghlaim Ar Líne

Chuir BIM tús le tionscadal oideachais dhigitigh shuntasaigh i rith na bliana, a dhéanfaidh tuilleadh forbartha ar a straitéis oideachais dhigitigh fhadtéarmaigh, cumas na foirne chun ábhar ar líne a fhorbairt agus a sholáthar a thógáil, agus réimse cláir a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ag baint úsáid as Córas Bainistíochta Foghlama (LMS) CANVAS de chuid BIM.

Roghnaíodh sé mhodúl foghlama don fhoghlaim chumaisc ar stús agus rinneadh obair in 2021 chun ábhar digiteach a phleanáil agus a dhéanamh do Raidió Córais Dhomhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS), Tumadóireacht Tráchtála SCÚBA, Feasacht Sábháilteachta, Bun-Gharchabhair d'Iascairí, Caighdeán Bia Mara do Cheannaí Éisc agus Teicnící Marthanais Pearsanta. Tá pleananna ann an Tástáil Inghlacthachta Úsáideoirí a chur i gcrích le tionscal in 2022, mar chuid de straitéis BIM chun ábhar úr a chur ar fáil do gach foghlaimeoir.

## Aonad Oiliúna Cósta

Cuireann BIM oiliúint atá dírithe ó thaobh na tíreolaíochta de ar fáil d'iascairí thart ar an gcósta trí dhá Aonad Oiliúna Cósta soghluaiste a úsáid. Oibríonn na haonaid go príomha ar an gCósta Thiar agus is ionann iad agus ionad oiliúna for-rochtana a sholáthraíonn oiliúint riachtanach éigeantach do thionscal na hiascaireachta.

Cinntíonn an cur chuige ilfheidhmeach so-aimsithe seo don oiliúint ar bhonn náisiúnta gur féidir le hiascairí a gcuid oiliúna a dhéanamh gar dá gcalafort baile gan mórán cur isteach ar a gcuid sceideal iascaireachta. Is aonad glanscartha é an tAonad Oiliúna Cósta agus ceantar seomra ranga ann, oifig, agus ceantar do cheardlanna praiticiúla a bhfuil treallamh ionsamhlaithe raidió agus táblaí cairteacha ann.



## Iascairí Imirceacha

Chríochnaigh tríocha a ceathair iascaire imirceach Bunoiliúint Sábháilteachta chun bearta a ghlacadh mar bhaill criú ar shoithí iascaireachta cláraithe in Éirinn i rith na bliana. Tá na hiarratasóirí seo ar fad cláraithe faoin Scéim Oibre Neamhthipiciúil (AWS) arna cur ar bun ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus tá conarthaí i bhfeidhm acu mar a leagtar amach sa reachtaíocht náisiúnta. Leanann BIM ag obair go dlúth leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) chun oiliúint a chur ar fáil dá fhoireann iniúchta iascach, feasacht a mhéadú ar an scéim le tionscal agus chun cinntiú go mbíonn riar ar iascairí nach as an LEE iad ar chúrsaí oiliúna BIM mar is cuí.

## Sábháilteacht Bia, Cáilíocht Bhia Mara agus Scileanna Teicniúla

Le linn 2021, rinne BIM forbairt ar an acmhainneacht atá aige chun foghlaim chumaisc, amhail ríomhfhoghlaim agus seomra ranga fíorúil, a chur leis na cláir maidir le Sábháilteacht Bia. Reáchtáil BIM roinnt clár ar líne ar bhonn píolóta nach raibh creidmheas ag baint leo. Ciallaíonn sé seo gur féidir le BIM leanúint le hoiliúint agus comhairle maidir le sábháilteacht bia a chur ar fáil do na cliaint in ainneoin dúshláin gheografacha agus srianta COVID-19.

Tugadh oiliúint ionduchtúcháin um Shláinteachas Bia i mí Mheán Fómhair 2021. Cuireadh cúrsaí oiliúna gearra eile ar fáil go cianda in 2021, amhail Lipéadú Bia agus Cothú agus d'fháiltigh an tionscal go maith rompu. Moltar anois go gcuirfear cúrsaí ar Anailís Guaise agus Póintí Rialúcháin Criticiúla (HACCP) i struchtúr foghlama cumaisc as seo amach.

## Dearbhú Cáilíochta

Ceadaítear BIM ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun cláir oiliúna a sholáthar a bhainfidh dámhachtainí amach ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochta (NFQ). In 2021, sholáthair BIM cláir a mbíonn gradaim NFQ mar thoradh orthu i dtumadóireacht scúba tráchtála, tumadóireacht le gaireas análaithe ón dromchla, próisis innealtóireachta mara agus scileanna ceannaithe éisc.

Le linn na bliana, lean BIM de bheith ag forbairt an córas um Dhearbhú Cáilíochta, lena n-áirítear boird chláir a fhoirmiú agus an painéal fíordheimhnitheora sheachtraigh a leathnú. Tá rialú feabhsaithe mar thoradh air seo agus déanann sé cinnte de go mbíonn na cláir fós oiriúnach don fheidhm. Táirgeadh an tuarascáil bhliantúil um Dhearbhú Cáilíochta i mí na Nollag, a ghabhálann feabhsuithe cáilíochta a rinneadh le linn 2021 agus a dhéanann moltaí do feabhsuithe eile ar an gcóras um Dhearbhú Cáilíochta.

Rinneadh iniúchadh ar an gCóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS) ag comhlacht deimhnithe neamhspleách ar sholáthar oiliúint agus oideachas muirí sa Choláiste Náisiúnta Iascaigh sa Chaisleán Nua agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra i mí Eanáir agus i mí Iúil 2021. Measadh gur chomhlíon an QMS na ceanglais a bhain le ISO 9001:2015, agus nach raibh aon neamh-chomhréireachtaí. Cuirtear gach clár oiliúna de chuid BIM, a gceadaíonn Oifig na Suirbhéireachta Muirí (MSO) sa Roinn Iompair iad, san áireamh i scóip an Chórais Dhearbhaithe Cáilíochta agus an deimhniúchán ISO 9001:2015.

Cuireann an QMS chur chuige comhordaithe i bhfeidhm maidir le foghlaim, ag déanamh cinnte de go bhfaigheann mic léinn an t-ardchaighdeán teagaisc céanna ar fud na láithreán oiliúna go léir.

## Teastas i Scileanna Ceannaí Éisc

In 2021, bhí an Teastas i Scileanna Ceannaí Éisc ar siúl ó Lúnasa go Deireadh Fómhair i Mol Nuálaíochta Bia Mara, i gCloich na Coillte, Co Chorcaí. Dearadh an clár chun an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun go mbeidh siad in ann obair a dhéanamh go cumasach in earnáil mhiondíola an bhia mara.

Rinne foghlaimeoirí staidéar ar réimse leathan topaicí lena n-áirítear sláinteachas bia, measúnú caighdeáin bia mara agus seirbhís do custaiméirí. Bhí an deis acu freisin a scileanna bia agus a scileanna teicniúla um éisc a fhilléadú a fhorbairt. Fuair céimithe an chláir seo gradam sainchuspóireach Leibhéal 5 QQI i scileanna ceannaithe éisc, ar cáilíocht ghairmiúil é a aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



## Oiliúint Seirbhíse Bia

Ag obair i gcomhar leis na hOllscoileanna Teicneolaíochta agus na coláistí lónadóireachta ar fud na tíre, chuir BIM Máistir-ranganna Bia Mara in ullmhú éisc agus filléadaithe do mhic léinn scileanna cócaireachta. Le linn na ranganna seo, roinn Sárcheannaí Éisc léargas le mic léinn chun cur lena gcuid eolais, léirthuisceana agus tuisceana ar bhia mara na hÉireann. Le linn 2021, soláthraíodh seacht Máistir-rang Bia Mara do 119 duine, a mheas na mic léinn agus a dteagascóirí go raibh luach mór iontu.

## Scéim Oiliúna do Bhia Mara

Tacaíonn an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh CEMI, cur i bhfeidhm an Comhbheartas Iascaigh (CFP) athchóirithe agus Beartas Muirí Comhtháite an AE. Feidhm na scéime seo ná tacaíocht a chur ar fáil d'fhás inbhuanaithe na n-iascach agus an dobharshaothraithe le hoiliúint ghairmiúil a fhorbairt, scileanna nua agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Tá tacaíocht le fáil ón gciste CEMI ag foghlaimeoirí clár oiliúna BIM agus tugtar tacaíocht freisin d'fhoghlaimeoirí a bhfuil oiliúint á chur orthu ag soláthraithe oiliúna tríú páirtí aitheanta. Le linn 2021, tugadh €111,000 milliún ar an iomlán do 105 foghlaimeoir ar dheontas. Ba mhéadú de 62 tairbhe na scéime bliain in aghaidh bliana agus ardú €40,000 ar mhaoiniú.

Leanann BIM de bheith an scéim a chur chun cinn agus a fhorbairt do thionscal agus incháilitheacht na scéime a leathnú laistigh de pharaiméadair an phlean cur chun feidhme.

## Meonta i leith Gairmréimeanna san Earnáil Bia Mara

I mí Meithimh 2021, d'fhostaigh BIM an comhlacht taighde margaidh Red C chun meonta daoine níos óige i dtaca le gairmréimeanna san earnáil bia mara a mheas. Dhírigh an staidéar taighde seo ar daoine idir 16 agus 24 bliain d'aois agus orthu siúd a mbeadh tionchar acu ar a gcinntí gairmréime, amhail tuismitheoirí, múinteoirí agus comhairleoirí gairmthreorach.

Bunaithe ar na torthaí suirbhé, is léir go bhfuil deis suntasach ann feasacht a thógáil maidir le roghanna gairmréime sa thionscal bia mara i measc daoine níos óige.

In 2021, rinne Seomra Ranga Dobharshaothraithe Cianda BIM (ARC) clár a fhorbairt a bhí dírithe ar mhic léinn an dara leibhéil san idirbhliain, agus modúl faoi ghairmréime san áireamh.

Leis na braistintí seo, tá deis ann do BIM an insint sin a athrú, trí chur in iúl agus ag cur chun cinn go bhfuil réimse leathan gairmréimeanna i dtionscal bia mara na hÉireann, d'iontrálaithe le gach leibhéal oideachais a baineadh amach.

Ina theannta sin, tá raon gníomhaíochtaí reatha ag BIM atá dírithe ar mhic léinn an dara leibhéil lena n-áirítear na rudaí seo a leanas:

- Ag cur chun cinn an Seomra Ranga Dobharshaothraithe Cianda, arb feithicil oideachasúil í a thugann cuairteanna ar scoileanna chun páistí scoile a theagasc, mic léinn na hidirbhliana san áireamh, maidir le dobharshaothrú agus gairmréimeanna eile an bhia mara
- Réimse uirlisí a fhorbairt chun faisnéis maidir le gairmréimeanna san earnáil bia mara a chur ar fáil do mhic léinn agus do chomhairleoirí treoracha, amhail na meáin ar líne agus dul i dteagmháil díreach leis na scoileanna
- Rannpháirtíocht díreach le mic léinn na hidirbhliana chun aird a dhíriú ar dheiseanna gairmréime san earnáil
- Fógraíocht ar www.careersportal.ie, arb é an príomhshuíomh gréasáin um threorú slí bheatha in Éirinn
- Ag cur faisnéis ar fáil do chomhairleoirí um threorú slí bheatha le roinnt lena gcuid mac léinn
- Ag spreagadh urlabhraithe ceannasacha atá ag obair san earnáil bia mara cuir i láthair a dhéanamh agus bualadh le mic léinn ag laethanta gairmréime scoile
- Ag déanamh cinnte go mbíonn láithreacht láidir idirghníomhach ag aontaí gairmréime

Tá pleananna ag BIM na gealltanais atá ann cheana a leathnú sa todhchaí chun cabhair le cur chun cinn na deiseanna san earnáil.

### Clár Ceannaireachta agus Forbartha Bainistíochta 2021

Chun cabhair a thabhairt do chomhlachtaí bia mara a leathnú agus freastal ar riachtanais na gcustaiméirí atá ag athrú, tá trí phríomhchlár maidir le forbairt cinnireachta forbartha ag BIM - Horizon, Elevate agus an Clár Forbartha Mheánbhainistíochta a thugtar tacaíocht dó faoi CEMI.

### Clár 'Horizon'

Is é Horizon clár forbartha bainistíochta sinsearaí BIM a dearadh chun ard-oiliúint ghnó agus cheannaireachta a chur ar fáil don earnáil bia mara.

Díríonn an clár seo ar chúnamh a thabhairt do cheannairí comhlachtaí bia mara chun bheith ag smaoineamh go straitéiseach, bheith ina dtionchairí éifeachtacha, fócas breisluacha bheith acu, tábhacht infheistíochta i saineolas a aithint agus foireann bainistíochta shinsearach atá éifeachtach tionscantach a fhorbairt.

Thug rannpháirtithe a bhí ar an gclár Horizon le linn 2021 faoi cheann den dá chlár Horizon a bhí ann cheana, toisc go raibh an cúrsa mar mhodúl leantach ceaptha chun cur leis na scileanna agus na léargais a fuarthas cheana. Bhí cuid meantóireachta sna cláir chomh maith le clár máistir-ranga. Soláthraíodh an clár meantóireachta duine ar dhuine agus ar líne i dtrí sheisiún, le rannpháirtithe ag díriú ar dhúshláin mhóra gnó a bhí ag ceannairí sa thionscal.

Bhí ceithre chúrsa sna máistir-ranganna/clár d'fhoghlaim chumaisc, a soláthraíodh ar líne. Bhí modúil dírithe ar Cheannaireacht a Thabhairt Trí Athrú, Stóinseacht Gnó a Thógáil, Straitéis Ghnó Cliste a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm agus Ceannaireacht Éifeachtach ar chlár an chúrsa.

Bhí an clár ar fad ar siúl ó mhí an Mhárta go dtí mí na Samhna 2021, agus ceithre rannpháirtí ag críochnú an chúrsa.

### Clár Elevate

Ar na dúshláin is mó atá ag fostóirí sa thionscal ná daoine cumasacha a mhealladh agus a choinneáil. Is é atá in Elevate ná clár um chomhtháthú tallainne de chuid BIM, atá deartha chun na scileanna, eolas agus uirlisí is gá a thabhairt do gnólachtaí bia mara d'fhonn talann a chothú sa thionscal bia mara.

Tá an clár dírithe ar chomhlachtaí forásacha agus é mar aidhm aige sraith straitéisí maidir le forbairt bainistíochta tallainne, le cúig lá de thacaíocht chomhairleoireachta ó saineolaithe acmhainní daonna

Cuidíonn sé seo na próisis earcaíochta agus ionduchtaithe, na próisis forbartha na foirne gairmiúla, agus cleachtais rannpháirtíochta fostaithe a fheabhsú. Cuidíonn an tionscadal seo leis an earnáil bia mara dul in iomaíocht chun daoine cumasacha a mhealladh agus a chur in iúl gur earnáil thairbheach, spreagúil í ina féidir gairmréime a thógáil. Tugadh cuidiú do chomhlachtaí rannpháirtíochta teachtaireachtaí dearfacha a chruthú ag leagan amach cad chuige a roghnódh príomhfhruiliú comhlacht ar leith - mar tá páirt lárnach ag clú dearfach do bhainistíocht daoine a thógáil ó thaobh daoine cumasacha a mhealladh i dtimpeallacht fruilithe níos dúshlánaí.

Rinneadh an clár a sheoladh i mí Meithimh 2021 agus cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2021. D'aontaigh ceithre chomhlacht bia mara le páirt a ghlacadh sa chlár uasoiliúna ar feadh ceithre mhí.

### Clár Mheánbhainistíochta BIM

Seoladh Clár Mheánbhainistíochta BIM, i gcomhpháirtíocht le CGFÉ, i mí Eanáir 2021. Cuireann an clár réimse gearrchúrsaí agus clár creidiúnaithe ar fáil chun tacar scileanna agus cumais ag leibhéal na meánbhainistíochta a fhorbairt sa tionscal bia mara. Soláthraítear na cúrsaí ar fad ar líne, chomh maith le foghlaim idir phiaraí agus an deis leas a bhaint as sainteagascóirí agus taithí earnálacha eile.

## Tinreamh Oiliúna Tionscail Bia Mara BIM ar fud na n-ionad oiliúna in 2021

| Deimhniúcháin na Roinne Iompair (DoT) | Gach ionad |
|---|---|
| Deimhniú Iomlán Scipéara an DoT um Oifigigh Deice (Árthach Iascaireachta) | 6 |
| Deimhniúchán Iomlán Athláimhe an DoT um Oifigigh Deice (Árthach Iascaireachta) | 28 |
| Oifigeach Innealtóireachta DoT (Soitheach Iascaireachta) Aicme 2 | 2 |
| Oilteacht Báid Phaisinéirí DoT | 30 |
| Cúrsa Rialaithe Loingseoireachta (NCC) (Iascaireacht) | 5 |
| Córais Leictreonacha Loingseoireachta (ENS) (Iascaireacht) | 27 |
| Fo-iomlán | 98 |

| Sábháilteacht ar Muir | Gach ionad |
|---|---|
| Bunoiliúint Sábháilteachta Éigeantach 3 Lá, a bhfuil Cárta Oiliúna Sábháilteachta BIM mar thoradh air | 356 |
| Clár Fondúireachta Máirnéalach Boird | 6 |
| Teicnící Marthanais Pearsanta STCW IMO (PST AMHÁIN) | 16 |
| Comhrac Dóiteáin Muirí STCW IMO (3 LÁ) | 71 |
| Ardchomhrac Dóiteáin Muirí STCW IMO (5 LÁ) | 34 |
| Garchabhair Leighis IMO STCW (3 LÁ) | 41 |
| Cóireáil Leighis ar Bord Loinge IMO STCW (5 LÁ) | 15 |
| Fo-iomlán | 539 |

| Cumarsáid Raidió | Gach ionad |
|---|---|
| Deimhniúchán Gearr-Raoin GMDSS, Modúl 1 & 2 agus Teastas Oibreoirí Srianta GMDSS (ROC) | 59 |
| Teastas Ginearálta Oibreoirí GMDSS (GOC) | 37 |
| Fo-iomlán | 96 |

| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) cláir oiliúna bailíochtaithe | Gach ionad |
|---|---|
| Teastas QQI i Scileanna Ceannaí Éisc | 4 |
| Oibriúcháin Tumadóirí Scúba Tráchtála QQI | 9 |
| Oibriúcháin Tumadóirí le Gaireas Análaithe ón Dromchla Intíre QQI | 8 |
| Próisis Innealtóireachta Muirí (MEP) QQI | 19 |
| Fo-iomlán | 40 |

| Próiseáil, Miondíol agus Dáileadh Bia Mara (Uasoiliúint neamhchreidiúnaithe) | Gach ionad |
|---|---|
| Clár Forbartha Bainistíochta an chláir Horizon | 4 |
| Clár Forbartha na Meánbhainistíochta | 4 |
| Clár Forbartha Ceannaireachta – Éifeachtúlacht Phróisis | 2 |
| Cúrsa Tosaigh Láimhseála Éisc agus Filléadaithe Éisc | 4 |
| Máistir-rang Bia Mara le hOllscoileanna Teicneolaíochta | 119 |
| Fo-iomlán | 133 |
| **Soláthar Iomlán Oiliúna** | **906** |

# Nuálaíocht

Tá fócas tábhachtach ag BIM ar an nuálaíocht. Cuirimid réimse seirbhísí ar fáil agus soláthraímid tionscadail atá ceaptha chun tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí ar fud an tslabhra soláthair agus ar fud na n-earnálacha bia mara. Aidhm lárnach atá ann athrú dearfach a sholáthar do na gnólachtaí seo ach próisis, smaointe, seirbhísí nó táirgí nua a aimsiú agus a chur i bhfeidhm.





**Tá CEMI fós ina ionstraim maoinithe lárnach a rinne forbairt tionscadal nuálaíochta a chumasú ar fud réimse leathan ceantar in 2021 chomh maith le tacaíocht a thabhairt do chliaint maidir le tionchair an Bhreatimeachta ar a ngnó.**

### Straitéis don Earnáil Pheiligeach

Tá samhail gnó um thráchtearraí rathúil forbartha ag earnáil pheiligeach na hÉireann le scór éigin bliain anuas. Tá an-tionchar áfach, ag an séasúr atá ag éirí níos giorra, chomh maith leis na méaduithe ollmhóra ar chostais shlabhra soláthair -go háirithe ó thaobh amhábhair, cúrsaí lóistíochta agus fuinnimh - ar iomaíochas agus brabúsacht.

Tá na ceisteanna seo tar éis dul chun donachta ag an gcaillteanas 26% i sciar cuóta na ronnach a bhí i gcónaí mar chrann taca na hearnála mar gheall ar an mBreatimeacht. Le linn 2021, chuir BIM anailís straitéiseach na hearnála peiligí chun cinn a cuireadh tú leis in 2020, agus chuaigh i dteagmháil le páirtithe leasmhara a thuilleadh le pleananna infheistíochta caipitiúla tionscaltreoraithe a shainiú. Ina theannta sin, rinne BIM scóip moltaí a mheas maidir le páirtithe leasmhara na hearnála a chomhoibriú trí comhinfheistíocht a dhéanamh i saoráid próiseála mhórscála breisluacha. Cuirfear an treochlár straitéiseach seo, a mbeidh an anailís agus comhairliúcháin mar pháirt ann, i bhfeidhm le linn 2022, agus é dírithe ar shé réimse tosaíochta thábhachtacha: margaí, cabhlach, amhábhar, próiseáil, aeráid agus inbhuanaitheacht, agus nuálaíocht.

### Teicneolaíochtaí Nua Do Pheiligigh

Tá earnáil pheiligeach tar éis infheistíocht mhór a dhéanamh cumas a chothú chun méideanna móra de thráchtearraí a roisreo agus a onnmhairiú go héifeachtach. Ní mór don earnáil a éagsúla, áfach, chun iomaíochas a fheabhsú, d'fhonn breisluach a bhaint agus an séasúr próiseála a fhadú. D'oibrigh BIM le páirtithe leasmhara chun teicneolaíochtaí oiriúnacha ar féidir leo méideanna móra amhábhair reoite a fhaghairt (díreo) a aithint agus a thástáil d'fhonn é a phróiseáil a thuilleadh i rith na bliana.

Rinneadh athbhreithniú freisin ar theicneolaíochtaí a bhaineann le domhainreo aonair scothoiriúna ardtoillte a bhfuil an cumas acu tráchtearra breisluacha agus táirge miondíol réidh a sholáthar. Forbraíodh go rathúil freisin teicneolaíocht nuálach uathoibrithe ronnach a mhionchnámhú agus díol suntais í suim mhór na gcustaiméirí sa thairge gan cnámha. Tá próisealaithe ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar réitigh trealaimh éagsúla a bheidh le breithniú i bpleananna caiteachais caipitiúla sa todhchaí.

### Meithleacha Oibre Tionsclaíochta

Le linn 2021, tháinig an Grúpa Pacálaithe Oisrí na hÉireann le chéile ceithre huaire. Go fíorúil a reáchtáladh trí de na cruinnithe sin, agus reáchtáladh ceann acu i bpearsa nuair a ceadaíodh treoirlínte Covid-19 sin a dhéanamh. Cuireadh torthaí agus anailísí Norovíris i láthair ag Foras na Mara ag na ceithre chruinniú uile in 2021.

Tá an staidéar norovíris seo mar pháirt de thionscadal eile a bhfuil tacaíocht aige ó CEMI agus is léir gur bhain IOPG agus a chuid custaiméirí an-tairbhe as. Bunaíodh meitheal nua d'fheirmeoirí oisrí 'den chéad ghlúin eile', agus bhí a chéad chruinniú foirmiúil le bheith aige go luath in 2022. Bunaíodh Meitheal an Tionscail Bradán in 2021, agus bhí sé chruinniú acu – cúig acu go fíorúil agus ceann amháin i bpearsa. Bunaíodh Meitheal Diúilicíní, agus seimineár gréasáin amháin acu in 2021.

### Luasaire Dobharshaothraithe

Go dtí seo, tá trí Stiúideo Nuálaíochta agus clár luasaire dobharshaothraithe idirnáisiúnta iomlán amháin déanta ag an gclár a bhfuil tacaíocht aige ó CEMI, le comhpháirtithe an tionscadail Hatch. Tugadh 32 chomhlacht san iomlán tríd an bpróiseas.

Tá 105 phost nua ginte aige seo chomh maith le breis agus €10 milliún de mhaoiniú. Tá feasacht suntasach ginte aige freisin ar fhéidearthacht na deise "aquatech" in Éirinn.



**105 PHOST NUA**

**AGUS BREIS AGUS €10 MILLIÚN DE MHAOINIÚ LUASAIRE**

Tá príomh-mholadh anois ann maidir leis seo sa straitéis Físe Bia 2030:

'Infheistíocht domhanda i dteicneolaíocht dobharshaothraithe. Éire a chur chun cinn mar bhonn eolais i dtaca le teicneolaíocht dobharshaothraithe agus taighde chun infheistíocht a mhealladh dár mbonn eolais.'

## Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe

Is é an Seomra Ranga Cianda Dobharshaothraithe (ARC) ná forbairt na hÉireann den chlár AE 'Saothraithe san AE' (Farmed in the EU). Roimh 2020, cuireadh an clár i láthair trí chuairt aon lae chuig rang aonair de 30 dalta sa 5ú agus sa 6ú rang (11-12 bhliain d'aois) ar thrucail shaindéanta an ARC.

Tacaíonn CEMI leis an gclár agus mar gheall ar COVID-19 rinne BIM oiriúnú ar an gclár chun a bheith in ann leanúint leis an tseirbhís a chur ar fáil. Rinneadh clár úr ar leith a fhorbairt chun an t-eolas agus an taithí a chur ar fáil trí sheimineáir ghréasáin. In 2021, tugadh 30 seimineár gréasáin ar leith tríd an gclár ar líne de chuid ARC, lena n-áirítear ceann amháin ina raibh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue T.D. páirteach. Bhí 250 scoil páirteach sna seimineáir ghréasáin san iomlán, agus ghlac breis agus 6,500 dalta páirt iontu.

## Taste the Atlantic

Faoi láthair tá baint ag 21 thairgeoir san iomlán leis an gclár Taste the Atlantic. Tá na tairgeoirí seo le fáil ar fud chonair turasóireachta Fáilte Ireland. Reáchtáiltear an tionscadal CEMI seo i rannpháirtíocht le Fáilte Ireland.

Tháinig méid suntasach de thuairisciú sna meáin i rith na bliana ó réimse gníomhaíochtaí bainte le Taste the Atlantic, ó Ambasadóirí na gCócairí Óga (Young Chef Ambassadors) go lainseáil turais nua. Chruthaigh sé seo tacaíocht ó Fáilte Ireland agus ó phobail áitiúla ina bhfuil na gníomhaíochtaí dobharshaothraithe seo ag tarlú araon. Is tacaíocht shuntasach í seo don sprioc ceadúnais shóisialta a dtacaíonn an ghníomhaíocht leo. Meastar go raibh clúdach sna meáin in 2021 (gan na meáin shóisialta san áireamh) thart ar 500,000 duine ar fud na hÉireann, agus an clúdach scaipthe thar neart réigiún. Dea-thoil amháin a bhí léirithe maidir leis an tionscadal san anailís seo ar na meáin.



### Tionscadal Oasis

Tugadh faoi athbhreithniú ar fhorbairt na tailte a bhaineann le péirse agus breac sa Lár Tíre ar thailte Bhord na Móna. Bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe seo, rinneadh cinneadh chun dearcadh níos fadtéarmaí a ghlacadh agus anailís bhreise a dhéanamh ar an gceantar a fhorbairt mar ionad nuálach do thionscal dobharshaothraithe na hÉireann.

### Mol Nuálaíochta Bia Mara

Tá obair déanta ag Mol Nuálaíochta Bhia Mara BIM le 35 cliaint bhia mara ar réimse de thionscadail éagsúla nuálaíochta. Bhí rannpháirtíocht ann le 17 gcliant ar thacaíocht theicnúil nuálach ar leith, le 10 gcinn ar thionscadail nuálaíochta níos mó agus le hocht gcinn mar chuid de rannpháirtíocht le tionscadail chatagóire an tionscail. De na tionscadail ar fad, bhí an chuid is mó acu dírithe ar nuálach, agus líon ní ba lú acu dírithe ar laghdú costais trí éifeachtúlachtaí nuálacha.

I measc na dtairgí insoláthartha sonracha tá na nithe seo a leanas:

- Críochnú tuarascála, Acmhainneacht Nuálaíochta laistigh de SMEnna sa Tionscal Próiseála Bias agus Bia Mara, a shainaithin baic ar chleachtais nuálacha.
- Forbairt teicneolaíochta nuálach do Clean Smoke curtha i bhfeidhm i gcatagóir Bia Mara Deataithe.
- Forbairt trialacha ar theicneolaíocht nuálach chun Bia Mara a reo agus a dhí-reo.
- Críochnú lámhleabhair theicniúil ar chothú feidhmiúil do threochtaí sláinte agus folláine.
- Tuarascáil ar léargais ar an margadh Bia Mara do mhargadh na hÉireann.
- Taighde ar dheiseanna atá ann do thairgí bia mara reoite i margadh na hEorpa, tairgí ath-úra san áireamh.

### Nuálaíochtaí Éisc Ghil

Bhí trí mhargadh Eorpacha – an Fhrainc, an Spáinn agus an RA – an-lárnach maidir le heaspórtáil an éisc ghil agus le chéile b'ionann iad agus thart ar 80% d'easpórtáil an éisc ghil san iomlán. Tá luach €53 milliún ar an sé phríomhspeiceas den iasc geal in Éirinn agus díoltar iad den chuid is mó sa mhargadh tráchtearraí. Is é an bunphrionsabal taobh thiar d'infheistíocht ar bith in iasc geal nuálach ná an gá le bheith in iomaíocht le tíortha eile, go háirithe mar go mbíonn toradh agus rath tráchtála na n-iarrachtaí nuálaíochta neamhchinnte den chuid is mó.

Áirítear sa chlár oibre atá curtha i bhfeidhm go dtí seo tá na nithe seo a leanas:

- Tuarascáil lena n-áirítear nósanna imeachta oibríochta do righanna bainistíochta 'anisakis' ag baint úsáid as teicneolaíocht chun leitheadúlacht anisakis a laghdú. Is galar seadánach í anisakis agus is iad néimeatóidí (péisteanna) is cúis leis, a ghreamaíonn le balla an éasafagais, an ghoile nó na stéige.
- Taighde ar bharr feabhais a chur ar mhear-reo aonarach scoilteáin ag baint úsáid as teicneolaíocht nuálach le haghaidh tairge atá réidh don tomhaltóir
- Tuarascáil ar shlabhra soláthair breisluacha d'anglait, lena n-áirítear iniúchtaí miondíola ar thairgí breisluacha anglaite i margaí na Fraince agus na Spáinne.

### Stráitéis earnála grinnill

Déanfaidh an stráitéis seo deiseanna a shainaithint chun cruthú luacha a chumasú thar slabhra soláthair na hÉireann trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara an tionscail in earnáil grinnill na hÉireann.

Is é an uaillmhian atá ann, i gcomhréir le Food Wise 2025, ná cur leis an laghdú 70% toirte de ghabháil grinnill atá á onnmhairiú i bhformáid thráchtearraí. Tá forbairt na straitéise ag leanúint ar aghaidh, agus an aidhm ann í a chur i gcrích in 2022.

Go dtí seo, rinneadh a lán obair rannpháirtíochta le breis agus 50 páirtí leasmhar ar fud an slabhra soláthair chun baic nó saincheisteanna a aithint a théann i bhfeidhm ar chruthú luacha. Le linn 2022, is é an rún atá ann ná straitéis agus plean cur chun feidhme a chur le chéile ag baint úsáid as an léargas ó na rannpháirtíochtaí seo.

## Tacaíochtaí Breatimeachta don Tionscal Bia Mara

Sa Tacaíocht Breatimeachta Bia Mara bhí comhlachtaí próiseála aonair ag obair i gcomhar le meantóir custaim BIM formheasta chun:

a) Anailís a dhéanamh ar staid trádála an chomhlachta.

b) An dóigh ina mbeidh tionchar ag ceanglais chustaim ar staid trádála an chomhlachta a léirthuiscint agus a mhíniú.

c) Plean sainoiriúnaithe a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt don chomhlacht gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun ceanglais nua trádála a shásamh.

Ar an dul chun cinn a rinneadh áirítear na nithe seo a leanas:

- tugadh tacaíocht do 35 chomhlacht próiseála tríd an tionscadal
- Rinne BIM 10 seimineár gréasáin a óstáil/a chomhóstáil feasacht a chothú maidir leis na ceanglais chustaim nua agus iad a mhíniú do chomhlachtaí bia mara na hÉireann atá ag trádáil chuig nó tríd an RA.
- Forbraíodh suíomh gréasáin Mhol an Bhreatimeachta BIM agus rinneadh é a nuashonrú go reatha chun an tionscal a chur ar an eolas mar a tháinig forás ar cheanglais chustaiméirí.
- Bhí aiseolas dearfach ón dtionscal maidir leis an tacaíocht, agus 88% de na comhlachtaí a ghlac leis an tacaíocht sásta leis an tseirbhís agus a mheas go raibh a ngnó ullmhaithe níos fearr do na hathruithe Bhreatimeachta mar thoradh air.



# Cás Staidéir CEMI





Tá €10.4m maoinithe ag an gCiste Muirí agus Iascaigh thar 543 dheontas in 2021, 10 acu aibhsithe anseo.




## 1 ISLAND SEAFOODS, NA CEALLA BEAGA, CONTAE DHÚN NA NGALL

Gnó bia mara teaghlaigh is ea é Island Seafoods atá lonnaithe sa bhaile iascaireachta, Na Cealla Beaga, Dún na nGall. Tá an-tábhacht ag baint le hinbhuanaitheacht don chomhlacht, agus feidhmíonn siad a ngléasra hidrileictreacha féin rud a shábhálann breis agus 350 tonna gás ceaptha teasa in aghaidh na bliana.

Chabhraigh an Scéim Infheistíochta Caipitil Phróiseáil Bia Mara CEMI le Island Seafoods tuirbín gaoithe a cheannach a ghineann leictreachas a dhéanann cuid mhaith dá lorg carbóin a fhritháireamh, ag laghdú astaíochtaí laistigh den ghnó agus ag cur feabhas ar éifeachtúlacht agus iomaíochas freisin.

## 2 SHELLFISH IRELAND, BAILE CHAISLEÁIN BHÉARRA, CO. CHORCAÍ

Bunaíodh Shellfish Ireland (dá ngairtí tráth Shellfish de la Mer) ag beirt chara le bád amháin in 1987 agus tá siad anois ina bpríomhsholáthróir sliogéisc inbhuanaithe - portán, gliomach, agus cloicheáin san áireamh - do na slabhraí soláthair margaí áitiúla agus idirnáisiúnta i gCorcaigh.

Le maoiniú ón Scéim Infheistíochta Caipitil Phróiseáil Bia Mara CEMI thug siad faoi thionscadal breisluacha chun cumais a fhorbairt le freastal ar a bhonn custaiméirí reatha atá ag fás sa bhealach miondíola. Cuireann an tionscadal le cáilíocht agus comhsheasmhacht a bhfuil le thairiscint acu a mhéadú, agus ag an am céanna ag laghdú an idirghabháil láimhe sa phróiseas táirgthe. Tabharfaidh sé deis don chomhlacht díolacháin agus éifeachtúlachtaí táirgthe a mhéadú, agus leis sin, tuilleadh fostaíochta a chruthú agus an t-iomaíochas a mhéadú.



## 3 TEACH DEATAIGH BHAILE HAC, CONTAE LOCH GARMAN

I ngeall ar a gcuid iascach thar barr, tá clú mór air ar fud na hÉireann, agus bhí bradáin fhiáine ríthábhachtach don tsráidbhaile Bhaile Hac in aice le Colmán i Loch Garman ar feadh tréimhse níos faide ná céad bliain. Tá clann Breathnach, ar leosan Teach Deataigh Bhaile Hac, ar na ceansaitheoirí is seanbhunaithe in Éirinn.

Bhain siad leas as maoiniú FLAG CEMI Thoir Theas do leathnú táirgthe ar a dteach deataigh ar mhionscála a bhfuil duaiseanna buaite aige, le spás beag miondíola a bheith mar pháirt de, agus pleananna d'eispéireas cuartaíochta ar an láthair sa todhchaí, áit a mbeidh daoine in ann táirgeadh agus oidhreacht iascaireachta bradán a fheiceáil agus a fhoghlaim faoi laistigh d'áit ina bhfuil nasc láidir leis na traidisiúin Éireannacha seo.



## 4 AN CAOLÁIRE RUA, SLIOGÉISC

Gnó teaghlaigh sliogiasc is ea é Killary Fjord Shellfish, a tháirgeann diúilicíní den scoth a fhástar ar théad in uisce gan mhilleadh, agus a sholáthraíonn na hearnálacha miondíola, fáilteachais agus mórdhíoltóirí ar fud na tíre le réimse sliogiasc inbhuanaithe d'ardchaighdeán.

Bhí suim i gcónaí ó chuairteoirí san áit thaitneamhach atá acu agus, deis á feiceáil acu éagsúlú a dhéanamh i dtreo turasóireachta, bhain siad leas as maoiniú FLAG CEMI agus chuaigh chun bheith ina chuid den tionscadal Blas an Atlantaigh (Taste the Atlantic). Tá comhaontú comhair ann idir BIM agus Fáilte Ireland táirgeoirí bia mara thar barr agus a dtáirgí a chur chun cinn ar feadh conair turasóireachta cosúil le Slí an Atlantaigh Fhiáin.



# 5 'SEA LOUTH' CONAIR BIA MARA SCÉIMHE, CO. LÚ

Lánmhaoinithe ag FLAG CEMI, déanann 'sea louth' tairiscint turasóireachta a bhunú a chuimsíonn cósta iomlán Lú agus a chruthaíonn bealach úr do thurasóirí an ceantar a aimsiú. Cuimsíonn an chonair 14 láthair amhairc scéimhe scaipthe thar 70km de chósta Lú, agus breis agus 40 bialann rannpháirtíochta liostaithe a bhíonn ag riar bia mara áitiúil úr agus faisnéis maidir le naoi dtáirgeoir á cur ar fáil aici.

D'fhéadfaí pas 'sea louth' saindeartha a fháil ó na trí ionad um fhaisnéis turasóireachta i gContae Lú. Nuair a bhailíonn cuairteoir 10 stampa láithreach amhairc scéimhe agus dhá cheann ó bhialanna bia mara, gheobhaidh siad féirín 'sea louth' mar chuimhneachán. Tá 10 bhfiontar mar pháirt den chonair freisin a bhfuil tacaíocht faighte acu ó FLAG Thoir Thuaidh.








# 6 SALANN FARRAIGE DHAINGEAN UÍ CHÚIS

Bainte de láimh go cúramach, ní úsáideann an bheirt úinéir agus tháirgeoir Dingle Sea Salt ach an ghrian, an ghaoth & uiscí glana an Atlantaigh chun a dtáirge a chruthú trí phróiseas séasúrach nach tharlaíonn ach in Éirinn agus nach mbíonn dian ar an gcomhshaol. Cruthaíonn a modh galaithe gréine ísealcharbóin salann farraige a bhfuil an-chuid mianraí ann, ag cruthú blas blasta ar leith an Atlantaigh in aice le leithinis an Daingin.

Fuair an gnó mionscála nuathionscanta salann farraige seo i nDún Chaoin, Contae Chiarraí tacaíocht maoinithe do bhonneagar agus trealamh FLAG CEMI chun táirge críochnaithe a dhéanamh de smaoineamh scríofa.

Grianghraf le caoinchead Bríd Ní Luasaigh.





## 7 SHELLAQUA, OÉG, SLIGEACH

Tionscadal taighde atá i ShellAqua á óstáil ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG) tiomanta d'uirlisí a fhorbairt chun na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn an earnáil dobharshaothraithe sliogiasc in Éirinn a mheas. Tomhaiseann sé seo na tairbhí do dhaoine a sholáthraíonn an comhshaol nádúrtha ó éiceachórais shláintiúla, a d'fhéadfadh a bheith curtha ar fáil ag dobharshaothrú sliogiasc.

Tugtar tacaíocht don tionscadal ag an Scéim um Thairseach Eolais CEMI agus tá an fhoireann OÉG ag obair i gcomhar le feirmeacha tráchtála oisrí gigas, feirmeacha diúilicíní agus iascach oisrí dúchasacha. Beidh na huirlisí a forbraíodh ar fáil do na hearnálacha sin, chun an méid a chuir siad le feabhsúchán cothaitheach agus ceapadh carbóin sa mhuirthimpeallacht a dhoiciméadú.

## 8 FEIRM BREAC GOATSBRIDGE, CONTAE CHILL CHAINNIGH

Tosaíonn scéal Goatsbridge níos mó ná 800 bliain ó shin siar in 1180, nuair a d'iasc na manaigh ó Mainistir Sheireapúin in aice le Baile Mhic Andáin, Co Chill Chainnigh sna huiscí na hAirgealach Bige a bhíonn ag sníomh i gcroílár Ghleann na Feoire. In 1961 leis an abhainn seo cuireadh tús leis na chéad locha éisc den fheirm breac. Ag dul tríd a gcuid tailte tá sé seo anois mar chroílár de cheann de na feirmeacha breac is mó clú in Éirinn.

Tháirgeann an gnó teaghlaigh táirgí breac dea-dhathach, a fhaightear ón Airgeala Bheag agus chumasaigh maoiniú CEMI faoin Scéim Dobharshaothraithe Inbhuanaithe dóibh a gcuid locha a athchumrú agus an fheirm breac a uasghrádú.









# 9 LAN, AN FÁL CARRACH, DÚN NA NGALL

Fiontar Sóisialta atá i LAN, tiomanta d'fhostaíocht sa phobal a thacú trí thoradh a fhástar go nádúrtha a sholáthar ar fud Dhún na nGall thiar thuaidh.

Fuair an grúpa maoiniú scéime FLAG CEMI a thacaíonn le feabhsú agus forbairt phríomhacmhainn 50 bliain d'aois, i.e. teach gloine acra amháin, lena n-áirítear: bealach isteach suímh de thrí bhá i gceantar inar féidir oiliúint agus uasoiliúint a dhéanamh go sábháilte; uathchóras oscailte gaothaire éifeachtúil a bhunú in ionad an dianchóras ardláimhe mall anásta; rochtain oscailte do chuairteoirí ar an áit saothraithe ghoir den teach gloine a éascú.







## 10 PIARA THOIR, DÚN MÓR, CO PHORT LÁIRGE

Bhí aird Elaine Power dírithe ar thraidisiún iascaireachta agus bialann éisc i gcuid den tír seanaitheanta maidir leis seo. Le cuidiú ó mhaoiniú FLAG CEMI, thug sí faoi siopa éisc a athoscailt, chomh maith le láthair itheacháin taobh amuigh le trucail bia ag freastal air, mar chéad chéim Cuan Dhún Mór a athfhorbairt mar áit díol spéise i leith bia mara a cheannach agus a ithe.

Rinneadh fiontair phróiseálaithe bia mara breisluacha a dhruidim sa sráidbhaile roimhe sin, agus cailliúint fostaíochta san earnáil sin mar thoradh air. Fuair Elaine Gradam Gnó Nua na Bliana ó Chomhlachas Tráchtála Phort Láirge i ngeall ar rath a hiarrachtaí.

# Rialachas Corparáideach





Le linn 2021, lean BIM de bheith ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 le córais stóinsithe ar fud na heagraíochta idir phleanáil straitéiseach, agus bhainistíocht riosca, rialú airgeadais agus caighdeáin iompraíochta.

# Tá an Bord tiomanta do chreat rialachais chorparáidigh láidir i BIM, agus do chultúr ionracais a chothú chomh maith le hardleibhéil ráthaíochta a thabhairt dár ngeallsealbhóirí .

## An Bord

Tháinig an Bord le chéile le haghaidh 10 chruinniú le linn 2021. Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Bhoird leagan amach na straitéise agus treoir straitéiseach a sholáthar don choiste feidhmiúcháin; soláthar tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais; ceadú beartas um bainistíocht riosca; buiséid bhliantúla a cheadú agus caiteachas suntasach agus cinntí infheistithe a mhaoirsiú.

In 2021, anuas ar na nithe seo, phléigh an Bord freagairt na heagraíochta ar an mBreatimeacht agus tionchar Covid-19 ag gach cruinniú an Bhoird. Thug cruinnithe le linn na bliana aghaidh ar nósanna imeachta agus rialú an bhoird freisin; beartais eagraíochtúla; cur i bhfeidhm scéimeanna deontais mar atá molta ag thuarascáil ón Tascfhórsa Bia Mara i mí Dheireadh Fómhair; comhoibriú le gníomhaireachtaí Stáit agus forbairt na hearnála go ginearálta.

## Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird

Cuireann Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird (ARC) comhairle ar an mBord maidir le sásúlacht córas a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais, bainistíocht riosca, an fheidhm inmheánach iniúchta agus cóid iompair ghnó. Tá ARC neamhspleách ar an gcoiste feidhmiúcháin agus tuairiscíonn go díreach leis an mBord. In rinne ARC athbhreithniú ar cheithre iniúchadh inmheánacha a rinne na hiniúchóirí inmheánacha in 2021:

- Athbhreithniú ar éifeachtacht chóras an Rialaithe Inmheánaigh
- Athbhreithniú ar Chóras CRM (Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí)
- Athbhreithniú ar Phárolla
- Athbhreithniú ar Chóras Bainistíochta Deontais agus Íocaíochtaí.

Tá an Coiste Feidhmiúcháin um Riosca freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí agus rialú laistigh de BIM agus oibríonn sé go dlúth le ARC. Chuir an Príomhoifigeach Riosca clár na rioscaí corparáide, mar aon le tuarascáil, ar fáil do ARC gach ráithe. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an bpolasaí riosca agus ar na nósanna imeachta tuarascála in 2021 agus rinne an Bord iad a fhormheas.

I gcomhréir le Cód 2016, rinne ARC féinmheasúnú ar éifeachtacht an Choiste i mí na Samhna 2021. I measc na bhfreagairtí bhí cúpla moladh ann, agus tá aghaidh á tabahirt orthu ar fad. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar éifeachtacht na n-iniúchóirí inmheánacha agus dheimhnigh siad go raibh an-áthas orthu le feidhm na n-iniúchóirí agus leis an tseirbhís a thug siad do BIM.

> Chuir baill de Choiste Feidhmiúcháin BIM eolas i láthair an ARC maidir le gnéithe áirithe dá gcuid cúraimí. Le linn 2021 fuair ARC cuir i láthair ó Choiste Feidhmiúcháin BIM maidir leis an mBreatimeacht, cosaint sonraí agus COVID-19. Mheas ARC go raibh an-leas ag baint leis na cuir i láthair seo chun tuiscint níos fearr a chothú maidir leis na saincheisteanna agus rioscaí atá os comhair BIM, agus chun cumarsáid dhá bhealach a éascú maidir le fadhbanna idir bainistíocht agus ARC.

D'iarr ARC tuarascálacha ar leith ó Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha chun dearbhú a thabhairt don choiste maidir le calaois, éilliú agus breabaireacht; comhlíonadh soláthair; RGCS agus comhlíonadh canach. Ina theannta sin, rinne ARC athbhreithniú ar bheartais frith-calaoise agus ghadaíochta, agus nochtaí cosanta agus mhol siad leaganacha nuashonraithe don Bhord le faomhadh in 2021.

## An Coiste Oiliúna agus Forbartha

Cuireadh an Coiste Oiliúna agus Forbartha ar bun in 2020 mar fhochoiste an Bhoird chun comhairle a thabhairt ar threo straitéiseach BIM maidir le hoiliúint agus chun treoir agus maoirseacht ar sheirbhísí oiliúna agus forbartha BIM a chur ar fáil do na hearnálacha ar a bhfuil BIM ag freastal. Bhí cruinniú amháin ann in 2021.

## An Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair

Ceaptar an Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair mar fhochoiste neamhspleách den Bhord chun bainistiú a dhéanamh ar na próisis a bhaineann le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó róil shinsearacha bhainisteoireachta a earcú. Tagann an coiste le chéile de réir mar a cheanglaíonn an Bord. Níor reáchtáladh aon chruinnithe le linn 2021.

## Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.**

Chomhlíon gach duine ag a bhfuil post ainmnithe laistigh de BIM na riachtanais de chuid an Choimisiúin Oifigí Poiblí i gcomhréir le hAlt 18 agus 20 san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Tá nós imeachta in áit ag BIM chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Rinneadh nochtadh cosanta amháin le linn 2021. Déileáladh leis an nochtadh i gcomhréir leis an bpolasaí agus seasamh go páirteach leis. Rinneadh gníomhaíochtaí ceartaitheacha a shainaithint agus á gcur i bhfeidhm mar fhreagairt air.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Is beartas BIM é a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á déanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta cuí airgeadais, chun a áirithiú go n-íocfar gach soláthróir laistigh den tréimhse ama a éilítear, i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Foilsítear tuarascálacha ráithiúla maidir leis an gcomhlíonadh ar shuíomh gréasáin BIM.

## Iarratais ar Rochtain ar Fhaisnéis

**An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**

Dearbhaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 an ceart atá ag daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta atá ag daoine aonair.

Fuair BIM 15 iarratas san iomlán faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise in 2021. Ceadaíodh ocht gcinn acu seo agus leathcheadaíodh sé cinn. Diúltaíodh iarratas amháin. Bhí na hiarratais ag lorg rochtana ar réimse éagsúil faisnéise lena n-áirítear cúrsaí airgeadais, soláthar, córais, próisis inmheánacha chinnteoireachta, agus fáisnéis eolaíochtúil.

**Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), 2007 go 2018 (AIE)**

Déanann Rialacháin AIE foráil maidir leis an gceart rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol. Ceanglaíonn na Rialacháin ar BIM, mar údarás poiblí, bheith onnghníomhach maidir le heolas faoin gcomhshaol a scaipeadh ar an bpobal freisin. Ní bhfuair BIM iarratas ar bith ar fhaisnéis faoin AIE in 2021.

**Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)**

Fuair BIM dhá iarratas ar fhaisnéis faoin RGCS in 2021 agus freagraíodh ina n-iomlán an dá chás. Thuairiscigh BIM sárú amháin ar shonraí don Choimisinéir Cosanta Sonraí (DPC), nuair a seoladh sonraí pearsanta de thaisme chuig tríú páirtí. Déileáladh leis an gcás go pras; rinneadh moltaí an Choimisinéir Cosanta Sonraí a chur i gcrích láithreach, agus dhruid an Coimisinéir Cosanta Sonraí an cás. Níor gearradh aon phionós.

## Cairt do Chustaiméirí

D'fhoilsigh BIM Cairt do Chustaiméirí ina sonraítear a thiomantas iomlán seirbhís éifeachtach, thráthúil, ghairmiúil agus chúirtéiseach a chur ar fáil do chustaiméirí. Leagann an Chairt amach caighdeáin na seirbhíse ar féidir le custaiméirí bheith ag súil leo agus tá sé ar fáil i bhfáiltiú phríomhoifigí BIM agus ar líne.

## Bainistíocht Riosca

**Tá creat bainistithe riosca láidir i bhfeidhm a shonraíonn na príomhrioscaí atá roimh BIM agus a leagann amach maoluithe atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú.**



Déanann an Coiste Feidhmiúcháin Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gClár Riosca Corparáideach agus tuairiscítear don Choiste Iniúchta agus Riosca agus don Bhord go ráithiúil. Tá measúnú déanta ag BIM ar rioscaí na heagraíochta agus aimsíodh na príomhrioscaí seo a leanas in 2021.

| Maoluithe | Riosca |
|---|---|
| An riosca a bhaineann le tionchair shuntasacha dhiúltacha an Bhreatimeachta ar earnáil Bia Mara na hÉireann agus cumas BIM tacaíocht a thabhairt don earnáil agus é a fhorbairt. | Tá foireann Breatimeachta ann a dtugann tacaíocht don tionscal agus a oibríonn go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus gníomhaireachtaí eile a chuireann anailís agus eolas ar fáil. |
| Riosca cliste nó caillteanais bonneagair shuntasaigh | Beartais agus nósanna imeachta cothabhála agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm chomh maith le tacaíocht theicniúil de réir mar is gá. Dá gcaillfí aon rud, tá sócmhainní suntasacha clúdaithe ag an árachas; oiliúint don fhoireann, lena n-áirítear oiliúint chun teacht slán ón bhfarraige. |
| An riosca nach mbeifí in ann an straitéis reatha a chur i gcrích de bharr COVID-19 | Tá Foireann Bainistíochta Géarchéime i bhfeidhm chun freagairt a thabhairt air seo agus chun an treoir is déanaí ón Rialtas a chur i bhfeidhm. Oibríonn BIM le páirtithe leasmhara, DAFM agus cliaint chun dul in oiriúint le tacaíocht a thabhairt don tionscal agus chun leanúnachas seirbhíse a sholáthar, rud a dtacaíonn bonneagar láidir TF leis. |

## Soláthar agus an Cód Caiteachais Phoiblí

Tá próiseas soláthair phoiblí láidir agus sofhreagrach ag BIM atá i gcomhréir go hiomlán leis an gCód Caiteachais Phoiblí chomh maith le gach riail soláthair náisiúnta agus de chuid an AE agus a léiríonn an cleachtas is fearr maidir le soláthar. D'fhógair BIM 53 tairiscint ar etenders.gov.ie in 2021, i dteannta le soláthar trí chreat-chomhaontaithe na hOifige um Sholáthar Rialtais. Tugadh 29 cúrsa oiliúna soláthair san iomlán do bhreis agus 70 ball foirne in 2021 agus ag deireadh na bliana tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach de chomhlíonadh na heagraíochta leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Dhearbhaigh sé seo go bhfuil BIM i gcomhréir go hiomlán leis an gCód.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag BIM atá mar bhonn faoin ár dtiomantas chun feabhsú leanúnach a thiomáint i gcomhréir leis na hoibleagáidí comhlíonta ar fad is infheidhme, lena n-áirítear An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Tá Ráiteas Sábháilteachta BIM bunaithe ar mheasúnuithe riosca ar rioscaí san ionad oibre agus cuirtear bearta rialaithe cuí i bhfeidhm chun sláinte agus sábháilteacht na foirne, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí ar ár n-ionad oibre a chosaint. In 2021, bhí trí neastimpistí ag BIM agus ní raibh timpiste ar bith ann. Ba mhionrudaí iad na neastimpistí ar fad agus déileáladh leo trí mhiondeisithe in dá chás agus trí Ghnáthnós Imeachta Oibritheora sa tríú cás.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

In 2021 d'fhorbair BIM Polasaí agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) atá arna treorú ag an bhfoireann agus a dtugann an Bord tacaíocht láidir dó.

Rinne meitheal oibre seo a fhorbairt atá tiomanta do chinntiú gur eagraíocht í BIM a aithníonn an luach a bhaineann le héagsúlacht i measc na foirne, áit a mothaíonn na baill foirne go bhfuil siad páirteach agus go n-aithnítear a luach, ní in anneoin a n-éagsúlachtaí ach mar gheall orthu. Thuairiscigh 11% dár bhfoireann go raibh siad faoi mhíchumas in 2021. Mar eagraíocht is í an fhís atá againn ná leanúint linn chun timpeallacht oibre a chothú ina bhfuil meas agus luach ar an éagsúlacht i measc na foirne, na gcliant, agus na bpáirtithe leasmhara, áit ina gcaitear le daoine le meas agus tuiscint agus ina bhfuil an éagsúlacht, an comhionannas agus an t-ionchuimsiú mar chuid den chultúr agus fite fuaite inár gcleachtais. Is fir iad 54% de bhaill foirne BIM agus is mná iad 46%.

Amhail ar an 31 Nollaig 2021, bhí triúr (60%) comhaltaí baineanna agus beirt(40%) chomhaltaí fireanna ar an mBord agus bhí ról an Chathaoirligh folamh. Mar sin de, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais chun ionadaíocht íosta de 40% ar gach inscne i gcomhaltas Bhoird an Stáit a bhaint amach.

**IS IONANN SCIAR NA hÉIREANN DE CEMI NÁ THART AR €239.2 MILLIÚN AGUS DÁILTEAR THART AR €100 MILLIÚN DE SEO DO SCÉIMEANNA ARNA OIBRIÚ AG BIM**

## Soláthar Faisnéise do Bhaill an Oireachtais

D'fhreagair BIM gach iarratas ó Bhaill an Oireachtais in 2021 go pras agus go soiléir.

## Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá BIM tiomanta chun ár lorg carbóin a laghdú agus feabhsú á dhéanamh ar éifeachtacht feidhmíochta fuinnimh, ar ídiú uisce agus ar laghdú dramhaíola. Tacaítear leo seo ar fad le feachtais feasachta foirne.

In 2021, chuir BIM roinnt tionscadail fuinnimh i bhfeidhm, lena n-áirítear gach solas briste a uasghrádú go feistithe LED, agus aisfheistiú báirse tumadóireachta atá tíosach ar fhuinneamh a chríochnú le húsáid ina chúrsaí tumadóireachta tráchtála. Is córas hibrideach é príomhfhoinse cumhachta an bháirse a bhaineann úsáid as ceallra 52KWh agus déantar seo a athluchtú nuair is gá le gineadóir cúltaca. Rinneadh an córas seo a thástáil in 2021 agus déanfar a thuilleadh forbartha air in 2022 d'fhonn ceallra níos mó agus grianphainéil a chur isteach a bheidh in ann riachtanais chumhachta an bháirse san iomlán a chomhlíonadh.

**Laghdú in Úsáid fhoriomlán Fuinnimh BIM in 2021 ar 2009 (bonnlíne)**

**Laghdú in Úsáid fhoriomlán Fuinnimh BIM in 2021 ar 2009 (bonnlíne)**

| Tomhaltas Críochnaitheach Iomlán kWh | Bonnlíne (2009) | 2021 |
|---|---|---|
| | 4,109,369 | 2,575,398 |
| **Coigilteas kWh** | 1,533,971 | 37% |
| **Coigilteas um Fheidhmíocht Fuinnimh- kWh/ Méadrach Gníomhaíochta Ilchodach** | 7,575 | 7,931 |
| **Coigilteas um Fheidhmíocht Fuinnimh- kWh/ Méadrach Gníomhaíochta Ilchodach** | 356 | 4.7% |
| Astaíochtaí- de réir Bearna chuig an Sprioc SEAI | Bonnlíne (2016-2018) | 2021 |
| **Coigilteas kWh** | 1,051,023 | 705,398 |
| **Fo-iomlán** | 345,625 | 32.9% |

Cé go bhfuil ídiú fuinnimh laghdaithe go suntasach ag BIM bliain i ndiaidh bliana, ag sárú sprioc an Rialtais de laghdú 30% ar astaíochtaí $CO_2$, níor bhain sé amach an sprioc de laghdú 20% i bhfeidhmíocht fuinnimh faoi 2020, de bharr úsáid leitheadaí fuinnimh i ngléasraí oighir BIM.

Chabhraigh an áitíocht níos ísle de bharr na cianoibre le linn 2021 le laghdú ídithe fuinnimh a bhaint amach, toisc nach raibh an oiread soilse ná ríomhairí in úsáid, sábháladh ar théamh sna hoifigí réigiúnacha a bhí dúnta agus ní raibh an oiread dramhaíola ann le diúscairt.

D'éirigh go geall le BIM san iniúchadh athdheimhniúcháin 'Eco Merit' in 2021 toisc gur chuir sé Córas Bainistíochta Comhshaoil i bhfeidhm ina cheannoifig i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den phlean seo, chuir BIM tús le monatóireacht a dhéanamh ar a úsáid leictreachais agus gáis, a ídiú uisce agus a dhiúscairt dramhaíola ar an láthair. Tá sé i gceist ag BIM na rialuithe monatóireachta seo a leathnú amach chuig oibriúcháin agus foirgnimh eile amach anseo agus an scóip ann chun bearta bithéagsúlachta a thabhairt isteach i láithreáin áirithe.

Tá iniúchadh fuinnimh á dhéanamh arna tacú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun deiseanna úra a shainaithint chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, astaíochtaí $CO_2$ a laghdú agus an comhshaol a chosaint.

Tá tionscadail eile á ndéanamh chun úsáid fuinnimh a laghdú, lena n-áirítear linn úr atá tíosach ar fhuinneamh don oiliúint chun teacht slán ón bhfarraige a chur isteach ag Coláiste Náisiúnta Iascaigh BIM sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall. Faoi láthair tá BIM ag fiosrú na bhféidearthachtaí le grianphainéil a chur isteach agus ídiú uisce a laghdú trí rialtáin brathadóra ar sconnaí. Tá pleananna eile ar na bacáin chun pointí leictreachais a chur sna carrchlóis agus feithiclí leictreacha a chur in ionad an fhlít veaineanna atá ag BIM de réir a chéile.





## Scéimeanna Deontais BIM

Le linn 2021 chuir BIM 18 scéim deontais i bhfeidhm don earnáil bia mara, agus 907 íocaíocht deontais ann arbh ionann €20,866,429 iad san iomlán i gcúnamh deontais. De na híocaíochtaí seo, rinne an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) 15 scéim a chómhaoiniú ar ráta 50%. Is ionann seo agus íocaíochtaí deontais ar luach €10,395,555. Sa chuid eile, bhí an 'Scéim Feistithe Shealadach' de €10,013,300 arna maoiniú ag Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta (BAR) agus deontais de €457,574 de chuid Scéim Shábháilteacht an Chabhraigh agus Turasóireacht Muirí.

## Clár Oibríochta CEMI

Tugann an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh cómhaoiniú i gcomhair le Rialtas na hÉireann do Chlár Oibriúcháin CEMI d'Éirinn. Tá BIM tiomanta freisin do chlár leathan oibre comhoibritheach arna mhaoiniú faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM), ár gcomhghníomhaireachtaí Bord Bia agus Foras na Mara, chun na gealltanais náisiúnta atá leagtha amach faoin gclár Food Wise 2025 agus pleananna an chláir Harnessing Our Ocean Wealth a bhaint amach le chéile.

Cuireann CEMI maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí a thacaíonn le Comhbheartas Iascaigh an AE (CFP) agus le Beartas Muirí Lánpháirtithe trí chur i bhfeidhm Clár Oibriúcháin sa tréimhse 2014-2020.

In Éirinn, tá thart ar €239.2 milliún, agus dáiltear thart ar €100 milliún de seo ar scéimeanna arna oibriú ag BIM ar mhaithe leis na spriocanna seo a leanas:

- Chun cabhrú le hiascairí leis an aistriú go hiascaireacht inbhuanaithe
- Chun tacú le pobail chósta a ngeilleagar a éagsúlú
- Chun tionscadail a mhaoiniú a chruthaíonn poist úra agus a fheabhsaíonn caighdeán na beatha ar chósta na hEorpa
- Chun tacú le forbairtí inbhuanaithe dobharshaothraithe
- Chun rochtain ar mhaoiniú a éascú d'iarratasóirí.



# Scéimeanna an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh 2021

## Déantar Clár Oibriúcháin na hÉireann a eagrú faoi chomaoin sé Thosaíocht an Aontais (UP's), agus na cláir atá á oibriú ag BIM ag tacú le ceithre de na tosaíochtaí sin UP1 Forbairt Inbhuanaithe Iascach; UP2 Forbairt Inbhuanaithe Dobharshaothraithe; UP4 Forbairt Inbhuanaithe ar Cheantair Iascach agus Dobharshaothraithe agus UP5 Margaíocht agus Próiseáil

### 2021 Maoiniú Deontais

| Ainm na Scéime | Líon Deontais | Státchiste | An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh | Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta |
|---|---|---|---|---|
| An Scéim um Thairseach Eolais | 2 | | 18,870 | |
| Scéim Oiliúna do Bhia Mara | 161 | | 103,756 | |
| Scéim Nuálaíochta Próiseálaithe Bia Mara | 10 | | 326,306 | |
| Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid A | 2 | | 156,005 | |
| Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Intíre | 20 | | 143,799 | |
| An Scéim um Chaomhnú Iascaigh Intíre - V-eangúchán | 92 | | 330,821 | |
| Scéim Tacaíochta Dobharshaothraithe COVID-19 | 16 | | 78,400 | |
| Scéim Eagraíochta Táirgeoirí | 6 | | 302,662 | |
| An Scéim um Scálú Bia Mara agus Fhorbairt Mhargaí Nua | 1 | | 81,233 | |
| Scéim Forbartha Ceantair Áitiúil na nIascach (FLAGanna) | 119 | | 1,826,487 | |
| Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid B | 23 | | 824,345 | |
| Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid C | 2 | | 414,391 | |
| Scéim Infheistíochta Caipitil Bia Mara | 24 | | 2,652,224 | |
| Scéim an Iascaire Óig | 1 | | 67,250 | |
| Scéim Dhobharshaothraithe Inbhuanaithe | 64 | | 3,069,006 | |
| Scéim Shábháilteacht an Chabhlaigh | 166 | 431,407 | | |
| Scéim Sábháilteachta Turasóireachta Muirí | 14 | 26,167 | | |
| Scéim Shealadach Feistithe de chuid an Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta | 184 | | | 10,013,300 |
| **Iomlán** | **907** | **457,574** | **10,395,556** | **10,013,300** |
| **Móriomlán** | | | | **20,866,429** |

### Scéimeanna Seachtracha Maoinithe Deontais de chuid an Bhoird Iascaigh Mhara

Tacaíonn an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) le Clár Oibriúcháin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) arb é is aidhm dó príomhthosaíochtaí náisiúnta forbartha a bhaint amach. In 2021 riar BIM 15 scéim sheachtrach maoinithe deontais thar cheithre Thosaíocht Aontais. Féach aguisín 1 chun a thuilleadh sonraí a fháil ar an miondealú maoinithe.

## 1. Scéim Iascach Inbhuanaithe

Tacaíonn an scéim le hinfheistíocht i gcleachtais úra a spreagadh a chuireann le laghdú ar ghabhála d'éisc nuaghinte agus/nó thar chuóta don speiceas, agus an aidhm atá ag an scéim ná inbhuanaitheacht na n-iascach a fheabhsú. Tá trí fhoscéim neamhspleácha, A, B & C sa Scéim.

### Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid A (Tionscadail ar son Leas an Phobail)

Cuireann an scéim seo cúnamh deontais ar fáil chun tionscadail ar son leas an phobail a dhéanamh a thacaíonn leis an earnáil ghabhála, go sonrach trí thionscadail a chuireann chun cinn an nuálaíocht, bainistiú athraithe, bearta caomhnaithe, trealamh iascaireachta atá maith don chomhshaol agus modhanna agus tionscadail a chuirfidh le cosaint nó le hathchóiriú bithéagsúlachta mara agus éiceachóras. Maoinaíodh dhá dheontas faoin scéim seo d'Fhoras na Mara chun tabhairt faoi thionscadail chlibeála tuinnín.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Gaillimh | 2 | €156,005 |
| **Iomlán** | **2** | **€156,005** |

### Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid B

Soláthraíonn an scéim seo cúnamh deontais d'infheistíocht chaipitil ionsuite maidir le soithí iascaireachta mara, chun éifeachtúlacht fuinnimh an tsoithigh a fheabhsú, tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, coinníollacha maidir le stóráil gabhálacha ó iascaireacht a fheabhsú agus éifeachtúlacht breosla nó fuinnimh a fheabhsú don soitheach.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 11 | €349,079 |
| Dún na nGall | 6 | €229,875 |
| Gaillimh | 2 | €118,899 |
| Ciarraí | 1 | €51,360 |
| Lú | 1 | €35,040 |
| Maigh Eo | 1 | €9,380 |
| Loch Garman | 1 | €30,713 |
| **Iomlán** | **23** | **€824,345** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.

| Catagóir | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Sláinteachas, sláinte agus dálaí oibre & bainistíocht dramhaíola ar bord | 4 | €140,758 |
| Luach a Chur le Táirgí Bia Mara | 1 | €1,996 |
| Infheistíochtaí ionsuite a dhéanann cáilíocht a fheabhsú | 7 | €331,606 |
| Trealamh iascaireachta a oireann don chomhshaol & cosaint bhithéagsúlacht na Mara | 2 | €27,228 |
| Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus maolú ar athrú aeráide | 6 | €250,926 |
| Athchur inneall do shoithí atá níos lú ná 12 mhéadar | 3 | €71,828 |
| **Iomlán** | **23** | **€824,345** |

## Scéim Iascach Inbhuanaithe Cuid C

Tacaíonn an scéim seo le hiascairí dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha tríd an mbonneagar maidir le heintitis den chéad díolphointe a fheabhsú, bearta a aimsíonn margaí nua agus a fheabhsaíonn na coinníollacha le haghaidh gabhálacha de thaisme a chur ar an margadh chomh maithe le hinfheistíocht i gcórais deimhniúcháin agus inrianaitheachta lasmuigh de cheanglais reachtacha.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Loch Garman | 2 | €414,391 |
| **Iomlán** | **2** | **€414,391** |

## 2. Scéim Chaomhnaithe Iascaigh Intíre

Is é an cuspóir na Scéime Iascaigh Intíre ná sruth maoinithe tiomnaithe a chur ar fáil chun tacú leis an earnáil iascaigh intíre. Tacaíonn an scéim le bearta maidir le bainistíocht agus caomhnú stoc intíre chomh maith le hullmhú agus le cur i bhfeidhm pleananna bainistíochta stoc intíre. Mar thoradh ar an scéim tá méadú ó thaobh stóráil & slándáil de agus táirgí níos úire agus ar chaighdeán níos fearr.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| An Clár | 1 | €4,098 |
| Corcaigh | 4 | €32,871 |
| Dún na nGall | 4 | €49,280 |
| Baile Átha Cliath | 1 | €5,548 |
| Gaillimh | 5 | €31,149 |
| Ciarraí | 2 | €4,000 |
| Maigh Eo | 1 | €3,877 |
| Sligeach | 2 | €12,975 |
| **Iomlán** | **20** | **€143,799** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.







**Mionsonrú de réir Catagóire**

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Stóráil | 5 | €36,668 |
| Cuisniúchán | 13 | €72,251 |
| Trealamh | 2 | €34,880 |
| **Iomlán** | **20** | **€143,799** |

## 3. An Scéim um Chaomhnú Iascaigh Intíre - V-eangúchán

Faoin Scéim seo, soláthraítear cúnamh deontais do ghrúpaí formheasta (agus i gcásanna eisceachtúla do dhaoine aonair) chun cláir áitiúla um v-eangú gliomaigh a chur i bhfeidhm. Cuidíonn an scéim seo le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht iascaigh ghliomaigh na hÉireann trí ghliomaigh bhaineanna a chosaint ionas gur féidir leo síolrú roinnt uaireanta sula mbainfear iad. Déanann an scéim cinnte de go dtiocfadh a oiread gliomach baineann pórúcháin agus is féidir slán, rud a chuireann le daonra gliomach níos inbhuanaithe.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| An Clár | 1 | €8,274 |
| Corcaigh | 23 | €62,562 |
| Dún na nGall | 8 | €21,237 |
| Baile Átha Cliath | 13 | €31,537 |
| Gaillimh | 17 | €59,269 |
| Ciarraí | 8 | €26,503 |
| Lú | 4 | €8,403 |
| Maigh Eo | 3 | €13,913 |
| Sligeach | 6 | €38,071 |
| Port Láirge | 6 | €30,057 |
| Loch Garman | 2 | €23,439 |
| Cill Mhantáin | 1 | €7,556 |
| **Iomlán** | **92** | **€330,821** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.



## 4. An Scéim um Thairseach Eolais

Tacaíonn an Scéim um Thairseach Eolais le taighde feidhmeach, forbairt speiceas nua agus tráchtálú, taighde maidir le galair agus seadáin a bhainistiú, comhairle maidir leis an gcomhshaol agus pleanáil gnó a chur ar fáil chomh maith le deiseanna oiliúna agus líonraithe don earnáil dobharshaothraithe.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| An Iarmhí | 1 | €12,259 |
| Corcaigh | 1 | €6,611 |
| **Iomlán** | **2** | **€18,870** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.

## 5. Scéim Eagraíochta Táirgeoirí

Cuireann an scéim seo tacaíocht ar fáil d'Eagraíochtaí Tairgeora atá cláraithe. Baintear seo amach trí chabhrú a thabhairt dóibh chun pleananna táirgeachta agus margaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm; trí thacú le freastal ar chruinnithe ar leith; trí eolas agus seirbhísí comhairleacha agus tacaíocht do chaipiteal sonraithe agus do chostais riaracháin a chur ar fáil.

Déanann an scéim seo cumarsáid, comhoibriú agus scaipeadh eolais a chumasú do na heagraíochtaí tairgeora agus a gcuid páirtithe leasmhara chomh maith le cabhrú le hionadaíocht na bpríomhthairgeoirí a chumasú ag cruinnithe ardleibhéil polasaí.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 1 | €90,164 |
| Dún na nGall | 2 | €170,754 |
| Ciarraí | 2 | €6,944 |
| Port Láirge | 1 | €34,800 |
| **Iomlán** | **6** | **€302,662** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.




## 6. Scéim Dhobharshaothraithe Inbhuanaithe

Is é cuspóir na Scéime Dhobharshaothraithe Inbhuanaithe ná fás inbhuanaitheach maidir le haschur, luach agus fostaíocht san earnáil dobharshaothraithe a chur chun cinn. Díríonn sé ar tacaíochtaí a chur ar fáil chun aschur táirgíochta fiontar dobharshaothraithe a mhéadú ar bhealach inbhuanaitheach, agus tacaíocht a thabhairt d'fhiontair dhobharshaothraithe ag teacht isteach san earnáil. Tá sé mar aidhm aici freisin cabhair a thabhairt d'fhiontair dhobharshaothraithe a mhéadú ó scála chun feabhas a chur lena gcuid iomaíochais agus éifeachtúlachta; éagsúlú isteach i speicis nua agus saothrú a mhéadú maidir le speicis tearcúsáidte. Mar chríoch, chuireann sí dobharshaothrú orgánach chun cinn.

D'éirigh leis an scéim luach a chur le gnóthaí dobharshaothraithe trí chabhrú le leathnú gnóthaí nua agus gnóthaí atá ann cheana chomh maith lena n-acmhainneacht táirgeachta; modhanna fáis níos fearr agus suímh nua a fhorbairt.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 10 | €263,789 |
| Dún na nGall | 21 | €1,065,864 |
| Gaillimh | 3 | €353,663 |
| Ciarraí | 13 | €408,830 |
| Cill Chainnigh | 3 | €500,000 |
| Lú | 3 | €242,140 |
| Maigh Eo | 8 | €134,499 |
| Tiobraid Árann | 1 | €24,000 |
| Port Láirge | 1 | €53,820 |
| Loch Garman | 1 | €22,400 |
| **Iomlán** | **64** | **€3,069,006** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.

**Mionsonrú de réir Catagóire**

| Catagóir | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Feirm Nua | 6 | €666,787 |
| Bád Oibre Nua | 1 | €314,312 |
| Deimhniúchán Orgánach | 4 | €5,250 |
| Infheistíocht Táirge | 43 | €1,841,045 |
| Infheistíocht Cháilíochta | 7 | €241,612 |
| **Iomlán** | **61** | **€3,069,006** |




## 7. Scéim Infheistíochta Caipitil Bia Mara

Tacaíonn an Scéim seo le hinfheistíocht chaipitil ag fiontair phróiseála bia mara d'fhonn earnáil phróiseála breisluacha atá iomaíoch agus inbhuanaitheach a fhorbairt. Tá tacaíochtaí dírithe ar infheistíochtaí caipitil a laghdaíonn costais fuinnimh, a chuireann feabhas ar shábháilteacht, sláinte, sláinteachas agus inrianaitheacht agus a chuireann luach trí phróiseáil, cur i láthair agus pacáistíocht. Chumasaigh tacaíochtaí faoin gclár seo próiseálaithe chun rochtain a fháil ar na teicneolaíochtaí is úire d'fhonn an fhorbairt, táirgeacht agus dáileadh táirgí bia mara is fearr is féidir a bhaint amach. chuir sé ar a gcumas do chomhlachtaí a leathnú d'fhonn freastal ar éilimh níos mó agus ar threochtaí atá ag athrú maidir le bia mara agus cos a choinneáil le héilimh chustaiméirí agus ag an am céanna cosaint a dhéanamh ar fhostaíocht atá ag fás agus coinníollacha oibre d'fhoireann sa thionscal a fheabhsú.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 10 | €1,785,380 |
| Dún na nGall | 3 | €179,953 |
| Baile Átha Cliath | 1 | €7,500 |
| Gaillimh | 2 | €76,065 |
| Ciarraí | 2 | €238,178 |
| Lú | 2 | €47,520 |
| Maigh Eo | 1 | €35,838 |
| Loch Garman | 2 | €238,169 |
| Sligeach | 1 | €43,622 |
| **Iomlán** | **24** | **€2,652,224** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.

| Catagóir | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Coigilt fuinnimh nó tionchar ar an gcomhshaol a laghdú | 1 | €14,070 |
| Sábháilteacht, sláinteachas, sláinte, coinníollacha oibre a fheabhsú | 3 | €136,390 |
| Táirgí, próisis nó córas bainistíochta nua nó feabhsaithe | 20 | €2,501,765 |
| **Iomlán** | **24** | **€2,652,224** |

## 8. Scéim Tacaíochta Dobharshaothraithe COVID-19

Bhí an Scéim Tacaíochta Dobharshaothraithe COVID-19 ar fáil d'fheirmeoirí diúilicíní téide agus oisrí gigas saothraithe go dian chun tacú le feirmeoirí dobharshaothraithe a raibh tionchar diúltach orthu ag COVID-19.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 6 | €25,600 |
| Dún na nGall | 1 | €6,800 |
| Gaillimh | 3 | €14,900 |
| Ciarraí | 4 | €18,500 |
| Maigh Eo | 1 | €3,600 |
| Port Láirge | 1 | €9,000 |
| **Iomlán** | **16** | **€78,400** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.



## 9. Scéim Oiliúna do Bhia Mara

Cuireann an scéim seo cúnamh deontais ar fáil le haghaidh oiliúint d'earnálacha gábhálacha, feirmeoireachta éisc agus próiseála bia mara na hÉireann. Tá na cláir oiliúna creidiúnaithe seo ar fáil d'earnálacha ar fad thionscal an bhia mara lena n-áirítear iad siúd atá ag iarraidh conair ghairme nua a aimsiú sna hearnálacha iascaireachta, dobharshaothraithe agus próiseálaithe. Is é tionscal dobharshaothraithe an príomhfhostóir de thumadóirí tráchtála in Éirinn.

| Contae | Líon na dTionscadal | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 40 | €23,913 |
| Dún na nGall | 42 | €22,000 |
| An Dún | 7 | €2,164 |
| Baile Átha Cliath | 6 | €3,960 |
| Gaillimh | 8 | €11,370 |
| Ciarraí | 12 | €16,282 |
| Lú | 2 | €934 |
| Maigh Eo | 1 | €268 |
| Sligeach | 1 | €3,137 |
| Port Láirge | 9 | €4,633 |
| An Iarmhí | 1 | €675 |
| Loch Garman | 22 | €11,395 |
| Cill Mhantáin | 1 | €3,025 |
| **Iomlán** | **161** | **€103,756** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 – 2020.

| Catagóir Oiliúna | Líon an luchta freastála | Luach deontais |
|---|---|---|
| Dobharshaothrú | 9 | €10,492 |
| Tumadóireacht Tráchtála | 12 | €35,701 |
| Ilnnealtóireacht Soithigh Iascaireachta | 1 | €3,025 |
| Cumarsáid Raidió | 21 | €4,388 |
| Sláinte agus Sábháilteacht | 69 | €20,433 |
| Próiseáil Bia Mara | 6 | €5,513 |
| Scipéirí | 48 | €24,205 |
| **Iomlán** | **166** | **€103,756** |




## 10. Scéim Forbartha Ceantair Áitiúil na nIascach (FLAGanna)

Is tionscnamh maoinithe d'fhorbairt phobal an chósta é FLAG agus d'fhéadfadh go mbronnfaí deontais ar réimse leathan de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla ar an gcósta, fiontair agus comhlachtaí poiblí. Is ionann an ciste agus €12m thar thréimhse CEMI agus tacaíonn sé le seacht réigiún FLAG thart ar Éirinn. Cuireann an scéim le forbairt áitiúil ar phobail chósta in Éirinn thar réimsí socheacnamaíocha, inbhuanaitheachta comhshaoil agus réimse oidhreachta cultúir muirí. Coinníonn sé agus tacaíonn sé le poist i gceantair an chósta, tacaíonn sé le nuálaíocht táirge agus próiseála, cuireann sé na cleachtais chomhshaoil is fearr chun cinn chomh maith le tacú le rialachas i bhforbairt áitiúil a neartú.

| Réigiún | Líon na nÍocaíochtaí Deontais | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Oirthuaisceart | 10 | €284,472 |
| Oirdheisceart | 22 | €330,532 |
| Deisceart | 15 | €105,487 |
| Iardheisceart | 5 | €27,278 |
| Iarthar | 19 | €147,673 |
| Iarthuaisceart | 17 | €257,793 |
| Tuaisceart | 31 | €673,252 |
| **Iomlán** | **119** | **€1,826,487** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 – 2020.




| Catagóir | Líon na nÍocaíochtaí Cúnaimh Deontais | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Tionscadail Phobail Phríobháideacha | 2 | €22,581 |
| Ar Son Leas an Phobail | 52 | €999,235 |
| Féilte | 3 | €5,477 |
| Gnó Muirí | 17 | €313,826 |
| Gnó nach Muirí ná Bia Mara í | 13 | €186,160 |
| Comhlachtaí Poiblí | 13 | €200,979 |
| Gnó Bia Mara | 6 | 86,179 |
| Oiliúint | 2 | €12,051 |
| **Iomlán** | **110** | **€1,826,487** |

## 11. Scéim an Iascaire Óig

Tacaíonn an scéim seo le daoine nua atá ag tosú amach san earnáil iascaireachta chun úinéireacht a bheith acu ar a gcéad shoitheach iascaireachta iasc geal. Bronnadh deontas amháin in 2021.

| Contae | Líon na dTionscadal | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Loch Garman | 1 | €67,250 |
| **Iomlán** | **1** | **€67,250** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.

## 12. Scéim Nuálaíochta Próiseálaithe Bia Mara

Tacaíonn an scéim seo le hinfheistíocht chun cabhrú le fiontraithe agus le gnólachtaí bia mara a bheith nuálach agus gnó a fhorbairt; chun acmhainneacht a thógáil san earnáil trí cheannaireacht, bainistíocht agus cleachtais pleanála gnó a fheabhsú. Dírítear tacaíochtaí ar fhorbairt úr táirge agus teicneolaíochta, taighde agus forbairt agus pleanáil ghnó. Tacaíonn Clár Taighde agus Forbartha Bia Mara le tionscadail taighde agus forbartha atá dírithe ar tháirgí agus próisis nua nó cinn fheabhsaithe a fhorbairt don earnáil.

Chabhraigh An Scéim Nuálaíochta Bia Mara le gnólachtaí Bia Mara le forbairt tairgí agus próisis úra atá riachtanach le háit a choinneáil sa mhargadh; chun rochtain ar shainchomhairleoirí a éascú le cabhrú leo a bpleananna gnó a fhorbairt agus luach a chur le hamhábhar agus le táirgí úra a thabhairt chuig an margadh.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 5 | €190,315 |
| Baile Átha Cliath | 1 | €9,344 |
| Cill Chainnigh | 1 | €19,500 |
| Dún na nGall | 1 | €42,474 |
| Ciarraí | 1 | €36,660 |
| Loch Garman | 1 | €28,015 |
| **Iomlán** | **10** | **€326,306** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.

| Catagóir | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Córais Bhainistíochta agus Eagraíochta | 4 | €169,480 |
| Táirgí, próisis nó córas bainistíochta nua nó feabhsaithe | 1 | €1,421 |
| Táirgí agus Trealamh | 4 | €105,406 |
| Próiseas & Teicnící | 1 | €50,000 |
| **Iomlán** | **10** | **€326,306** |




## 13. An Scéim um Scálú Bia Mara & Fhorbairt Mhargaí Nua

Tacaíonn an scéim seo le hinfheistíocht chun cabhrú le fiontraithe agus le gnólachtaí bia mara a bheith nuálach agus gnó a fhorbairt; chun acmhainneacht a thógáil san earnáil trí cheannaireacht, bainistíocht agus cleachtais pleanála gnó a fheabhsú. Dírítear tacaíochtaí ar fhorbairt úr táirge agus teicneolaíochta, taighde agus forbairt agus pleanáil ghnó. Tacaíonn Clár Taighde agus Forbartha Bia Mara le tionscadail taighde agus forbartha atá dírithe ar tháirgí agus próisis nua nó cinn fheabhsaithe a fhorbairt don earnáil.

Chabhraigh An Scéim Nuálaíochta Bia Mara le gnólachtaí Bia Mara le forbairt tairgí agus próisis úra atá riachtanach le háit a choinneáil sa mhargadh; chun rochtain ar shainchomhairleoirí a éascú le cabhrú leo a bpleananna gnó a fhorbairt agus luach a chur le hamhábhar agus le táirgí úra a thabhairt chuig an margadh.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| **Corcaigh** | **1** | **€81,233** |

Maoiníodh 50% de chúnamh deontais faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014 - 2020.

# Scéimeanna Maoinithe ag an Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta 2021

## Scéim Shealadach Feistithe Cabhlaigh Breatimeachta

Bunaíodh an scéim de dhroim na Tuarascála Tascfhórsa Bia Mara tionchair dhiúltacha ar earnáil na n-iasc geal a mhaolú go sealadach ó laghduithe ar sciar na gcuótaí do 2021 a tháinig as an gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA) trí chaillteanais a bhaineann le stoic áirithe a mhaolú chomh maith le deacrachtaí rochtain a fháil ar uiscí RA nó uiscí tríú tír.

Bhí an scéim seo lánmhaoinithe trí Chúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta an AE.

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| An Clár | 1 | €14,200 |
| Corcaigh | 70 | €3,286,700 |
| Dún na nGall | 16 | €1,121,700 |
| Baile Átha Cliath | 6 | €335,600 |
| Gaillimh | 14 | €811,500 |
| Ciarraí | 20 | €557,200 |
| Lú | 23 | €1,813,800 |
| Maigh Eo | 1 | €24,500 |
| An Mhí | 2 | €147,700 |
| Port Láirge | 6 | €206,700 |
| Loch Garman | 24 | €1,634,700 |
| Cill Mhantáin | 1 | €59,000 |
| **Iomlán** | **184** | **€10,013,300** |







**Mionsonrú de réir Mhéid an tSoithigh**

| Méid an tsoithigh | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| < 10m | 17 | €78,200 |
| 10m < 12m | 7 | €49,700 |
| 12m < 15m | 19 | €269,800 |
| 15m < 18m | 13 | €318,500 |
| 18m < 21m | 18 | €817,200 |
| 21m < 24m | 43 | €2,537,000 |
| 24m < 40m | 67 | €5,942,900 |
| **Iomlán** | **184** | **€10,013,300** |

# Scéimeanna Maoinithe BIM

## Scéimeanna Deontais um Shábháilteacht an Chabhlaigh agus Turasóireachta Muirí

Is é cuspóir na Scéime Sábháilteachta Cabhlaigh ná caighdeán sábháilteachta ar shoithí iascaireachta na hÉireann. Cuireann an scéim cúnamh deontais ar fáil chun tacú le ceannach agus suiteáil earraí sábháilteachta lena n-áirítear trealamh reachtúil amhail trealamh tarrthála, trealamh um chomhrac dóiteáin, trealamh loingseoireachta, agus trealamh cumarsáide.

Is é aidhm na Scéime Turasóireachta Muirí ná an caighdeán sábháilteachta foriomlán ar shoithí turasóireachta muirí na hÉireann a fheabhsú. Cuireann an scéim tacaíocht ar fáil le ceannach agus suiteáil earraí sábháilteachta lena n-áirítear trealamh reachtúil amhail trealamh tarrthála, trealamh um chomhrac dóiteáin, trealamh loingseoireachta, agus trealamh cumarsáide do shoithí turasóireachta muirí ceadúnaithe suas go dtí 15 mhéadar san iomlán.

Ceadaítear ag an Scéim Sábháilteachta Cabhlaigh agus an Scéim Turasóireachta Muirí araon ceannach agus suiteáil trealamh sábháilteachta. I measc na míreanna a d'fhéadfaí a mheas don mhaoiniú tá na rudaí seo a leanas:

- Míreanna Marthanais amhail seaicéid tarrthála, fléaranna agus raftaí tarrthála
- Trealamh loingseoireachta amhail GPS nó uathphíolóta
- Leictreonaic amhail ceamaraí slándála TCI
- Míreanna sábháilteachta dóiteáin amhail gaireas análaithe agus caidéil dóiteain
- Míreanna sábháilteachta struchtúracha amhail geataí bordála agus dréimirí, fuinneoga rochtana
- Táillí Suirbhé an Chóid Cleachtais do shoithí atá ag dul don iascaireacht mhara

| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| An Clár | 4 | €8,440 |
| Corcaigh | 19 | €74,740 |
| Dún na nGall | 36 | €101,783 |
| Baile Átha Cliath | 13 | €47,167 |
| Gaillimh | 18 | €21,877 |
| Ciarraí | 18 | €35,016 |
| Luimneach | 1 | €2,166 |
| Lú | 5 | €19,901 |
| Maigh Eo | 25 | €65,302 |
| Sligeach | 3 | €8,582 |
| Port Láirge | 4 | €1,200 |
| Loch Garman | 20 | €45,231 |
| **Iomlán** | **166** | **€431,407** |




| Contae | Líon na nDeontas | Cúnamh Deontais |
|---|---|---|
| Corcaigh | 5 | €12,703 |
| Dún na nGall | 1 | €106 |
| Baile Átha Cliath | 1 | €1,916 |
| Ciarraí | 5 | €10,892 |
| Sligeach | 1 | €319 |
| Loch Garman | 1 | €231 |
| **Iomlán** | **14** | **€26,167** |

| Catagóir | Líon na nDeontas |
|---|---|
| Leictreonaic | 6 |
| Dóiteán | 3 |
| Ilghnéitheach | 3 |
| Loingseoireacht | 5 |
| Struchtúrach | 4 |
| Marthanas | 11 |



# RÁITIS AIRGEADAIS



# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Turascáil Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste | **86** |
| Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | **88** |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | **93** |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | **97** |
| Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | **98** |
| Ráiteas maidir le Staid Airgeadais | **99** |
| Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid | **100** |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | **101** |


## RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais
## An Bord Iascaigh Mhara

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Áirítear sa ráiteas airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar acmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara ag 31 Nollaig 2021 agus a ioncam agus a chaiteachas do 2021, faoi réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 - *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland.*

### Bunús Tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais faoi réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISAanna), faoi mar a mholann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo dhualgais faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Feidhmíonn go neamhspleách ó An Bord Iascaigh Mhara agus chomhlíon mé mo dhualgais eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

### Tuarascáil ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir An Bord Iascaigh Mhara eolas ar leith eile i láthair leis na ráitis airgeadais. Ina measc, tá an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo dhualgais tuairisciú a dhéanamh ar an eolas seo, agus ar nithe ar leith eile a thuairiscím orthu mar eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis seo.

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus
Ciste 30 Meitheamh 2022

### Dualgais Chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi mhír 9 de Chéad Sceideal d'Acht Iascaigh Mhara 1952
- ag cinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir faoi réir FRS102
- rialtacht idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhunús an ghnóthais leantaigh i leith na cuntasaíochta oiriúnach nó nach bhfuil, agus
- an méid rialaithe inmheánach is a mheasann siada theastaíonn d'fhonn ullmhú na ráiteas airgeadais a churi gcrích, saor ó mhíthuairisciú ábharach, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá dualgas orm, faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais An Bhoird Iascaigh Mhara agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh seo á chur i gcrích agam dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíthuairisc ábharach de thoradh calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is éard is dearbhú réasúnta ann ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht, go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna míthuairisc ábharach nuair atá ceann ann. Is féidir le míthuairiscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach má, ina n-aonar nó trí chéile, is féidir leo tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é seo á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le míthuairisc ábharach na ráiteas airgeadais, bíodh sé de thoradh calaoise nó earráide; dearaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchaidh freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchaidh atá dóthanach agus cuí le tacú le bunús mo thuairime. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábharach a thagann ó chalaois agus ganí a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéisí, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchaidh a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht smachtanna inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí gaolmhara a úsáidtear a mheas.
- Tagaim ar thátal maidir le cuibhiúlacht úsáid bhunús ghnóthas leantach na cuntasaíochta, agus bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuaireadh, déanaim cinneadh an ann do neamhchinnteacht ábharach a bhaineann le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chruthú faoi chumas An Bhoird Iascaigh Mhara leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábharach ann, tá sé de dhualgas orm na nochtaí a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú i mo thuarascáil nó, má tá na nochtaí sin uireasacha, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas le dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh tarlaithe nó cúinsí amach anseo, áfach, cur ar an mBord Iascaigh Mhara deireadh a chur le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar léiriú, struchtúr agus inneachar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtaí, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom nó nach léiríonn.

Déanaim teagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchaidh agus torthaí suntasacha an iniúchaidh, lena n-áirítear easpaí suntasacha i smacht inmheánach a aithním le linn m'iniúchaidh.

Tuairiscím go heisceachtúil, muna bhfuil, i mo thuairim,

- an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- na taifid chuntasaíochta sásúil le go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus i gceart, nó
- na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

### Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon chonclúid gealltanais orthu.

Mar aon le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm faoi na ISAanna an t-eolas eile a cuireadh i láthair a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó eolas atá míchruinn go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisc ábhartha ar an eolas eile seo, tá dualgas orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Reporting on other matters

Déantar m'iniúchadh ag déanamh tagartha do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má aimsím nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tuairiscím má aimsím aon chás ábhartha nuair nár baineadh úsáid as airgead poiblí mar a bhí leagtha síos dó, nó nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis atá á rialú.

# Ráiteas Rialála agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

### Rialú

Bunaíodh Bord BIM faoin Acht Iascaigh Mhara 1952. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach i gcuid 15 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá an Bord freagrach as dea-rialú a chinntiú agus comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh i dtaobh phríomhcheisteanna gnó. Is í freagracht an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin agus an bhainistíocht shinsearach BIM a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann bainistíochta shinsearach an treoir straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dó cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir de na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eagraíocht aige, agus d'aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht aníos. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar theagmháil dhíreach idir an Bhord agus bainistíocht BIM.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chomhaontas um Sheachadadh Feidhmíochta agus Mhaoirseachta, a chuimsíonn freisin na hábhair a dhéanann an Bord cinneadh fúthu amháin. Cuid de na nithe seasta a mheasann an Bord ná:

- dearbhú leasanna,
- tuairiscí ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeádta.

De réir Chuid 15 den Acht Iascaigh Mhara 1952, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád faoi airgead a fuair sé nó a chaith i cibé foirm is cuí leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mar le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus é ag ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá sé de cheanglas ar Bhord BIM:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé neamhchuí a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- a mhaíomh an é gur leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha atá nochtaithe nó mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais Bhord Iascaigh Mhara agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla a leagtar amach i gCuid 9 den chéad sceideal san Acht Iascaigh Mhara 1952. Is í freagracht an Bhoird cothabháil agus iontaofacht an eolais chorparáidigh agus airgeadais atá foilsithe ar shuíomh gréasáin BIM a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmiúchán BIM faoi theoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil.Tá an Bord freagrach freisin as a chuid acmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh, mar sin de, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais BIM léargas fíor agus cothrom d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais BIM ar an 31 Nollaig 2021.

### Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí ar an mBord, iad ar fad ceaptha ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus cruinníonn siad le chéile go míosúil. Tugann an tábla thíos sonraí faoi thréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceapacháin |
|---|---|---|
| Kieran Calnan (críochnaithe 12 Meitheamh 2021) | An Cathaoirleach | 13 Meitheamh 2018 |
| Lisa Vaughan | Stiúrthóir | 19 Meitheamh 2019 |
| William Deasy | Stiúrthóir | 19 Samhain 2020 |
| Jean Callanan | Stiúrthóir | 19 Samhain 2020 |
| Aaron Forde (éirithe as 17 Feabhra 2021) | Stiúrthóir | 19 Samhain 2020 |
| Marie Gleeson | Stiúrthóir | 19 Samhain 2020 |
| George Golden | Stiúrthóir | 29 Meán Fómhair 2021 |

Chuir an Bord na coistí seo a leanas ar bun:

**Coiste Iniúchta agus Riosca:** tá dhá chomhalta Boird agus trí chomhalta neamhspleácha ann. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC) tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí a bhaineann le rialáil rioscaí agus rialú agus ráthaíochtaí gaolmhara. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Ach go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaí lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca ná:

- Lisa Vaughan (Cathaoirleach)
- Kieran Calnan
- Gearóid Breathnach
- Stephen McGovern
- Aidan Dunning

Chruinnigh an ARC le chéile cúig uaire in 2021.

**Coiste Oiliúna agus Forbartha:** Tá comhalta Boird amháin agus sé chomhalta neamhspleácha. Ról an Choiste Oiliúna agus Forbartha (TADC) ná maoirseacht agus athbhreithniú a chur ar fáil maidir le hoibríocht Aonad Oiliúna BIM. Tuairiscíonn TADC don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Oiliúna agus Forbartha ná:

- Lisa Vaughan (Cathaoirleach)
- Ken Ecock
- Tracey Floyd
- Cormac Gebruers
- David Kirwan
- Carol Lacey
- Mark Skinner

Chruinnigh an TADC le chéile uair amháin in 2021.

| | Bord | Coiste Iniúchta agus Riosca | Táillí 2021 €'000 | Speansais 2021 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Kieran Calnan | (5/5) | (2/3) | - | - |
| Lisa Vaughan | (10/10) | (5/5) | 8 | 1 |
| William Deasy | (10/10) | - | 8 | 1 |
| Jean Callanan | (10/10) | - | 8 | 1 |
| Aaron Forde | (1/1) | - | 1 | - |
| Marie Gleeson | (10/10) | - | 8 | 1 |
| George Golden | (3/3) | - | 2 | 1 |
| Gearóid Breathnach | - | (5/5) | 1 | - |
| Stephen McGovern | - | (5/5) | 1 | - |
| Aidan Dunning | - | (5/5) | 1 | - |
| **Iomlán** | | | **38** | **5** |

Tharscaoil an Cathaoirleach, Kieran Calnan a theidlíocht táille Boird a bhaineann lena cheapachán.

### Athruithe ar na Comhaltaí Boird

Chríochnaigh an Cathaoirleach, Kieran Calnan, a théarma ar 12 Meitheamh 2021.

D'éirigh Aaron Forde as an mBord ar an 17 Feabhra 2021.

Cheap an tAire George Golden le bheith ina stiúrthóir go ceann tréimhse trí bliana (29 Meán Fómhair 2021 go dtí 28 Meán Fómhair 2024).

### Nochtuithe atá ina gCeanglais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndearna BIM ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 ("an Cód") a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. De réir an Chóid, is gá na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh:

### Mionsonrú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Aicmítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €60,000 i Nóta 9(c) de na Ráitis Airgeadais.

### Costais Chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní chuimsíonn sé feidhmeanna 'gnó mar is gnách'.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 111 | 74 |
| Comhairle airgeadais/achtúireach | - | - |
| Acmhainní Daonna | - | - |
| Feabhsú gnó | - | - |
| Eile | - | - |
| **Costais chomhairliúcháin iomlán** | **111** | **74** |
| Costais chomhairliúcháin chaipitlithe | - | - |
| Costais chomhairliúcháin bainte as Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 111 | 74 |
| **Iomlán** | **111** | **74** |

### Costais Dhlí agus Socruithe

Tugann an tábla thíos mionsonrú ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dhlí, socruithe agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí a dhéantar le tríú páirtithe. Ní chuimsíonn sé seo caiteachas a thabhtar maidir le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a fuair BIM a nochtaítear sna costais chomhairliúcháin thuas.

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - imeachtaí dlíthiúla | 51 | 5 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | - | - |
| Socruithe | 95 | 25 |
| **Iomlán** | **146** | **30** |

*Tá figiúr na socraíochtaí de €95,000 deanta suas de €62,000 in íoctha shocraíochtaí agus €33,000 i gcostais dlí de ag báint leis an gcás céanna.

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| - Bord* | 3 | 9 |
| - Fostaithe | 307 | 282 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Bord* | - | - |
| - Fostaithe | 5 | 11 |
| **Iomlán** | **315** | **302** |

*Lena n-áirítear costais taistil agus cothaithe de €2,000 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2021 (2020: €7,000). Baineann iarmhéid €1,000 (2020: €2,000) le caiteachas a d'íoc BIM thar ceann chomhaltaí an Bhoird.

## Caiteachas ar Fháilteachas

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|
| Fáilteachas don Fhoireann | 1 | 6 |
| Fáilteachas do chliaint | - | - |
| **Iomlán** | **1** | **6** |

### Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh BIM leis an gCód a chinntiú. Rinne BIM riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) a chomhlíonadh le haghaidh 2021.



Aidan Cotter
An Cathaoirleach
29th Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2022

### Rian Freagrachta

Thar ceann BIM glacaim le freagracht an Bhoird chun a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach de rialú inmheánach a choinneáil agus a oibriú, go n-ullmhaítear chuntais BIM agus go gcomhlíontar gach oibleagáid reachtúil a bhaineann le BIM. Aithníonn an fhreagracht seo na ceanglais atá sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe chun Rialú Éifeachtach Inmheánach a Sholáthar

Is iad na príomhnósanna imeachta a bhunaigh an Bord ar mhaithe le rialú inmheánach éifeachtúil a chinntiú ná:

- Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a críochnaíodh i mí an Mhárta 2022. Ag tabhairt faoin athbhreithniú seo rinne na Stiúrthóirí na rudaí seo a leanas a mheas:
    - Tuarascáil ar chóras rialuithe inmheánacha in 2021 lena n-áirítear Bainistíocht Riosca, Iniúchtaí Inmheánacha, Iniúchadh Seachtrach agus obair an Choiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca in 2021;
    - Athbhreithniú bliantúil ar chomhlíonadh leis an gCód um Chaiteachas Poiblí;
    - Tuarascáil maidir le comhlíonadh an Chóid Cleachtais; agus
    - Tuarascáil na n-Iniúchóirí Inmheánacha maidir le Córais Rialuithe Inmheánacha.
- Béim léir ar chuspóirí gnó faoi mar a chinneann an Bord i bhfianaise na gceanglas reachtúil.
- Struchtúr sainithe eagraíochta ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údaráis agus deighilt idir dualgais a fhéachann le timpeallacht chuí rialaithe a chruthú.
- Próiseas um bainistíocht rioscaí a dhéanann breithniú ar phleananna straitéiseacha agus gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil tráth a leagtar amach agus a dhéantar athbhreithniú ar phleananna agus ar spriocanna airgeadais ag an mBord i bhfianaise na spriocanna cinntithe.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an mbuiséad bliantúil chomh maith le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar na torthaí féin i leith an bhuiséid.
- Nósanna imeachta um rialú - coinníonn an Bord beartais chuimsitheacha maidir lena phríomhghníomaíochtaí go léir. Is ann do theorainneacha agus do nósanna imeachta, go háirithe, atá sainmhínithe go soiléir do chaiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil.
- Córais mhonatóireachta - déantar monatóireacht ar nósanna imeachta um rialú leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn de réir an chreata i gcomhair feidhmithe dea-chleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit 2016. Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil BIM nochta dó. Tá an tuairisc ar rialú inmheánach do 2021 faighte ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca, agus tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaí faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí sa tuairisc sin, agus cuireadh é seo os comhair an Bhoird. Tá an obair iniúchóireachta a rinne iniúchóirí seachtracha go bliantúil ar bhearta cúnamh deontais éagsúla curtha leis na córais iniúchóireachta agus monatóireachta inmheánaí mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht AE ar na bearta.
- Tá Comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus triúr comhaltaí seachtracha neamhspleácha ar an gCoiste Iniúchta Riosca, ar chuir an Bord ar bun é in 2009. Tá tuairiscí an Choiste um Iniúchóireacht & Measúnú Riosca don bhainistíocht, agus na hiniúchóirí seachtracha a dhéanann obair ar Bhearta Deontais AE, agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste in Litir Bhainistíochta nó i dtuairiscí eile mar bhun eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird d'éifeachtúlacht an chórais rialála inmheánaí. Ar a bharr sin, choimisinigh an Bord, mar is cuí, athbhreithnithe neamhspleácha de na córais rialaithe inmheánacha ar leith san eagraíocht.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaí

Tá an córas rialaithe inmheánach deartha chun rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas iad a dhíbirt ar fad. Mar sin, is féidir leis an gcóras seo ráthaíocht réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go gcosnófar sócmhainní, go dtabharfar údarás agus go ndéanfar taifead ceart d'idirbhearta agus go ndéanfar earráidí ábhartha nó neamhréireachtaí eile a chosc agus a bhrath go tráthúil. Cé gur féidir éifeachtacht córais rialaithe inmheánach athrú le himeacht aimsire, déanann BIM athbhreithniú agus nuashonrú ar na córais sin de réir mar a éilítear.

Tá an córas rialaithe inmheánach seo, atá ag teacht leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm in BIM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

### Athbhreithniú ar Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2021 seo ag an gCoiste um Iniúchóireacht & Measúnú Riosca (ARC) agus an Bord i mí an Mhárta 2022. chun cinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí ann le linn 2021.

### Tionchar phaindéim COVID-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

D'athraigh teacht phaindéim COVID-19 go luath in 2020, agus an chomhairle sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta dá bharr, cleachtais oibre BIM go gasta agus b'é an chianobair an gnás don fhoireann.

In 2020, chríochnaigh BIM Measúnú Riosca COVID-19 an OC&AG agus rinneadh athbhreithniú agus uasdátú ar an measúnú in 2021. Lean BIM ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí go cruinn agus leanann sé treoir an Rialtais ar fad, agus é ag súil le rioscaí a laghdú a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibriochtaí gnó, ar an bhfoireann agus ar pháirtithe leasmhara.

I measc na ngníomhartha a ghlac BIM bhí:

- Oibríochtaí gnó BIM a aistriú go timpeallacht cianoibre, áit ar comhlíonadh formhór na bpróiseas gnó mar ba ghnách.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhain le paindéim COVID-19 agus cumas BIM freagairt go héifeachtach.
- Cinnte a dhéanamh gur leanadh le scaradh dualgas leis an gcianobair agus go raibh clúdach cuí ann.
- Cinnte a dhéanamh gur leanadh le beartais agus nósanna imeachta a bhain le cosaint sonraí agus bainistíocht taifead sa timpeallacht cianoibre agus go ndearnadh tuairisc orthu mar ba ghnách.
- Cinnte a dhéanamh go bhfuair baill foirne rochtain ar líonra BIM agus iad ag baint úsáide as trealamh TF, ceadaithe ag BIM, agus go raibh an trealamh TF riachtanach sin ag gach ball den fhoireann a bhí ag cianobair.
- Measúnú an fhéidearthacht a bhí ann maidir le laigeachtaí sna rialúcháin inmheánacha de bharr COVID-19 agus bearta a ghlacadh chun na rialúcháin inmheánacha a mheasúnú agus a nuashonrú nuair a bhí gá.

Tá ARC ag BIM ina bhfuil beirt chomhaltaí Boird agus triúr chomhaltaí neamhspleácha seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu. Tháinig an ARC le chéile cúig uaire in 2021.

Tá a fheidhm iniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe ag BIM; tá cistiú dóthanach aige agus comhlíonann sé clár oibre atá aontaithe leis ARC.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca a leagan amach an inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a thugann sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne i leith riosca. Rinneadh an polasaí a eisiúint leis an bhfoireann ar fad atá faoi cheanglas oibriú laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca BIM, an bhainistíocht a chur ar an airdeall faoi rioscaí féidearthachta agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag BIM a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á úsáid chun déileáil leis na rioscaí seo, a oiread agus is féidir.

Le linn 2021, thug BIM faoi athbhreithniú ar a Phróisis Bhainistíochta Riosca agus rinne sé a pholasaí riosca, leagan amach an tuairiscithe ráithiúil agus leagan amach chlár na rioscaí a leasú. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo tá próiseas riosca ann atá dinimiciúil agus a chomhlíonann gach riachtanas atá ag BIM.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair BIM agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a aicmiú ag brath ar chomh suntasach agus atá siad. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus is ní seasta ar an gclár é don Bhord. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht ar riosca go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugann an clár riosca sonraí faoi na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus faoi fhreagrachtaí d'fheidhmiú rialaithe atá ag baill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais a dháileadh ag leibhéal na bainistíochta leis an gcuntasaíocht chuí,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil atá faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil faisnéise agus córais teicneolaíochta cumarsáide,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- cinntíonn nósanna imeachta rialála do chistiú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha rialú leordhóthanach maidir le formheas deontais agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú gur cuireadh i bhfeidhm an cistiú deontais chun na críocha cearta.

### Sáruithe Rialúcháin

Ní raibh cás ar bith de shárú rialúcháin tuairiscithe in 2021.

### Caillteanais Ábhartha nó Calaoisí

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag BIM a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á úsáid chun déileáil leis na rioscaí seo, a oiread agus is féidir.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun próisis rialaithe agus easpaí rialaithe a mhonatóiriú agus déantar iad seo a chur in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíochtaí ceartaitheacha a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord, más iomchuí, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córáis mhonatóireachta leanúnacha seo i bhfeidhm:

- Rinneadh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara a aithint agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialaithe sin agus aon easpaí aitheanta a thuairisciú,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais tugtha, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta den fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus cuireann siad le chéile tuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfhaisnéis.

### Nósanna Imeachta chun Aghaidh a Thabhairt ar Impleachtaí Airgeadais de Mhór-rioscaí Gnó

Rinneadh impleachtaí airgeadais na mór-rioscaí gnó a mheas trí phróiseas foirmiúil an mheasúnaithe bainistíochta rioscaí agus trí Phleananna Iniúchta Inmheánaigh BIM a ullmhú. Déantar a thuilleadh measúnaithe agus athbhreithnithe orthu siúd trí chur i bhfeidhm de réir a chéile Plean Iniúchta Inmheánaigh BIM.

### Faisnéis Airgeadais agus Buiséid

Tá córas an rialúcháin inmheánaigh bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, córas tarmligin agus freagrachta, tacair de nósanna imeachta airgeadais agus riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas. Cuimsíonn sé go háirithe na rudaí seo a leanas:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige, ar a ndéantar athbhreithniú agus faomhadh ag an mBord.
- Sannadh buiséad agus údaráis buiséadaithe agus freagrachta maidir le feidhmeanna ar leith do bhainisteoirí roghnaithe.
- Socruithe do gach ceannach le bheith déanta agus rialaithe trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais BIM.
- Athbhreithnithe míosúla déanta ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais ag an mBord.
- Glacadh le Plean Corporáideach Soláthair bliantúil agus Oifigeach Soláthair a cheapadh.

Lean na rialuithe ionsuite sna Córais Airgeadais ag oibriú ar aghaidh mar is gnáth i rith 2021 gan sárú nós imeachta nó príomhrialaithe chun gnó mar is gnáth a choinneáil ag dul.

### Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun comhlíonadh le rialacha agus treoracha soláthair reatha a chomhlíonadh agus gur chloígh BIM leis na nósanna imeachta seo in 2021. Comhlíonann BIM na rialacha soláthair reatha agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIM chun éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca a mhaoirsíonn a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den BIM atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaí, tá siad mar bhun eolais ag mhonatóiriú agus athbhreithniú an BIM ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaí. Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúchán inmheánach do 2021 in Eanáir 2022.

### Fadhbanna Rialaithe Inmheánaí

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach in 2021 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Áirítear i measc na gcuntas, costais socraíochta i dtaca le cás dlí ar bhain le ceapachán ball foirne, a rinneadh i 2017. Cuireadh an ceapachán i gcrích gan údarás cuí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir leis an bpointe tosaigh ábhartha den scála pá. Cuireann BIM rialacha níos déine i bhfeidhm anois i dtaca le próisis cheapacháin.

### Faomhadh an Bhoird

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Measúnú Riosca agus an Bord an ráiteas ar rialú inmheánach a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfreagraíonn sé go huile agus go hiomlán leis na córais rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.

Sínithe thar ceann Bhord BIM,

Aidan Cotter
An Cathaoirleach
29th Meitheamh 2022

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**

| | Tabhair do d'aire | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 3 | 45,900 | 37,500 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha don Scor | | | |
| Oibleagáidí Sochair | 19(c) | 665 | 306 |
| | | **46,565** | **37,806** |
| Deontais an AE | 4 | 334 | 592 |
| Láimhdeachas na nGléasraí Oighir | 5 | 341 | 386 |
| Ioncam Eile | 6 | 596 | 506 |
| | | **47,836** | **39,290** |
| **Caiteachas** | | | |
| Forbairt Reatha an AE | 4 | 45 | 319 |
| Forbairt Chaipitil Tionscail | 7 | 9,272 | 11,172 |
| Forbairt Reatha Tionscail | 8(a) | 26,308 | 17,636 |
| Riarachán Reatha Tionscail | 8(b) | 5,261 | 4,521 |
| Dímheas a Gearradh i Rith na Bliana | 8(c) | 1,244 | 1,109 |
| Oibleagáidí Sochar Scoir | 19(a) | 2,840 | 2,999 |
| Caiteachas ar Ghléasraí Oighir | 5 | 1,115 | 884 |
| | | **45,085** | **38,640** |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | **1,751** | **650** |
| Glanaistriú go Cúlchiste Caipitil | 15 | (647) | (136) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir | | **(1,372)** | **(1,886)** |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | | **(268)** | **(1,372)** |

**Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha amhail an dáta tuairiscithe. Tá Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 29th Meitheamh 2022 agus sínítear iad thar a cheann ag:

Aidan Cotter
An Cathaoirleach
29th Meitheamh 2022

Jim O'Toole
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
29th Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheac

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **1,751** | **650** |
| Gnóthachain/(caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí shochar scoir | (653) | (338) |
| Athruithe ar thoimhdí | (3,940) | (4,739) |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha shochar scoir | 4,593 | 5,077 |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | **1,751** | **650** |

**Tá Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 29th Meitheamh 2022 agus sínítear iad thar a cheann ag:

Aidan Cotter
An Cathaoirleach
29th Meitheamh 2022

Jim O'Toole
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
29th Meitheamh 2022

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**

| | Tabhair do d'aire | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 11 | 4,169 | 3,522 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 12 | 825 | 918 |
| Fardal | | 10 | 39 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim | | 8,988 | 772 |
| | | **9,823** | **1,729** |
| **Dliteanas Reatha** | | | |
| Iníocthaigh (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 13 | (10,091) | (3,101) |
| **Glansócmhainní/(Dliteanais) Reatha** | | **(268)** | **(1,371)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha roimh Phinsean** | | **3,091** | **2,151** |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 19(b) | (89,390) | (84,132) |
| Sócmhainn Iarchurtha Mhaoinithe Shochar Scoir | 19(c) | 89,390 | 84,132 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **3,091** | **2,151** |
| **In ionannas le** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | (268) | (1,371) |
| Cúlchistí Caipitil | 15 | **4,169** | **3,522** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **3,091** | **2,151** |

**Tá Nótaí 1-23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 29th Meitheamh 2022 agus sínítear iad thar a cheann ag:



Aidan Cotter
An Cathaoirleach
29th Meitheamh 2022



Jim O'Toole
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
29th Meitheamh 2022

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**

| | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Réiteach ar an mBarrachas/(Easnamh) Oibriúcháin le Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha** | **1,751** | **650** |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | 1,751 | 650 |
| Ús Bainc | - | - |
| Muirear Dímheasa | 1,244 | 1,108 |
| Ioncam ó Dhíol Sócmhainní Seasta | 1 | 1 |
| (Méadú)/Laghdú ar an bhFardal | 29 | (1) |
| Laghdú/(Méadú) ar Infháltais | 93 | (609) |
| Méadú/(Laghdú) ar Iníocthaigh | 6,989 | 527 |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha** | **10,107** | **1,677** |
| **Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid** | | |
| Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha | 10,107 | 1,677 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús a Fuarthas | - | - |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Ghnóthú | (1,891) | (1,245) |
| Fáltas ó dhíol sócmhainní | - | - |
| **Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí in Airgead Tirim** | **8,216** | **431** |
| Airgead tirim agus coibhéisí in airgead tirim ag tús na bliana | 772 | 341 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí in airgead tirim ag deireadh na bliana** | **8,988** | **772** |

**Tá Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar an 29th Meitheamh 2022 agus sínítear iad thar a cheann ag:



Aidan Cotter
An Cathaoirleach
29th Meitheamh 2022



Jim O'Toole
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
29th Meitheamh 2022

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021**

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bonn cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha a ghlac an BIM leo leagtha amach thíos. Cuireadh iad sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

### Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh BIM faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952, agus tá a cheannoifig i nDún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath.

Is iad príomhchuspóirí BIM mar a leagtar amach iad san Acht Iascaigh Mhara, 1952, ná: an tionscal a fhorbairt ar tonn agus ar tír, chun a chur ar a chumas cur go hiomlán le geilleagar na réigiún cósta agus le geilleagar na tíre trí chéile. Is í an Ghníomhaireacht Stáit ag a bhfuil freagracht phríomhúil as forbairt inbhuanaithe thionscal bia mara na hÉireann agus as éagsúlú an gheilleagair chósta í.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí é BIM.

### Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais BIM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 a ullmhú de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

### Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a ndéantar iad a thomhas ag a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá faofa ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le nithe a réiteach a mheastar gur nithe ábhartha iad i dtaca le ráitis airgeadais BIM.

### Ioncam - Deontais an Oireachtais

Sonraítear ioncam ar bhonn fabhraithe de ghnáth; an t-aon eisceacht ná Deontais an Oireachtais a shonraítear ar bhonn fáltas airgid.

### Aisíocaíochtaí ar na Deontais a Íocadh

Bíonn na deontais a íocadh in-aisíoctha in imthosca áirithe, mar shampla má dhéantar an chuideachta a fuair an deontas a leachtú/dhíscaoileadh, nó mura gcloítear le coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais áit ar dócha go bhfaighidh an BIM an t-airgead agus gur féidir an méid a mheas go beacht; mar sin, cuirtear san áireamh iad ar bhonn fabhraithe.

### Ioncam Úis

Sonraítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag úsáid an mhodha um ghlanráta úis.

### Ioncam Eile

Sonraítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

### Deferred Income

Cuimsíonn ioncam iarchurtha cistiú Eorpach agus cistiú Chruatain Bhradáin a iarchuireadh ag brath ar chaiteachas ar sheachadadh seirbhísí.

### Scéimeanna Deontais

Déantar íocaíochtaí a dhéantar faoi na scéimeanna deontais éagsúla a oibríonn an Bord a chur san áireamh ar bhonn fabhraithe.

Déantar deontais atá iníoctha le BIM a aithint mar chaiteachas nuair a chomhlíonann an deontaí na coinníollacha atá leagtha amach sa chomhaontas deontais agus gur chuir sé isteach an doiciméadú cuí chun an comhlíonadh seo a dheimhniú.

Déantar ceangaltais a eascraíonn de bhun ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a léiriú i Nóta 16.

### Drochfhiacha

Déantar foráil d'iasachtaí agus d'fhiachais a mheastar go bhfuil amhras ann go mbaileofar iad agus i gcoinne aon chaillteanas a bhféadfadh teacht aníos de bharr ráthaíochtaí. Glantar drochfhiacha sa bhliain ina ndéantar deireadh a chur le comhaontú na hiasachta atá i gceist.

### Fardal

Is éard atá san fhardal ná earraí atá le hathdhíol, agus sonraítear é sna ráitis airgeadais ag an gCostas nó an Glanluach Inréadaithe (GLI), cibé acu is ísle. Ríomhtar an costas ar bhonn an ceann is túisce isteach, is túisce amach agus cuirtear na costais cheannacháin go léir san áireamh ann. Is é an GLI ná an praghas díola (fíorphraghas nó praghas measta) lúide na costais riachtanacha chríochnúcháin go léir.

### Infháltais

Sonraítear infháltais ag a luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Is foráil ar leith an fhoráil in aghaidh fiach amhrasach, agus déantar í a bhunú nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh BIM in ann na suimeanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Sonraítear na gluaiseachtaí go léir i soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### Léasanna Oibriúcháin

Sonraítear an caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saolré an léasa. Sonraítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go dtagann méadú ar an gcíos atá nasctha le ráta ionchais an bhoilscithe. Sa chás sin, sonraítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Sonraítear thar shaolré an léasa na dreasachtaí léasa a fhaightear.

### Maoin, Gléasra agus Trealam

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas lúide dímheas carntha, agus iad mionchoigeartaithe do sholáthar in aghaidh bearnaithe, más ann dó. Déantar soláthar in aghaidh dímheasa ag rátaí measta ar an maoin, gléasra agus trealamh go léir, ach amháin talamh ruílse agus saothar ealaíne, chun an costas, lúide an luach iarmharach measta, atá ar gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

- Talamh agus Áitribh

| | | |
|---|---|---|
| a. Talamh | | Nialas |
| b. Áitribh: | Stáisiúin Loingseoireachta – Bunaidh | 2% |
| | Stáisiúin Loingseoireachta – Breise | 10% |
| | Áitribh Eile | 10% |

- Gléasra agus Innealra

| | |
|---|---|
| a. Trealamh Oiliúna | 16.6% |
| b. Gléasra agus Innealra | 10% |
| c. Trealamh Teicniúil | 20% |

- Mótarfheithiclí 20%
- Gléasanna agus Trealamh

| | |
|---|---|
| a. Trealamh Iascaireachta | 50% |
| b. Árthaí | 10% |
| c. Trealamh Oifige | 20% |
| d. Trealamh Ríomhaireachta (TF) | 33.3% |

Is ionann an luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofá faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, sa chás go mbeadh an tsócmhainn d'aois agus de riocht a mbeifeá ag súil leo ag deireadh a saoil úsáidigh.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil go bhfuil luach sócmhainne bearnaithe, sonrófar caillteanas bearnaithe sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

### Cúlchistí Caipitil

Is éard atá sna Cúlchistí Caipitil ná an luach gan amúchadh atá ar na deontais chaipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim

Is éard atá in airgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is éard atá i gcoibhéisí in airgead tirim ná infheistíochtaí gearrthéarmacha anleachtacha ar féidir iad a chomhshó go réidh i suimeanna aitheanta airgid thirim, suimeanna nach bhfuil ach mionriosca ann go dtiocfaidh athrú ar a luach.

### Airgeadraí Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí iasachta ag na rátaí malairte ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart atá i gceist.

Pléitear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe le brabúis agus le caillteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadraí iasachtacha agus as socraíocht na suimeanna infhaighte agus iníoctha.

### Sochair na bhFostaith

**Sochair Ghearrthéarmacha:** Sonraítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear na sochair atá carntha ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na nIníocthach sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

**Sochair Scoir:** Roimhe seo, bhunaigh BIM a scéim sochair phinsin deimhnithe féin, a cistíodh go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-thuilltear ó airgead a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil agus ó íocaíochtaí rannpháirteacha a baineadh ó thuarastail bhaill foirne agus tuarastail chomhaltaí. Oibríonn BIM Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") freisin, ar scéim sochair dheimhnithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Achtaíodh an t-Acht um Pinsin Seirbhís Phoiblí (Scéim Singil agus Forálacha Eile) 2012 ar an 28 Iúil 2012 agus thug sé isteach Scéim Phinsin Seirbhís Poiblí Singil ("Scéim Singil") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill gach iontrálaí nua sa tSeirbhís Phoiblí, ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013, den Scéim Singil.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus sonraítear iad de réir ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a choimeádann BIM. Déantar suim a fhreagraíonn don táille pinsin a aithint mar ioncam sa mhéad agus atá sé inaisghabhálta, agus gur féidir é a fhritháireamh in aghaidh deontais a fuarthas sa bhliain chun na híocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus sonraítear athrú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn na ráitis airgeadais luach cóir na sócmhainní agus dliteanas a eascraíonn as ceangaltais pinsin an BIM, mar aon le haon mhaoiniú gaolmhar, agus sonraítear iontu na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar gnóthaíodh ag na fostaithe iad. Déantar dliteanais maidir le scéim shochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

### Soláthairtí

Sonraítear soláthairtí nuair atá ceangaltas reatha dlíthiúil nó inchiallaithe ar an mBord mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an ceangaltas a réiteach agus gur féidir méid na hoibleagáide a mheas go cinnte.

### Suimeanna Teagmhasacha

Ní shonraítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí roimhe seo (i) mura dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó mura féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa amhail an dáta tuairiscithe, nó (ii) má dhéanfar iad a dheimhniú trí imeachtaí neamhchinnte a tharlóidh nó nach dtarlóidh sa todhchaí, nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an Bhoird. Déantar dliteanais theagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais ach amháin más fánach an seans go dtarlóidh eissreabhadh.

Ní shonraítear sócmhainní teagmhasacha. Déantar sócmhainní teagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh de shochair gheilleagracha.

## 2. BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN ANTÁBHACHTACHA CHUNTASAÍOCHTA

Le linn do na ráitis airgeadais seo a bheith á n-ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a chuireann isteach ar fhorfheidhmiú na mbeartas agus ar na suimeanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus bunaítear ar chleachtaí stairiúla agus ar thosca eile iad, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar gur ionchais réasúnta iad sna himthosca. Déanann an Bord meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí. Is annamh go mbeidh na meastacháin chuntasaíochta, faoi mar a thuigfeá, a eascraíonn as, mar an gcéanna leis na fíorthorthaí gaolmhara. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí a bhfuil baol mór ann go dtiocfaidh athrú ó thaobh ábhair de, dá mbarr, ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

**(a) Saolréanna a bhunú chun críocha dímheasa do mhaoin, do ghléasra agus do threalamh**

Is cuid mhór de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolacha, .i. maoin, gléasra agus trealamh den chuid is mó. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin luachanna iarmharacha. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar shaolréanna na sócmhainní agus athraíonn sé iad nuair is gá chun an smaointeoireacht reatha ar na saolréanna atá fágtha a léiriú i bhfianaise úsáid ionchasach geilleagrach agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir le tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar na muirir dhímheasa don tréimhse. Tá mionsonraí faoi shaolréanna úsáideacha curtha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

**(b) Soláthar le haghaidh fiach amhrasach**

Déanann an Bord meastachán maidir le luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an Bord meastacháin atá bunaithe ar chleachtadh stairiúil chun leibhéal na bhfiach a shocrú go mb'fhéidir nach mbaileofaí iad. Cuirtear san áireamh sna meastacháin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an cleachtadh stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar leibhéal riachtanach an tsoláthair.

**(c) Sochar Scoir**

Déanann an Bord na suimeanna atá ag dul dó ón Stát as an dliteanas iarchurtha neamhchistithe pinsin, a shonrú bunaithe ar roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí sin tacaíocht rathúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtadh a bhaineann le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena náirítear an próiseas bliantúil um meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil, agus mar sin do ráthaíocht, i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ¶níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

**(d) Oibleagáidí Sochar Scoir**

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na toimhdí atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha dá ndéantar na suimeanna atá sonraithe sna ráitis airgeadais a leagadh amach (lena náirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta um chostais cúram sláinte) bunaithe ar chúinsí geilleagracha reatha, agus má dhéantar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar scoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar thoimhdí:

(i) Athraíonn an ráta lascaine sa ráta fáltais ar bhannaí corparáideach d'ardchaighdeán.

(ii) Leibhéil chúitimh don todhchaí, coinníollach margaidh lucht saothair todhchaí.

(iii) Rátaí treochta um chostais cúram sláinte, ráta an bhoilscithe de bharr costais leighis i réigiúin ábhartha.

## 3. DEONTAIS AN OIREACHTAIS: AN ROINN TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Vóta 30 - Fo-cheannteideal D5** Forbairt Reatha | | |
| Pá | 7,700 | 7,600 |
| Aoisliúntas | 2,600 | 3,100 |
| Neamhphá | 23,850 | 15,100 |
| **Iomlán Forbartha Reatha** | **34,150** | **25,800** |
| Forbairt Chaipitil | 11,750 | 11,700 |
| | **45,900** | **37,500** |

## 4. DEONTAIS

### Deontais a Fuarthas

| Tionscadal | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Interreg | 334 | 592 |
| | **334** | **592** |

### Deontais a caitheadh

| | | | | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **Tuarastail** | **Neamhphá** | **Deontais** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| Interreg | 32 | 13 | - | 45 | 319 |
| | **32** | **13** | **-** | **45** | **319** |

Cuireadh fáltais uile an AE i bhfeidhm le linn na bliana agus bhain siad le caiteachas ar fhorbairt reatha tionscail. Baineann an difríocht, de €289,000, idir na deontais a fuarthas agus na deontais a caitheadh le difríochtaí ama i riar na néileamh le haghaidh maoinithe scéime.

## 5. TORTHAÍ OIBRIÚCHÁIN MAIDIR LE SOLÁTHAR OIGHIR

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Láimhdeachas** | **341** | **386** |
| Lúide: Pánna | (486) | (477) |
| Lúide: Costais oibriúcháin | (482) | (320) |
| Lúide: Costais riaracháin | (147) | (87) |
| **Caiteachas Iomlán ar Ghléasraí Oighir*** | **(1,115)** | **(884)** |
| **(Easnamh)/Barrachas ar oibríochtaí** | **(774)** | **(498)** |

*Ní áirítear sa chaiteachas iomlán muirir dhímheasa ar shócmhainní seasta gléasraí oighir de €16,000 sa bhliain (2020: €14,000).

Tabhair do d'aire: Rinne Bord BIM meastachán ar chás gnó le haghaidh oibriúcháin ionad oighir don todhchaí in 2021 atá á mheas ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi láthair.

## 6. IONCAM EILE

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Riaracháin - lena n-áirítear Cíos Infhaighte | 32 | 11 |
| Ioncam Riaracháin - Tionscnamh Dobharshaothraithe | - | 57 |
| Ioncam Iascaigh Mhara | 210 | 222 |
| Comhairle Uiscí an Iarthuaiscirt | 16 | 16 |
| Ioncam ó Oiliúint | 294 | 198 |
| Aisíocaíochtaí ar Dheontais Iascaigh Mhara | 43 | 3 |
| Fáltais ó Dhíol Sócmhainní | 1 | 1 |
| | **596** | **506** |

## 7. CAITEACHAS FORBARTHA CAIPITIL TIONSCAIL

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| **Tionscadal** | | |
| Iascaigh Mhara | 3,810 | 7,716 |
| Dobharshaothrú | 2,821 | 2,287 |
| Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta | 2,641 | 1,169 |
| | **9,272** | **11,172** |

## 8. CAITEACHAS FORBARTHA CAIPITIL TIONSCAIL

### (a) Development

| | | | | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **Tuarastail** | **Neamhphá** | **Deontais** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| Iascaigh Mhara | 2,697 | 4,316 | 10,986 | 17,999 | 7,969 |
| Dobharshaothrú | - | - | 97 | 97 | 2,252 |
| Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta | 1,179 | 2,742 | 416 | 4,337 | 3,287 |
| Cúnamh Teicniúil (EMFF) | 498 | 364 | - | 862 | 1,000 |
| Seirbhísí Forbartha Scileanna | 1,264 | 1,094 | 112 | 2,470 | 2,580 |
| Cúrsaí Cumarsáide | 320 | 223 | - | 543 | 548 |
| | **5,958** | **8,739** | **11,611** | **26,308** | **17,636** |

### (b) Riarachán

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Tuarastail | 1,675 | 1,894 |
| Baill Foirne Riaracháin Taistil | 24 | 29 |
| Costais Táillí agus Taistil Chomhaltaí an Bhoird | 60 | 30 |
| Cíos, Rátaí agus Deisiúcháin | 185 | 146 |
| Guthán, Postas agus Páipéarachas | 215 | 197 |
| Próiseáil Sonraí (TF) | 1,319 | 780 |
| Cumhacht, Soilse agus Glantóireacht | 112 | 110 |
| Táillí Dlí, Gairmiúla agus Sainchomhairleoirí | 946 | 654 |
| Táille Iniúchta | 32 | 32 |
| Tuarascáil Bhliantúil | 15 | 10 |
| Árachas | 88 | 82 |
| Fógraíocht & Urraíocht | 3 | 55 |
| Costais Oiliúna agus Forbartha Foirne | 333 | 345 |
| Ilnithe, Costais Ghinearálta agus Suibscríbhinní Trádála | 254 | 157 |
| | **5,261** | **4,521** |

### (c) Dímheas

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas i rith na bliana | 1,244 | 1,109 |
| | **32,813** | **23,266** |

## 9. COSTAIS FOIRN

Gearrtar tuarastail foirne i gcaitheamh na bliana ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim Reatha faoi na ceannteidil seo a leanas. Gearrtar pá Oibreoirí na nGléasraí Oighir ar chostais reatha na nGléasraí Oighir (Féach Nóta 5).

### (a) Tuarastail Foirne de réir Rannáin

| | Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2021 | 2021 € '000 | Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2020 | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Tuarastail Forbartha Iascach – Nóta 8(a) | 38 | 2,697 | 46 | 2,880 |
| Tuarastail Dobharshaothraithe – Nóta 8(a) | - | - | - | - |
| Tuarastail Forbartha Gnó & Nuála - Nóta 8(a) | 20 | 1,179 | 18 | 1,051 |
| Tuarastail Forbartha Seirbhísí Oiliúna - Nóta 8 (a) | 22 | 1,264 | 14 | 1,377 |
| Tuarastail Cumarsáide – Nóta 8(a) | 5 | 320 | 5 | 306 |
| Seirbhísí Corparáideacha – Nóta 8(b) | 28 | 2,129 | 33 | 2,300 |
| Tuarastail na nGléasraí Oighir – Nóta 5 | 9 | 486 | 9 | 477 |
| | **122** | **8,075** | **125** | **8,391** |

Áiríodh tuarastail de €498,000 a bhaineann le foireann ar coinníodh faoin Scéim Chabhrach Teicniúla (2020: Áirítear €667,000), arna gcistiú ag cúnamh deontais EMFF, san aonad Seirbhísí Corparáideacha do 2021. Áiríodh tuarastail de €28,000 a bhaineann le foireann ar coinníodh faoi na scéimeanna Áirítear ragobair de €44,000 (2020: €47,000) agus liúntais ar bord €1,000 (2020: €3,000) sa mhéid thuas.

Tá Tuarastail Dobharshaothraithe mar chuid d'Iascaigh Mhara anois, rud a chuimsíonn Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha agus Aonaid Ghnó na Seirbhísí Teicniúla Mara.

### (b) Pinsin a Íocadh sa Bhliain

Is iad is pinsinéirí iontu ná íocaíochtaí pinsin a dhéantar le baill foirne BIM atá ar scor (Féach Nóta 19).

| | | 2021 € '000 | | 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pinsinéirí | 129 | 2,357 | 129 | 2,206 |
| Íocaíochtaí Cnapshuime | | 217 | | 880 |
| | **129** | **2,574** | **129** | **3,086** |

Baineadh tobhach pinsin €249,000 ó bhaill foirne agus íocadh é leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tar éis rialú an AE in 2008 rinneadh ball seasta foirne de gach ball foirne ar conradh a bhí i dteideal conartha thréimhse éiginnte. Áirítear na baill foirne seo le líon na mball foirne atá údaraithe ag BIM, mar a comhaontaíodh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

### (c) Mionsonrú ar Shochair na bhFostaithe

| Raon iomlán na bhfostaithe | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2021 | 2020 |
| €60,000 | €69,999 | 35 | 35 |
| €70,000 | €79,999 | 7 | 11 |
| €80,000 | €89,999 | 11 | 9 |
| €90,000 | €99,999 | 5 | 1 |
| €100,000 | €109,999 | - | - |
| €110,000 | €119,999 | - | - |
| €120,000 | €129,999 | - | - |
| €130,000 | €139,999 | 1 | 1 |

## 10. TUARASTAL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS AN PO

| | | Táillí 2021 €'000 | Táillí 2020 €'000 | Costais Taistil 2021 €'000 | Costais Taistil 2020 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Kieran Calnan<br>(Téarma idir an 13 Meitheamh 2019 agus an 12 Meitheamh 2021) | An Cathaoirleach | - | - | - | 3 |
| Lisa Vaughan<br>(Téarma idir an 19 Meitheamh 2020 agus 18 Meitheamh 2022) | Stiúrthóir | 8 | 8 | 1 | 1 |
| William Deasy<br>(Téarma 26 Iúil 2017 go dtí 25 Iúil 2020)<br>(Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 18 Samhain 2023) | Stiúrthóir | 8 | 5 | 1 | 3 |
| Jean Callanan<br>(Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 18 Samhain 2023) | Stiúrthóir | 8 | 1 | 1 | 1 |
| Aaron Forde<br>(Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 18 Samhain 2023) | Stiúrthóir | 1 | 1 | - | 1 |
| Marie Gleeson<br>(Téarma idir an 19 Samhain 2020 agus an 18 Samhain 2023) | Stiúrthóir | 8 | 1 | 1 | - |
| George Golden<br>(Téarma 29 Meán Fómhair 2021 to 28 Meán Fómhair 2024) | Stiúrthóir | 2 | - | 1 | - |
| | | 35 | 16 | 5 | 9 |

Bhí 11 lánchruinniú ag an mBord in 2021. D'fhreastail Comhaltaí Boird ar chruinnithe agus imeachtaí eile lasmuigh de chruinnithe an Bhoird agus Cruinnithe Iniúchóireachta thar ceann BIM.

| | Freastal an Bhoird 2021 | Cruinnithe Eile 2021 |
|---|---|---|
| Kieran Calnan | (5/5) | 2 |
| Lisa Vaughan | (10/10) | 5 |
| William Deasy | (10/10) | - |
| Jean Callanan | (10/10) | - |
| Aaron Forde | (1/1) | - |
| Marie Gleeson | (10/10) | - |
| George Golden | (3/3) | - |

| | Tuarastal 2021 € '000 | Tuarastal 2020 €'000 |
|---|---|---|
| POF (Jim O'Toole) | 136 | 134 |
| | 136 | 134 |

Is ball an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de scéim sochair sainithe BIM and Íocadh costais de €7,000 leis an POF le haghaidh 2021 freisin.

## 11. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Iomlán €'000 | Talamh agus Áitribh €'000 | Gléasra agus Innealra €'000 | Sócmhainní le linn tógála €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Gléasanna agus Trealam €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 31,546 | 6,623 | 5,048 | 164 | 395 | 19,316 |
| Breiseanna | 1,890 | 139 | 753 | | 71 | 927 |
| Aistriú* | - | - | 164 | (164) | - | - |
| Diúscairtí | (84) | - | - | - | (84) | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **33,352** | **6,762** | **5,965** | **-** | **382** | **20,243** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 28,024 | 5,851 | 4,336 | - | 341 | 17,495 |
| Muirear don Bhliain | 1,244 | 159 | 196 | - | 36 | 853 |
| Diúscairtí | (84) | - | - | - | (84) | - |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **29,183** | **6,010** | **4,532** | **-** | **293** | **18,348** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2021** | **4,169** | **752** | **1,433** | **-** | **89** | **1,895** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2020** | **3,522** | **772** | **711** | **164** | **54** | **1,821** |

*Tagraíonn sócmhainní atá á thógáil faoi láthair don tiomantas caipitil sonraithe ar an 31 Nollaig 2020.

## 12. INFHÁLTAI

| | 2021 € '000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais Eile | 406 | 554 |
| Réamhíocaíochtaí | 434 | 391 |
| | **840** | **945** |
| Lúide: Soláthar le haghaidh Fiach Amhrasach | (15) | (27) |
| | **825** | **918** |

## 13. INÍOCTHAIGH (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Iarchurtha | 54 | 54 |
| Iníocthaigh agus fabhruithe trádála | 1,388 | 2,565 |
| Fabhruithe Deontai | 8,649 | 482 |
| | **10,091** | **3,101** |

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunaidh. Na suimeanna eile a chuirtear san áireamh i gcreidiúnaithe, nach bhfuil cumhdaithe ag nochtadh nótaí ar leith, is suimeanna neamhurraithe iad atá gan ús agus iníoctha ar éileamh.

## 14. CEANGALTAIS LÉASA

Amhail an 31 Nollaig 2021 bhí na híocaíochtaí íosta todhchaíocha léasa seo a leanas ag BIM, faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chealú, do na tréimhsí seo a leanas:

| | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 17 | 17 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain suas le cúig bliana | 53 | 65 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 19 | 19 |
| | **89** | **101** |

Chuaigh an léas reatha ar Cheannoifig BIM i nDún Laoghaire in éag i mí Mheán Fómhair 2016 agus in 2019 cuireadh idirbheartaíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí i gcrích, agus dá barr sin rinne BIM comhaontú áitíochta eile ag tosú ar an 1 Iúil 2019.

## 15. CÚLCHISTÍ CAIPITIL

| | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 3,522 | 3,386 |
| **Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachas** | | |
| Maoiniú Bhreiseanna Sócmhainní | 1,891 | 1,245 |
| Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní | (1,244) | (1,109) |
| **Aistriú chuig an Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | **647** | **136** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **4,169** | **3,522** |

## 16. DLITEANAIS AGUS CEANGALTAIS THEAGMHASACHA

Ní raibh aon dliteanais agus ceangaltais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2021, a d'eascair as seo a leanas:

(a) Ag deireadh na bliana bhí iarratais ar dheontais ann nach raibh formheasta, agus nach bhfuarthas aon iarratas ina leith.

Ba iad na hiarmhéideanna maidir leis na háiseanna airgeadais seo a faomhadh ach nár úsáideadh ar an 31 Nollaig ná:

| | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iascaigh | 5,454 | 7,000 |

(b) Tá BIM rannpháirteach i dtrí chás dlí atá ar siúl faoi láthair. Rinneadh foráil sna ráitis airgeadais maidir le ceann de na cásanna seo.

## 17. TIONSCNAMH DOBHARSHAOTHRAITHE TRASTEORANN

Dobharshaothraithe Trasteorann arna thacú ag an gClár Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas a chorprú in 1998 mar Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (EEIG) agus a chlárú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Tá sé faoi chomhúinéireacht BIM agus Bhia Mara Thuaisceart Éireann Teoranta (Northern Ireland Seafood Limited).

Comhdaítear ráiteas bliantúil leis an CRO (IG8) agus síníonn ballraíocht an GELE é, Bluett Conran a iniúchann na cuntais don Tionscnamh Dobharshaothraithe.

Chríochnaigh an Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann a chuid oibríochtaí ar an 31 Nollaig 2020 agus cuirfear tús leis an bpróiseas leachtaithe, trí iarratas Ard-Chúirte, in 2021.

## 18. CISTE COTHROMAIS BHEANNTRAÍ

Bhunaigh an Rialtas an ciste faoi leith seo le forbairt thionscal dobharshaothraithe réigiún Bheanntraí a chur chun cinn tar éis dhúnadh Chríochfort Ola Fhaoide. Sealbhaítear na scaireanna uile in ainm an Aire Airgeadais. Ní féidir luach na scaireanna seo a mheas go cruinn de bharr go mbraitheann sé ar fheidhmíocht na bhfiontar.

Sealbhaíodh na hinfheistíochtaí seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2021:

| | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Kush Seafarms Teoranta | 19 | 19 |
| Fastnet Mussels Teoranta | 19 | 19 |
| | **38** | **38** |

## 19. COSTAIS SHOCHAIR SCOIR

### (a) Costais Scoir

Anailís ar na costais iomlána shochar scoir a gearradh ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2021 € '000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 2,439 | 2,413 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin | 799 | 980 |
| Ranníocaíochtaí Fostaí | (398) | (394) |
| | **2,840** | **2,999** |

### (b) Gluaisteacht i nglan-Oibleagáidí Shochar Scoir

| | 2021 € '000 | 2020 €'000 |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | 84,132 | 78,749 |
| Costas Glan Seirbhíse Reatha | 2,041 | 2,019 |
| Rannchuidithe Fostaithe | 398 | 394 |
| Ús ar Dhliteanais Scéime Pinsin | 799 | 980 |
| Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach | 4,593 | 5,077 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (2,573) | (3,087) |
| Íocaíocht i leith aistriú seirbhíse go tríú páirtí | - | - |
| | **89,390** | **84,132** |

### Toimhdí Airgeadais

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe na dtuarastal | 3.60% | 2.90% |
| Ráta méadaithe na bpinsean á n-íoc | 3.10% | 2.40% |
| Ráta Lascaine | 1.40% | 0.95% |
| Ráta Boilscithe | 2.10% | 1.40% |

Ligeann bonn na básmhaireachta a nglactar leis d'fheabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht aimsire. Mar sin de, braithfidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliain a bhaineann ball aois scoir amach (65 bliain d'aois). Taispeántar sa tábla thíos an meánionchas saoil ualaithe a úsáidtear chun oibleagáidí sochair na mball a leagadh amach.

| Bliain a baineadh aois 65 bliain amach | 2021 | 2041 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 21.8 | 24.1 |
| Ionchas saoil – mná | 24.2 | 26.2 |

### (c) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Breathnaíonn an Bord ar na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha gan mhaoiniú le haghaidh pinsean de réir na sraithe toimhdí a mhínítear thíos agus roinnt imeachtaí a tharla san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bonn reachtúil um bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le maoiniú pinsean na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo na suimeanna seo amach mar is dual dó de réir an chleachtais reatha.

| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean in | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha | 3,238 | 3,393 |
| Deontas Stáit caite le pinsinéirí a íoc agus aistriú seirbhíse | (2,573) | (3,087) |
| | **665** | **306** |

### (d) Stair na nDlitinis Scéime agus na ngnóthachan/(caillteanais) Taithí

| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean in | 2021<br>€ '000 | 2020<br>€ '000 | 2019<br>€ '000 | 2018<br>€ '000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sainithe sochair | 89,390 | 84,132 | 78,619 | 71,082 | 73,606 |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais phlean | 653 | 338 | (980) | (1,317) | (768) |
| Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais phlean | 0.7% | 0.4% | (1.2%) | (1.9%) | (1.0%) |

### (e) Scéim Pinsin

Feidhmíonn BIM scéim aoisliúntais sochair sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn ó na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe iad, de réir glan-ranníocaíochtaí aoisliúntais na bhfostaithe, sa bhliain a bhíonn siad le híoc. Leagtar amach na torthaí thuas ar luacháil achtúireach de dhliteanais pinsin maidir le foireann BIM atá ag obair, atá scoite nó básaithe ar an 31 Nollaig 2021. Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil seo.

### (f) Scéim Aonair

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin gairme d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ó 2013 i leith. Is scéim sochar sainithe atá ann, le sochair scoir bunaithe ar meánphá gairmréime. Gnóthaíonn an scéim sochair pinsin agus sochair chnapshuime scoir do gach ball den scéim. Fabhraíonn na sochair airgid seo, ar a nglaoitear "suimeanna inghairthe", mar chéatadáin de phá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inghairthe fabhraithe gach bliain a luacháil go bliantúil go dtí scor ag teacht le méaduithe boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean bliantúil a bhronntar ar scor agus iomlán carnach suimeanna inghairthe pinsean bhall den scéim agus, ar an gcuma chéanna, is ionann an cnapshuim a bhronntar agus iomlán suimeanna inghairthe chnapshuime bhall den scéim.

## 20. LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh Chomhaltaí an Bhoird faoi leasanna agus comhlíonadh na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Níor nocht Comhaltaí Boird leasanna in am ar bith in 2021.

## 21. NOCHTADH PÁIRTÍ BAINTIGH

Is ionann na príomhphearsanra bainistíochta i BIM agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Bord na Stiúrthóirí. B'ionann iomlán an chúitimh a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin, agus €184,000 (2020: €164,000).

Chun briseadh síos a fháil ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, déan tagairt le do thoil le Nóta 9(d).

Glacann BIM nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh BIM deontais a fhormheas nó dul isteach i socruithe conarthacha le heintitis ina bhfuil comhaltaí Boird an BIM fostaithe nó a bhfuil leas eile acu iontu.

## 22. GNÓTHAS LEANTACH - COVID-1

Leanann BIM air ag bainistiú cúinsí athraitheacha maidir le paindéim COVID-19. Baineann an próiseas seo leis na prótacail is déanaí ón Rialtas a leanúint agus cinnte a dhéanamh go bhfuil maoluithe cuí i bhfeidhm le Creat Bainistíochta Riosca BIM. Tá plean teagmhais COVID-19 i bhfeidhm agus déanann foireann shinsearach ceannaireachta é a bhainistiú agus a nuashonrú.

## 23. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAI

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ag an gcruinniú ar an 29th Meitheamh 2022.

BIM

Ireland's
Seafood
Development
Agency

bim.ie